



Ag cur an chroí sa chúram sláinte

Vhi Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2021

Ionad Sláinte Vhi 360
suaithianta nua, a bhfuil
achar 5,000 méadar cearnach
ann, i gCarraig Mhaighin,
Baile Átha Cliath.

Clár ábhair

Bord Stiúrthóirí Vhi	4
Foireann Bainistíochta	6
Athbhreithniú an Chathaoirligh	11
Athbhreithniú ar Oibríochtaí Vhi	17
Tuarascáil na Stiúrthóirí don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2021	24
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	34
Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleách do Chomhaltaí an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh	35
Cuntas Comhdhlúite Ioncaim agus Caiteachais don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021	38
Clár Comhardaithe Comhdhlúite amhail an 31 Nollaig 2021	39
Clár Comhardaithe Bhord Vhi amhail an 31 Nollaig 2021	41
Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021	42
Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach Bhord Vhi don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021	42
Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas amhail an 31 Nollaig 2021	43
Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021	43
Ráiteas Bhord Vhi ar Athruithe ar Chothromas amhail an 31 Nollaig 2021	44
Ráiteas Bhord Vhi ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021	44
Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais	45
Bainistíocht Fuinnimh agus Inbhuanaitheacht	74
Sonraí na Cuideachta	76



Tháinig méadú
ar ár mballraíocht
den seachtú bliain
as a chéile.

1,154,100

Baill +22,200

€1.589bn

Préimh Thuillte Chomhlán +€83m

€1.296bn

Méid Comhlán na nÉileamh a Íocadh +€149m



Bord Stiúrthóirí Vhi

Paul O’Faherty, Cathaoirleach, Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin

Is achtúire é Paul O’Faherty agus is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin é ar roinnt cuideachtaí i réimsí na seirbhísí airgeadais agus na hinfeistíochta. Go dtí 2013, bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Mercer Ireland agus ina Chathaoirleach ar chuideachtaí Marsh McLennan in Éirinn. I gcaitheamh a thréimhse mar shainchomhairleoir in Mercer, chuir sé comhairle ar an Roinn Sláinte ar feadh na mblianta fada maidir le saincheisteanna árachais sláinte. Is Comhalta de Chumann na nAchtúirí in Éirinn é agus bhí sé ina Uachtarán air. Chomh maith leis sin, is iarChathaoirleach é ar Chumann Cistí Pinsean na hÉireann.

Declan Moran, Príomhfheidhmeannach Eatramhach an Ghrúpa

Tháinig Declan go Vhi in 1997 ón tionscal árachais saoil agus pinsean agus ceapadh ar Bhord Stiúrthóirí Vhi é in 2008. D’fhóin sé mar Phríomhfheidhmeannach Gníomhach ó mhí na Samhna 2011 go dtí mí Iúil 2012, agus mar Phríomhfheidhmeannach Gníomhach an Ghrúpa ó Eanáir 2020 go dtí Iúil 2020. Roimhe sin bhí sé freagrach as an tairiscint do chustaiméirí atá ag Vhi lena n-áirítear margaíocht, punann táirgí Vhi agus forbairt táirgí agus seirbhísí nua. Tá BSc san Eolaíocht Ríomhaireachta ag Declan Moran agus is Comhalta d’Institiúid na nAchtúirí é ó 1994 i leith, agus comhalta d’Institiúid na Stiúrthóirí.

Joyce Brennan, Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin

Is achtúire í Joyce Brennan a bhfuil taithí breis agus 30 bliain aici ar fud na n-earnálacha árachais agus pinsean. Tá sí ina Stiúrthóir Bainistíochta ar General Investment Trust DAC, cuideachta laistigh de Ghrúpa Bhanc na hÉireann a sholáthraíonn seirbhísí iontaobhais gairmiúla do phleananna pinsin. Is Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ar chuideachta athárachais í freisin. I measc na ról a bhí aici roimhe seo, bhí sí ina comhairleoir leis an Údarás Árachais Sláinte, ina comhairleoir leis an Roinn Sláinte maidir le rialáil árachais sláinte phríobháidigh, ina stiúrthóir ag Irish Pensions Trust Ltd, ina stiúrthóir ag KPMG agus ina Príomhaí ag Mercer.

Peter Cross, Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin

Tá Peter Cross ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Trasna Corporate Finance, gnólacht comhairleach a dhíríonn ar theileachumarsáid agus infreastruchtúr, agus is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin é ar Cubic Telecom, ar DAA agus ar roinnt sócmhainní fuinnimh gaoithe arna mbainistiú ag Arjun Infrastructure. Roimhe sin bhí Peter ina stiúrthóir ag Eriva agus ina chathaoirleach ar choiste iniúchóireachta an ghnólaigh sin, agus ina chathaoirleach ar choiste iniúchóireachta FSS. Sular bhunaigh sé Trasna, bhí Peter ina Phríomhoifigeach Airgeadais le eircom agus le BT Openreach, ina Stiúrthóir Grúpa um Airgeadas Corparáideach ag BT agus ina iontaobhaí ar scéim pinsean sochair shainithe BT. Bhí sé ag plé le hairgeadas corparáideach ag Barings agus Morgan Stanley agus cháiligh sé mar chuntasóir cairte le Arthur Andersen i mBaile Átha Cliath.

Mike Frazer, Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin

Is achtúire é Mike Frazer a bhfuil taithí breis agus 30 bliain aige sa tionscal árachais. Bhíodh sé ag obair den chuid is mó le Irish Life le Zurich Life agus mar Phríomhfheidhmeannach ar AXA Life Invest Reinsurance. Ina theannta sin, bhíodh sé ag obair le Banc Ceannais na hÉireann áit a raibh sé ina Leas-Cheannaire ar Mhaoirseacht Árachais. Bionn sé ag obair faoi láthair mar chomhairleoir le William Fry Solicitors, agus is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin é ar chuideachta árachais neamhshaoil. Ó 2018 go 2021, bhí sé ina Rúnaí Oinigh ar Chumann na nAchtúirí in Éirinn.

Karen Furlong, Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin

Tá taithí mhaith ag Karen Furlong ar obair stiúrthóra agus taithí 30 bliain ag obair le seirbhísí airgeadais (árachas agus bainc éireacht), teicneolaíocht an airgeadais, seirbhísí gairmiúla agus eagraíochtaí neamhbhrabúis. Tá saineolas aici ar athrú ó bhonn sa réimse digiteach, straitéis, athrú agus bunathrú chun feabhais, rialachas agus riosca. Bhíodh sí ag obair le Standard Life, le comhairleoirí straitéise Prospectus, le Fineos, le First-e Internet Bank, leis an gCumann Oideach Foirgníochta, le CUNA Mutual agus le Allianz agus d’fhóin sí ar bhoird ECO Unesco, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha. Faoi láthair tá sí ina cathaoirleach ar AirPOS SaaS agus is stiúrthóir neamhspleách neamhfheidhmiúcháin í leis an Progressive Building Society, le Triodos Bank agus leis an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) i mBaile Átha Cliath.

**Paul
O’Faherty**

**Declan
Moran**

**Joyce
Brennan**

**Peter
Cross**

**Mike
Frazer**

**Karen
Furlong**



Mary Halton, Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin

Is Cuntasóir Cairte í Mary Halton a bhfuil raon taithí aici ar obair feidhmiúcháin, neamhfheidhmiúcháin agus chomhairleach, taithí a fuair sí sa Ríocht Aontaithe, i gCeanada agus in Éirinn. Is í réimsí na baincéireachta agus an árachais a bhíodh sí ag obair, agus anois soláthraíonn sí seirbhísí comhairleacha agus rialachais boird d'eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach. Tá PhD aici sa Bheartas Poiblí agus MSc sa Cheannaireacht Feidhmiúcháin, agus foilsíodh i dtíortha éagsúla a saothair thaighde ar rialachas boird. Tá Mary ina comhalta tuata de Bhinse Cóipchirt na Ríochta Aontaithe faoi láthair.

Dean Holden, Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin

Is comhairleoir sinsearach é Dean Holden do AMP Capital Investors Ltd. Chaith sé 29 bliain le Bupa áit a raibh sé freagrach as fás agus forbairt an ghnó árachais sláinte, an ghnó cúraim do dhaoine scothaosta agus an ghnó seirbhísí sláinte ar fud na hAstráile agus na Nua-Shéalainne. Bhí sé i gceannas ar oibríochtaí Bupa san Astráil, sa Nua-Shéalainn, i Meiriceá Laidineach, sa Spáinn, san Araib Shádach, i Singeapór, i Hong Cong, i Stáit Aontaithe Mheiriceá, sa Danmhairg agus sa Téalainn. Bhí réimse ról sinsearach aige, lena n-áirítear Rialtóir Airgeadais an Ghrúpa, Stiúrthóir Bainistíochta Bupa i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, Stiúrthóir Bainistíochta Rannán Idirnáisiúnta Bupa agus Stiúrthóir Bainistíochta Rannán Margaí Idirnáisiúnta Bupa. Ina theannta sin, bhí sé ina Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin ar Fhondúireacht Craicinn agus Ailse na hAstráile go dtí deireadh na bliana 2021. Rugadh Dean sa Ríocht Aontaithe agus cuireadh oideachas air ansin. Is Cuntasóir Deimhnithe Cairte (FCCA) é, rinne sé staidéar sa Lárionad um Chlú Corparáideach in Ollscoil Oxford agus bhí sé ag gabháil don Ard-Chlár Bainistíochta i Scoil Ghnó Wharton sna Stáit Aontaithe.

Finbar Lennon, Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin

Is céimí leighis de chuid UCD é Finbar Lennon agus cuireadh faoi oiliúint iarchéime mháinliachta é i Londain, in Edmonton (Ceanada) agus i mBaile Átha Cliath. Bhí sé ag obair mar mháinlia ginearálta comhairleach in Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha (1983–2012). Ó 2009 go 2012 bhí sé ag obair in Ospidéal Beaumont agus in Ospidéal an Mater i mBaile Átha Cliath freisin, mar mháinlia brollaigh speisialtachta. Ba é an Stiúrthóir Leighis é i nDroichead Átha (1992–1998), ba é an Comhairleoir Leighis é le Bord Sláinte an Oirthuaiscirt (1997–2004) agus bhí sé ina chomhairleoir leighis ag an Ard-Rúnaí sa Roinn Sláinte (2012–2014). Ba chomhalta é den Choiste um Iompar Gairmiúil de chuid Chumann Cógaiseoirí na hÉireann agus d'fhóin sé ar a Choiste um Fhorbairt Cleachtais (2012–2016). Is léachtóir oinigh le máinliacht sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath é faoi láthair agus glacann sé páirt sa chlár teagaisc fochéime.

Greg Sparks, Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin

Is iar-chomhpháirtí é Greg Sparks de chuid RSM Farrell Grant Sparks. Tá roinnt ceapacháin Bhoird ag Greg san earnáil phríobháideach sa bhaile agus thar lear agus tá sé ina Chathaoirleach ar Ionad Taighde SFI VistaMilk faoi láthair. Bhí Greg ar Bhoird Joe Duffy Motors, Digicel, The Irish Times agus Eir. Ina theannta sin, bhí sé ina chathaoirleach ar Ospidéal an Coombe ar feadh roinnt blianta.

Brian Walsh, Stiúrthóir, Airgeadas

Tháinig Brian go Vhi i mí na Samhna 2014 mar Stiúrthóir Airgeadais agus ceapadh ar an mBord é i mí an Mhárta 2015. Sular thosaigh sé ag obair le Vhi, bhí sé ag obair le Ornua, cuideachta dhomhanda bia agus comhábhar, atá lonnaithe in Los Angeles. Roimhe sin, bhí Brian i gceannas ar chiste cothromais phríobháidigh, ciste ar éirigh go geal leis agus a bhí dírithe go príomha ar mhargaí ar fud na hEorpa a fhorbairt. Bhí ról Bhoird agus ról feidhmiúcháin airgeadais agus tráchtála aige i dtionscail idirnáisiúnta na seirbhísí airgeadais, na teileachumarsáide agus FMCG san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe le mórchuideachtaí ar nós Citibank, Deutsche Telekom agus eir. Bhain Brian a cháiliocht amach le PwC, is Comhalta é de chuid Chuntasóirí Cairte Éireann agus is Stiúrthóir Cairte de chuid Institiúid na Stiúrthóirí é. Tá céim agus iarchéim sa ghnó aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

**Mary
Halton**

**Dean
Holden**

**Finbar
Lennon**

**Greg
Sparks**

**Brian
Walsh**



Foireann Bainistíochta

Declan Moran, Príomhfheidhmeannach Eatramhach an Ghrúpa

Tháinig Declan go Vhi in 1997 ón tionscal árachais saoil agus pinsean agus ceapadh ar Bhord Stiúrthóirí Vhi é in 2008. D'fhóin sé mar Phríomhfheidhmeannach Gníomhach ó mhí na Samhna 2011 go dtí mí Iúil 2012, agus mar Phríomhfheidhmeannach Gníomhach an Ghrúpa ó Eanáir 2020 go dtí Iúil 2020. Roimhe sin bhí sé freagrach as an Tairiscint do Chustaiméirí atá ag Vhi lena n-áirítear margaíocht, punann táirgí Vhi agus forbairt táirgí agus seirbhísí nua. Tá BSc san Eolaíocht Ríomhaireachta ag Declan Moran agus is Comhalta d'Institiúid na nAchtúirí é ó 1994 i leith, agus comhalta d'Institiúid na Stiúrthóirí.

Amy Burke, Stiúrthóir, Acmhainní Daonna an Ghrúpa

Tá taithí mhaith ag Amy Burke ar an obair mar fheidhmeannach Acmhainní Daonna agus is í atá freagrach as an gclár oibre um chultúr agus comhghleacaithe in Vhi. Sular thosaigh sí le Vhi i mí Aibreáin 2020, bhí Amy ina Ceannaire Eatramhach ar Acmhainní Daonna do Ghrúpa Bhanc na hÉireann. Bhí sí i gceannas ar mhórchlár bainistíochta athruithe lena n-áirítear cultúr eagraíochtúil, pleanáil tallainne agus comharbais agus clár deartha eagraíochtúla. Chuir sí tús lena gairm bheatha le Banc na hÉireann agus í ag plé le baincfeireacht mhiondíola agus ansin thosaigh sí ag díriú go sonrach ar Acmhainní Daonna. Agus í ag obair sa réimse sin, bhí sí ina Stiúrthóir Acmhainní Daonna leis an bhFeidhm Mhiondíola, le Feidhm na Ríochta Aontaithe, leis an bhFeidhm Margaí Caipitil agus le Grúp-Fheidhm an Bhainc. Tá BSc san Airgeadas ag Amy ó UCC agus is céimí í freisin de chuid Scoil Ghnó Ross, Ollscoil Michigan.

An Dr Bernadette Carr, Stiúrthóir, Leigheas, MD, FRCPI, MPH, LFOM

Is lia í Bernadette Carr a bhfuil taithí fhairsing aici ar an leigheas cliniciúil, ar thaighde agus ar bhainistíocht cúraim sláinte. Tá sí creidiúnaithe sa Leigheas Ginearálta agus sa Leigheas Geiriatrach agus tá sí ar Chlár na Speisialtóirí de chuid Chomhairle na nDochtúirí Leighis in Éirinn. Tá oiliúint fhairsing ar Bernadette sa Bhainistíocht, sa Leigheas Cliniciúil agus san Epidéimeolaíocht in Éirinn agus thar lear agus tá taithí fhairsing aici ar na réimsí sin uile. I measc a cuid cáilíochtaí tá Dochtúireacht sa Leigheas ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ceadúnach den Dámh um Míochaine Shaothair, RCPI, Máistreacht sa tSláinte Phoiblí, Dioplóma sa Deirmeolaíocht Phraiticiúil (Caerdydd) agus Teastas Ardbhainistíochta ó INSEAD. Toghadh í ina Comhalta de Choláiste Rioga na Lianna in Éirinn in 1996. Tháinig sí go Vhi sa bhliain 1994 agus, ina ról mar Stiúrthóir Leighis, tá sí freagrach as beartas leighis, ceannach cúraim sláinte, sceidil um sholáthraithe a aisíoc agus idirbheartaíocht ó thaobh conarthaí le soláthraithe.

Ronan Fitzpatrick, Príomhoifigeach Faisnéise

Is Feidhmeannach TF é Ronan a bhfuil taithí beagnach 30 bliain aige lena n-áirítear cúig bliana taithí ar an gcomhairleoireacht. Tháinig sé go Vhi i mí an Mheithimh 2021 ó PwC Technology Consulting áit a raibh sé ina Stiúrthóir ar Ghnéithe Digiteacha agus a mbíodh sé ag obair le roinnt de na brandaí/cliaint is fearr aithne i margadh na hÉireann. Roimhe sin bhí Ronan ag obair in Aer Lingus, áit a raibh roinnt ról aige ag plé le cúrsaí tráchtála/gnó agus TF, lena n-áirítear ról mar Stiúrthóir ar Ghnéithe Dhigiteacha agus Móibleacha agus Stiúrthóir na bhFeidhmchlár Fiontraíochta TF. Tá saineolas fhairsing ag Ronan ar an athrú ó bhonn, ar spriocshamlacha oibriúcháin nua a shainiú don ré dhigiteach, ar bhealaí nua oibre a bhunú, ar sholáthar sa réimse TF agus ar réiteach fadhbanna gnó trí leas a bhaint as teicneolaíochtaí cuí atá ann cheana agus cinn atá ag teacht chun cinn i dtimpeallachtaí iomaíocha tráchtála. Tá BSc sa Ríomhaireacht Feidhmeach ag Ronan ó Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.

Aaron Keogh, Stiúrthóir Bainistíochta, Vhi Healthcare

Is é Aaron atá freagrach as Díolacháin, Seirbhís, Margaíocht agus Forbairt Gnó i dtaca le gach custaiméir corparáideach agus aonair de chuid Vhi Healthcare. Tháinig Aaron go Vhi in 2003 agus bhí réimse leathan ról aige san eagraíocht, agus é ag fónamh go príomha mar cheannaire ar na foirne díola agus seirbhíse do chustaiméirí, foirne a bhfuil duaiseanna buaite acu. Bhí ról éagsúla aige freisin a bhain le hanailís ghnó agus soláthar seirbhísí digiteacha. Tá MSc ag Aaron sa Bhainistíocht Straitéiseach ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, mar aon le BSc i bhForbairt Córas Bogearraí ó Choláiste Náisiúnta na hÉireann. Is Stiúrthóir Cairte é ar Institiúid na Stiúrthóirí.

Declan
Moran

Amy
Burke

An Dr Bernadette
Carr

Ronan
Fitzpatrick

Aaron
Keogh



Adam Lyon, Ceannaire Riosca

Is achtúire é Adam Lyon a bhfuil taithí breis is 30 bliain aige ag plé le hárachas agus seirbhísí airgeadais sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Tháinig Adam go Vhi go luath sa bhliain 2013. Roimhe sin bhí sé ag obair mar Bhainisteoir Ginearálta Forbartha Gnó le Friends First, cuideachta árachais saoil. Tá taithí aige ar a lán feidhmeanna éagsúla. Bhí freagracht feidhmiúcháin air roimhe seo as margaíocht, díolacháin, airgeadas, forbairt táirgí agus seirbhís do chustaiméirí. Is comhalta de chuid Institiúid na nAchtúirí é agus is comhalta de Chumann na nAchtúirí in Éirinn é.

Tim McKeown, Stiúrthóir, Straitéis

Tá Tim freagrach as forbairt straitéis chorparáideach Vhi a éascú agus as tionscnaimh um athrú ó bhonn a chur chun feidhme – lena n-áirítear a bheith i gceannas ar an gclár oibre um athrú ó bhonn atá againn ar mhaithe le custaiméirí agus réitigh nuálacha a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais cúram sláinte a bheidh ag ár gcustaiméirí amach anseo laistigh de Vhi Health & Wellbeing DAC – áit a bhfuil sé ina chomhalta Boird. Bhí roinnt poist bainistíochta sinsearaí eile ag Tim le Vhi, lena n-áirítear Stiúrthóir um Fhorbairt Táirgí agus Gnó, Príomhfheidhmeannach ar Vhi SwiftCare agus a bheith i bhfeighil aonad gnó nua ar cuireadh de chúram air forbairt a dhéanamh ar ár bpunann táirgí árachais ghinearálta éagsúlaithe. Sular tháinig sé go Vhi, bhí sé ag obair sa Choimisiún Eorpach sa Bheilg ar feadh 10 mbliana agus san earnáil phríobháideach freisin. Tá BA sa Pholaitíocht aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath mar aon le MA i mBeartas Eorpach ó Ollscoil Luimnigh.

Margaret Molony, Stiúrthóir, Oibríochtaí

Tá breis is 30 bliain taithí ag Margaret Molony in Vhi agus is í atá freagrach as Oibríochtaí Árachais san eagraíocht. Sular thosaigh sí sa ról ina bhfuil sí faoi láthair, bhí Margaret ina Stiúrthóir Teicneolaíochta Faisnéise le Vhi. Ceapadh í ina Stiúrthóir Oibríochtaí in 2020. Chomh maith leis sin, is comhalta í den Chónaidhm Idirnáisiúnta Árachais de Chumann Alumnas INSEAD.

Brian Walsh, Stiúrthóir, Airgeadas

Tháinig Brian go Vhi i mí na Samhna 2014 mar Stiúrthóir Airgeadais agus ceapadh ar an mBord é i mí an Mhárta 2015. Sular thosaigh sé ag obair le Vhi, bhí sé ag obair le Ornua, cuideachta dhomhanda bia agus comhábhar, atá lonnaithe in Los Angeles. Roimhe sin, bhí Brian i gceannas ar chiste cothromais phríobháidigh, ciste ar éirigh go geal leis agus a bhí dírithe go príomha ar mhargáí ar fud na hEorpa a fhorbairt. Bhí ról Bhoird agus ról feidhmiúcháin airgeadais agus tráchtála aige i dtionscail idirnáisiúnta na seirbhísí airgeadais, na teileachumarsáide agus FMCG san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe le mórchuideachtaí ar nós Citibank, Deutsche Telekom agus eir. Bhain Brian a cháiliocht amach le PwC, is Comhalta é de chuid Chuntasóirí Cairte Éireann agus is Stiúrthóir Cairte de chuid Institiúid na Stiúrthóirí é. Tá céim agus iarchéim sa ghnó aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

An Dr Barry White, Stiúrthóir Bainistíochta, Vhi Health & Wellbeing

Tá an Dr Barry White ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Vhi Health and Wellbeing DAC ó 2018 i leith. Sular thosaigh sé ag obair le Vhi, bhí Barry ina Haemaiteolaí Comhairleach in Ospidéal San Séamas (2001–2018), ina Stiúrthóir Náisiúnta Haemaifilia (2001–2018) agus ina Cheannaire ar Straitéis Chliniciúil agus Clársceidealaithe FSS (2009–2012). Ina theannta sin bhí sé ina Ollamh Comhlach Cliniciúil i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Adam
Lyon



Tim
McKeown



Margaret
Molony



Brian
Walsh




An Dr Barry
White



Leanamar de bheith ag díriú ar rochtain a thabhairt dár gcustaiméirí ar **na cóireálacha leighis cruthaithe is déanaí.**

Luach na sé éileamh is mó de réir tinnis in 2021



● Ailse agus an cúram a bhainneann léi	€216m
● Cúram ortaipéideach lena n-áirítear athchur cromán agus glún srl	€168m
● An croí agus an córas imshruthaithe	€158m
● An córas díleá	€115m
● Lárchóras na néaróg	€84m
● Tinnis riospráide	€43m





“Leanamar ar aghaidh ag infheistiú inár ndaoine agus inár mbonneagar teicneolaíochta le linn na bliana, rud a chuir ar ár gcumas bealaí nua oibre a chruthú a d’fheabhsaigh ár gcumas freagraí a thabhairt ar riachtanais ár gcustaiméirí.”

Athbhreithniú an Chathaoirligh

Lean an phaindéim COVID-19 ar aghaidh ag cur isteach ar chúrsaí cúraim sláinte in 2021, rud a chuir srian le rochtain ar go leor áiseanna agus seirbhísí cúram sláinte ar fud na tíre. Chuir Vhi é féin in oiriúint do na cúrsaí athraithe trí dlús a chur faoin aistriú chuig soláthar seirbhíse ar líne agus leanúint de chúram pearsanta a sholáthar nuair a bhí sé sin indéanta agus cuí. Dhíríomar i gcónaí ar a chinntiú gur leanamar ar aghaidh ag soláthar ár bpríomhchuspóir: cabhrú lenár gcustaiméirí maireachtáil níos faide agus a bheith níos láidre agus níos sláintiúla trí fhreastal ar a gcuid riachtanas cúram sláinte trí cibé bealach a bhí ar fáil dúinn.

Mar gheall ar na srianta leanúnacha a bhí ann maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí cúram sláinte, tháinig laghdú foriomlán ar éilimh. Ós rud é gur muidne an t-aon árachóir sláinte amháin atá ann chun freastal ar riachtanais chúram sláinte ár gcustaiméirí, agus chuige sin amháin, de bharr an laghdú ar éileamh chinneamar cuid den phréimh dár gcustaiméirí a tharscaoileadh ar dhá ócáid ar leith in 2020 agus 2021.

Fís Fheabhsaithe Cúraim

D'athbhreithnigh agus d'fhormhuinigh an Bord fís na heagraíochta rochtain a sholáthar ar sheirbhísí sláinte agus folláine den scoth a fhreastalaíonn ar riachtanais ár gcustaiméirí ag céimeanna éagsúla dá saol, agus ag an am céanna a chinntiú go mbeidh eispéireas den scoth ag custaiméirí agus ag othair.

Dhearbhaigh an Bord gurb é an treo straitéiseach seo an ceann ceart dár gcustaiméirí agus chun go mbeidh rath fadtéarmach ar ár ngnó.

Tá dul chun cinn seasta déanta maidir lenár bhfís straitéiseach a chur i bhfeidhm, rud a fhágann go bhfuil nuálaíocht inár struchtúir, inár mbealaí oibre agus sna táirgí agus seirbhísí a chuirimid ar fáil. Tá sé seo le feiceáil go soiléir thar raon iomlán ár ngníomhaíochtaí ón aistriú go córas oibriúcháin digiteach atá dírithe ar an gcustaiméir go méadú cumais na heagraíochta seirbhísí straitéiseacha um chúram sláinte a sholáthar.

Bhí rath ar Ionad Sláinte Vhi 360 i Luimneach ina chéad bhliain riamh ag obair. I mí na Nollag 2021 d'fhógair Vhi go n-osclófaí Ionad Sláinte ceannródaíoch nua Vhi 360 a mbeadh achar 5,000 méadar cearnach ann go luath in 2022 i gCarraig Mhaighin, Baile Átha Cliath. Tá foireann cliniceoirí ann a bhfuil comhaltachtaí acu i gcúram práinneach agus sa leigheas comhtháthaithe, díreofar ar chothú na sláinte agus ar chosc fadhbanna sláinte chomh maith le cóireáil othar. Léiríonn Ionad Sláinte Vhi 360 samhail cheannródaíoch ó thaobh cúram sláinte in Éirinn. Sa mhúnla seo glactar le dearcadh iomlánaíoch ar shláinte an othair lena n-áirítear folláine fhisiceach, mheabhrach agus mhothúcháinach agus is cuid lárnach é dár straitéis uileghabhálach.

Cúram Sláinte Inacmhainne do Chách a Chinntiú
Gné thábhachtach den mhargadh árachas sláinte príobháideach is ea rátáil phobail. Cinntíonn sé gur féidir le custaiméirí níos sine agus níos breoite leanúint ar aghaidh ag ceannach clúdaigh shláinte inacmhainne beag beann ar a n-aois, a stádas sláinte nó a n-éilimh san am a chuaigh thart. Is fachtóir riachtanach é Cothromú Fiontair chun an sprioc seo a bhaint amach.

Tháinig feabhas seasta ar an scéim um Chothromú Riosca le himeacht ama agus fáiltíonn Vhi roimh an leathnú ar chreidmheasanna sláinte trí ghrúpa éilitheoirí ardchostais a thabhairt isteach. Cabhróidh sé seo chun bonn taca a chur faoi Rátáil Pobail.

Is tosaíocht ríthábhachtach leanúnach í inacmhainneacht a chinntiú sa mhargadh árachais sláinte príobháidigh. D'éirigh go maith le tabhairt isteach rátaí do dhaoine óga go háirithe maidir le rátaí cealaithe a laghdú i measc custaiméirí óga. Thabharfadh méadú ar rátaí daoine óga suas go 34 bliana d'aois tacaíocht spriocdhírithe do rannpháirtíocht leanúnach custaiméirí agus teaghlaigh níos óige laistigh den mhargadh.

Tá dul chun cinn tapa á dhéanamh i soláthar cúraim sláinte agus tá méadú ag teacht ar chúram lae agus cúraim phobail agus cúram i dtithe na n-othar freisin. Téann na hathruithe seo chun tairbhe an chóras cúram sláinte níos leithne agus bíonn níos mó leapacha ospidéal ar fáil d'othair bhreoite agus costais chóireála níos ísle. Téann siad chun tairbhe freisin d'othair ar féidir leo cúram a fháil níos gaire don bhaile agus don teaghlach. Ní mór do rialacháin árachais sláinte leanúint ar aghaidh leis na hathruithe seo agus a n-impleachtaí a léiriú.

Athbhreithniú ar Oibríochtaí ar lean

Tacaíocht dár nDaoine

Tá Straitéis Vhi i leith Daoine, a d'fhaomh an Bord in 2020, á cur ar fáil agus á forbairt go leanúnach. Tá sé mar aidhm aige na struchtúir agus na tacaíochtaí a theastaíonn uathu a sholáthar chun a lánacmhainneacht a bhaint amach agus chun ár gcuspóir a bhaint amach maidir le 'cabhrú lenár gcustaiméirí agus lenár n-othair saol níos faide, níos láidre agus níos sláintiúla a chaitheamh'.

Príomhthionscnamh straitéiseach é cumas ceannaireachta bunathraithe a thógáil trí fhoghlaím leanúnach a spreagadh agus trí chultúr cuimsitheach a chruthú ina dtugtar tacaíocht don éagsúlacht. Le linn 2021, dhear Vhi agus chuir i bhfeidhm Clár Forbartha na mBan sa Cheannaireacht a chhothaíonn agus a thacaíonn le ceannairí ban inár n-eagraíocht. I measc na mbeart eile a cuireadh i bhfeidhm in 2021 bhí soláthar struchtúr sonrach do Líonra Ban Vhi agus Líonra Ilchultúrtha Vhi agus infheistiú iontu.

Bíonn cúrsaí cultúir i ngach rud a dhéanaimid, bíonn tionchar aige ar chomhghleacaithe, ar chustaiméirí agus ar othair. Tá stair agus oidhreacht shaibhir ag Vhi agus tá sé tábhachtach, agus muid ag dul ar aghaidh, nach gcaillimid an iliomad rudaí a fhágann go bhfuil ár n-eagraíocht eisceachtúil. Ag an am céanna ní mór dúinn athrú má táimid chun ár straitéis uailmhianach a bhaint amach. Tar éis athbhreithniú cultúir in 2021, is iad na príomhthosaíochtaí atá againn ná ár gcroíluachanna a thabhairt chun beatha, comhfhíseanna maidir le todhchaí Vhi a nascadh le chéile, agus ár ndaoine a chumhachtú níos mó ná riamh. Tá sé mar aidhm againn cultúr a chothú ina dtugtar tacaíocht don éagsúlacht agus ina mbeidh comhghleacaithe in ann feidhmiú ar a ndícheall agus oibriú mar is dual dóibh féin.

Todhchaí Inbhuanaithe

Tá Vhi ag déanamh dul chun cinn chun clár inbhuanaitheach uailmhianach a chur ar fáil do Ghrúpa Vhi a bheidh lánpháirtithe go hiomlán lenár gcuspóir agus lenár straitéis. In 2021 cuireadh tús le hobair ar chreat inbhuanaitheacha nua don Ghrúpa.

Tá an obair seo ar siúl i gcónaí agus déanfaimid iarracht uailmhianta foriomlána a aontú leis an gceannaireacht shinsearach agus leis an mBord atá ailínithe le treo straitéiseach sonraithe an Ghrúpa agus le straitéis tráchtála níos leithne. Tógfar ar obair atá críochnaithe cheana féin atá dírithe ar chúig cholún lena n-áirítear custaiméirí agus othair, comhghleacaithe, an pobal, an comhshaol, cumarsáid agus rialachas. Déanfar na colúin seo a bheachtú agus a bhailíochtú tuilleadh, agus forbrófar sraith shoiléir Príomhtháscairí Feidhmíocta (PTFanna).

Rialachas

Féachann Bord an Ghrúpa chuige go bhfuil a struchtúir rialachais chuí ann atá oiriúnach don fheidhm agus éifeachtach maidir le nádúr, scála agus castacht línte gnó Vhi.

Tá struchtúr boird agus coiste i bhfeidhm chun maoirseacht a dhéanamh ar gach gné de ghníomhaíochtaí Vhi. Rinneadh an struchtúr seo a athbhreithniú agus a neartú in 2021 chun ról an Ghrúpa agus a fhochuideachtaí a shainiú tuilleadh.

Tá ceithre choiste bunaithe ag Grúpa Vhi chun cabhrú leis ina chuid oibre:

- Coiste Iniúchta an Ghrúpa (faoi chathaoirleacht Mary Halton)
- Coiste Riosca an Ghrúpa (faoi chathaoirleacht Joyce Brennan)
- Coiste Luach Saothair an Ghrúpa (faoi chathaoirleacht Dean Holden)
- Coiste Ainmniúcháin agus Rialachais an Ghrúpa (faoi chathaoirleacht Paul O'Faherty)

Ceapadh beirt Stiúrthóirí Neamhspleácha Neamhfheidhmiúcaín nua, Peter Cross agus Karen Furlong, ina mbaill den Bhord i mí Eanáir 2021.

I mí Iúil 2021, chuaigh John O'Dwyer ar scor mar POF agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le John, thar ceann an Bhoird, as a cheannaireacht iontach ar Vhi ó ceapadh é in 2012. Stiúir John Vhi trí roinnt de na hathruithe ba shuntasáí ina stair, rud a chinntigh go raibh an chuideachta maoinithe go maith agus claochlaithé ó bhonn. Chothaigh sé cultúr um chúram custaiméirí atá sofheicthe agus soiléir i ngach gné den eagraíocht agus ina cuid oibríochtaí. Thug Banc Ceannais na hÉireann údarú do Vhi in 2015 faoi mhaoirseacht John agus ócáid an-chinniúnach ab ea í sin inár stair agus thar a bheith tábhachtach ó thaobh chumas Vhi fás agus forbairt.

Tá próiseas roghnúcháin atá cuimsitheach agus forleathan ar siúl ag an mbord chun POF nua a cheapadh. Ar an 1 Lúnasa, 2021, ceapadh Declan Moran mar POF ar bhonn eatramhach. Tá sé ag obair leis an mBord agus leis an bhfoireann cheannaireachta chun an straitéis ghnó a chur i bhfeidhm ar mhaithe lenár gcustaiméirí agus ár n-othair. Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Declan as an ról seo a ghlacadh agus as an gcúnamh suntasach atá tugtha aige do Vhi.


Ardán um Dhul Chun Cinn

Bíodh cúram á sholáthar againn inár gclínici nó trí obair ón mbaile, chinntigh an tsolúbthacht, an chruthaitheacht agus an tiomantas a léirigh ár gcomhghleacaithe le linn 2021 go gcloíonn Vhi i gcónaí le prionsabail ár n-éitis atá dírithe ar an gcustaiméir

Is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár gcomhghleacaithe go léir as an méid fíorluachmhar a rinne gach aon duine acu maidir leis an freagra dearfach a thugamar ar éilimh uathúla na bliana 2021.

Ar bhunús teacht aniar ár ndaoine, cuireann feidhmíocht Vhi le 12 mhí anuas ardán láidir ar fáil a chuirfidh ar ár gcumas aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amach anseo agus ag an am céanna leanúint ar aghaidh le gnó láidir, éifeachtach a bheidh dírithe ar an gcustaiméir a thógáil. Beidh sé mar chuspóir againn freagra éifeachtach a thabhairt sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma ar an téarnamh a bhfuilimid ag súil leis san éileamh ar sheirbhísí cúram sláinte i ndiaidh deireadh a bheith curtha leis na srianta a cuireadh ar an gcóras cúram sláinte le dhá bhliain anuas.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcustaiméirí as Vhi a roghnú. Táimid tiomanta do leanúint ar aghaidh ag díriú go dícheallach ar na hábhair imní atá acu maidir le cúrsaí sláinte agus iad a réamh-mheas agus aghaidh a thabhairt orthu mar aon le freagra éifeachtach, nuálaíoch chun freastal ar a riachtanais athraitheacha maidir le cúram sláinte.



Paul O'Faherty
Cathaoirleach

Bhaineamar fás láidir amach i Seirbhísí Cliniciúla.

+28%

Sláinte agus Folláine

Níos mó ná 380,000 idirghníomhaíocht

+32%

Vhi Swiftcare

105,000 comhairliúchán





“Lean Vhi ar aghaidh ag cur athrú ó bhonn i bhfeidhm ar ár ngnó. Chuireamar ár mbealaí oibre agus ár n-oibríochtaí sláinte agus folláine in oiriúint chun freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí agus ag an am céanna seolamar seirbhísí agus tionscnaimh bhreise chun an méid a bhí á dtairiscint dóibh a fheabhsú.”

Athbhreithniú ar Oibríochtaí Vhi

Tháinig Vhi slán ó 2021 agus cumas seirbhíse níos fearr aige, forbairtí leanúnacha agus feabhsuithe ar an méid a bhí á thairiscint againn d'ár gcustaiméirí agus neart caipitil feabhsaithe. Tá an eagraíocht in ann leanúint ar aghaidh chun ár straitéis uaillmhianach a chur i bhfeidhm agus beidh sí in ann dul i ngleic le haon dúshlán a d'fhéadfadh a bheith romhainn.

In ainneoin na timpeallachta dúshlánaí a chruthaigh an phaindéim, d'éirigh go breá linn ó thaobh cúrsaí airgid, mhéadaigh ár n-ioncam agus ár mballraíocht den seachtú bliain as a chéile. Tharscaoileamar cuid den phréimh agus thugamar ar ais do chustaiméirí i in 2021 mar aitheantas ar an laghdú ar éilimh ó chustaiméirí le linn na paindéime.

In 2021 bhí an-díol ar árachas sláinte príobháideach, go háirithe sa mhargadh corparáideach, le tacaíocht ó shochair nuálacha sláinte agus folláine lena n-áirítear sochair dhigiteacha nua agus feabhsaithe agus tacaíochtaí meabhairshláinte. Glacadh go maith le cláir folláine agus d'éiligh fostaithe corparáideacha iad. Bhain Vhi fás amach freisin ar bhallraíocht sa mhargadh féiniocaíochta, áit a bhfuil éileamh láidir i gcónaí ar ár dtáirgí. Mar chuid dár bhfreagra ar an bpaindéim COVID-19, thugamar isteach tacaíochtaí airgeadais do chustaiméirí a raibh cruatan airgeadais orthu de thoradh COVID-19.

Bhí fás láidir ar líon na gcustaiméirí agus na n-othar ar thugamar seirbhís dhíreach dóibh trínar ngnó um sholáthair cúram sláinte atá ag dul i méid agus in 2021 bhí os cionn 380,000 idirghníomhú maidir le cúram sláinte ann. Ar an iomlán, tháinig méadú thart ar 28% ar úsáid sheirbhísí Sláinte agus Folláine Vhi ón mbliain seo caite. Déanfar na seirbhísí seo a fhorbairt tuilleadh agus a neadú inár seirbhísí in 2022.

Forbhreathnú ar Thorthaí Airgeadais

In 2021, bhaineamar amach barrachas glan €65.3 milliún ó ghníomhaíochtaí gnó comhdhlúite. Ba mhéadú é seo ar an mbliain seo caite nuair ab fhiú €52.7 milliún ár nglanbharrachas. Bhí sé seo á thiomáint chun cinn de thoradh fás láidir bhallraíochta.

B'ionann an phréimh chomhlán a thuilleamar ó árachas sláinte príobháideach in 2021 agus €1.589 billiún. Bhí sé seo níos airde ná figiúr na bliana 2020 nuair a thuilleamar €1.506 billiún. Ina theannta sin, tháinig méadú ar ár gcustaiméirí Árachas Sláinte Príobháideach i mbliana, a raibh 1,154,100 páirteach ann, i gcomparáid le 1,131,900 in 2020. B'fhiú €1.295 billiún iomlán na n-éileamh a íocadh in 2021 i gcomparáid le €1.147 billiún in 2020, méadú 13%.

B'fhiú €26.2 milliún an t-ioncam ó tháirgí agus seirbhísí árachais seachas árachas sláinte príobháideach i rith na bliana. Cé gur laghdú beag é sin ar an €28.6 milliún in 2020, is toradh láidir é i gcomhthéacs dara bliain na paindéime.

Ag deireadh mhí na Nollag 2021, b'fhiú €859 milliún cúlchistí saora Vhi, i gcomparáid le €773 milliún na bliana roimhe sin.

Cúram Sláinte a Chlaochlú

In ainneoin na ndúshlán a chruthaigh an phaindéim in 2021, leanamar ar aghaidh ag cur ár straitéise uaillmhianaí agus claochlaithí a seoladh i mí Iúil 2017 i bhfeidhm.

Cuireadh go mór le taithí custaiméirí Vhi trí úsáid a bhaint as tionscnaimh dhigiteacha nua agus trí fhorbairt luathaithe ar sheirbhísí sláinte agus folláine Vhi.

Méadaíodh ár n-acmhainní maidir le seirbhís chliniciúla de bharr an rath a bhí ar ár nIonad Sláinte Vhi 360 nua i Luimneach le linn a chéad bhliain oibríochta agus oscailt ár nIonad Sláinte Vhi 360 úrscothach i gCarraig Mhaighin i bhFeabhra 2022. Sna blianta amach romhainn, éascóidh Ionaid Sláinte Vhi 360 méadú breise ar líon ár n-idirghníomhaíochtaí le hothair.

Cuireann Ionaid Sláinte Vhi 360 i Luimneach agus i gCarraig Mhaighin leagan nua cúram sláinte ar fáil in Éirinn, leagan atá réamhghníomhach, pearsantaithe agus dírithe ar an othar. Athróidh an leagan seo eispéireas ár gcustaiméirí maidir le cúram sláinte agus beidh torthaí sláinte níos fearr acu mar thoradh air.

Vhi Operations Review ar lean

Seirbhísí Cliniciúla a Leathnú

In ainneoin na ndúshlán leanúnach a chruthaigh COVID-19 in 2021, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar rochtain ar roinnt seirbhísí ospidéal agus pearsanta do chustaiméirí, choinnigh agus d'fheabhsaigh Vhi raon agus cáilíocht ár seirbhísí cliniciúla.

Baineadh é seo amach trí nuálaíocht leanúnach. Chuireamar suíomhanna cúraim nua ar fáil, lena n-áirítear comhairliúcháin fhíorúla, a thug rochtain do chustaiméirí ar an raon is leithne cóireálacha, drugaí agus gnáthamh. Chuir an phaindéim dlús leis na hathruithe ar an mbealach a bhfuil cúram othar á chur ar fáil agus go háirithe cúram othar i suíomhanna pobail nuair is féidir, ag cur cóireáil ar fáil i seomraí príobháideacha na gComhairleoirí agus i gclínici nó in ionaid d'othair sheachtracha.

Leanann Vhi ag díriú ar rochtain a thabhairt dár gcustaiméirí ar na cóireálacha cruthaithe is déanaí agus a chinntiú go bhfuil na buntáistí a chuirimid ar fáil ag teacht le cleachtas míochaine nua-aimseartha. In 2021, leathnaíomar ár gclúdach le haghaidh Íomháu Athshonadais Mhaighnéadaigh (ÍAM), nósanna imeachta ionscópacha, máinliacht bhariatrach, mamagraim agus angagraim CT. Leanann Vhi ag cur an chúraim aille is fearr ar fáil dár gcustaiméirí agus cuirimid tacaíocht iomlán ar fáil do gach céim den aistear ó chosc, bhrath, cóireáil agus téarnamh aille. Is ar chóireáil aille a dhéanaimid an íocaíocht is mó i gcónaí maidir le héilimh agus in 2021 d'íocamar €216 milliún as cúram aille dár gcustaiméirí.

Seoladh ár n-ionad um ghlaonna cliniciúla CareHub i mí an Mhárta 2020 chun sábháilteacht na foirne agus na n-othar a chinntiú. Tá sé seo anois ina chuid lárnach, luachmhar den cúram sláinte a thairgimid. Rinneadh infheistíocht shuntasach in 2021 ó thaobh acmhainní a chur ar fáil agus réitigh theicneolaíochta a fhorbairt chun seirbhís ardchaighdeán a sholáthar dár gcustaiméirí. Chuir ár CareHub seirbhís ar fáil do níos mó ná 120,000 glaoch ó chustaiméirí agus beagnach 50,000 glaoch chuig dochtúir/altra in 2021. Ba mhéadú 36,000 iad sin ar teagmhálacha iomlána a thug bealach eile dár gcustaiméirí maidir lena gcuid riachtanas ó thaobh cúram sláinte.

Aistríodh ár n-ionaid Chúram Práinne go seirbhís ina ndéantaí coinní chun go mbeadh sé ag teacht le bearta maidir le fad sábháilte a choinneáil idir dhaoine a bheadh oiriúnach d'ionaid chúram sláinte. Chuir sé seo ar ár gcumas sreabhadh daoine tríd an tseirbhís a bhainistiú níos fearr, seirbhís phras a chinntiú dár gcustaiméirí agus ag an am céanna othair agus baill foirne a chosaint. Bainistíodh na huainchláir go héifeachtach chun nach raibh aon tionchar suntasach ar uaireanta seirbhíse ná rochtain ar chlinicí.

I measc na nithe nua a cuireadh lenár seirbhísí cúram sláinte bhí bunú Clinic le haghaidh Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Airde inár gclínici pédiatraiceach ag Vhi Swiftcare i mBaile Amhlaoibh. Tá an tseirbhís seo aistrithe anois go dtí Ionad Sláinte Vhi 360 i gCarraig Mhaighin. Sheol Vhi freisin sochar scagthástála go sonrach do dhaoine óga agus seirbhís ciantacaíochta cnáimhseachais do chustaiméirí. Sheol Vhi seirbhís fisiteiripe mhatánchnámharlaigh ag ár gClinic Swiftcare i gCorcaigh. I Luimneach, rinneamar infheistíocht i bhforbairt Clár Sláinte um Stíl Mhaireachtála mar aon le seirbhís um Oiliúint Sláinte 360 mar aon le Seirbhís Digiteach um Oiliúint Sláinte. Chuaigh ár mblaganna um shláinte stíl mhaireachtála a bhí fíoraithe ag Vhi beo ar líne in 2021 freisin.

Chuir na bearta seo go mór le cur i bhfeidhm ár straitéise trína leanann Vhi ar aghaidh ag forbairt agus ag cur leis an raon seirbhísí cúram sláinte a chuirimid ar fáil.

Taithí an Chustaiméara a Fheabhsú

I rith 2021 rinne Vhi bainistiú ar níos mó ná 5 mhilliún idirghníomhaíocht lenár gcustaiméirí. Áiríodh leis seo 1.5 milliún idirghníomhaíocht uathúil úsáideora ar www.vhi.ie, breis agus 1 milliún glao gutháin, breis agus 1.8 milliún teagmháil a bhain le héilimh agus go leor idirghníomhaíochtaí eile le custaiméirí ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear ríomhphost, comhrá gréasáin agus comhrá san Aip.

Tugadh an chéad áit do Vhi maidir le taithí an chustaiméara san earnáil árachais sláinte in Éirinn in 2021, rud a léiríonn an tionchar a bhí ag raon beart a glacadh chun taithí an chustaiméara agus an othair a shaibhriú i rith na bliana. Tháinig laghdú ar ghearáin ó chustaiméirí agus bhunaíomar guth tiomnaithe d'fhoireann custaiméirí agus othar. Cuireadh roinnt gnéithe spreagúla nua le haip Vhi, chomh maith leis an aip féin a athdhearadh agus an tairseach ar líne, MyVhi. Tugadh isteach pacáistí athnuachana athbhreithnithe lena n-áirítear saoráid so-úsáidte chun buntáistí a chur i gcomparáid le chéile.

Le 12 mhí anuas bhí Vhi gnóthach ag cuíchóiriú a phleananna árachais sláinte, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca do chustaiméirí an plean ceart a aimsiú a fheileann dá riachtanais sláinte agus folláine ag cibé céim ina bhfuil siad ina saol, agus buntáistí ábhartha a thairiscint do chustaiméirí.

Ár mBonneagar Digiteach a Nuachóiriú

Lean COVID-19 ag cur isteach ar roinnt seirbhísí pearsanta in 2021. Mar thoradh air sin, cuireadh dlús tapa faoi oiriúnú ár gcuid táirgí agus seirbhísí chun iad a chur ar fáil trí sheirbhísí cianda agus digiteacha nuair ba chuí.

Tháinig fás i mbliana ar an éileamh ar ár gcianchomhairliúcháin dhigiteacha, lena n-áirítear comhairliúcháin ar líne le Dochtúirí Teaghlaigh agus aipeanna aireachais agus machnaimh. Chuireamar ár dteicneolaíochtaí in oiriúint chun eispéireas ar líne ár gcustaiméirí a fheabhsú agus chuireamar breis agus 46,000 comhairliúchán ar fáil ar líne le Dochtúirí Teaghlaigh. Bhí os cionn 105,000 comhairliúchán Swiftcare ann in 2021, a raibh go leor acu ar líne agus níos mó ná 67,000 comhairliúchán Nurseline.

Tá “Snap and Send” á úsáid ag 90% dár gcustaiméirí chun a n-éilimh chúraim phríomhúil a chur isteach trí aip Vhi. Tá sé seo ag fás go seasta bliain i ndiaidh bliana ó tugadh isteach den chéad uair é in 2016 agus i mbliana rinneadh breis agus 660,000 éileamh maidir le cúram príomhúil tríd an aip. Bhain breis agus 137,000 custaiméir leas as an tseirbhís comhrá gréasáin in 2021 agus bhain breis is 2,000 custaiméir leas as luach saothair parkrun Vhi.

Tacú lenár bPobail

Cuid lárnach d'éiteas Vhi i gcónaí ab ea tacaíocht don phobal. I mbliana leanamar ar aghaidh lenár gclár urraíochta le roinnt tionscnamh rathúla ar líne.

Leanadh ar aghaidh in 2021 le parkrun i gcomhpháirtíocht le Vhi a thacaíonn le rith 5K saor in aisce i bpáirceanna áitiúla ar fud na tíre. Lean Vhi ag tacú le parkrun fíorúil a forbraíodh chun srianta Covid 19 a chomhlíonadh trí luaíochtaí parkrun Vhi agus Aip Vhi. San Fhómhar, chuireamar fáilte ar ais roimh na himeachtaí eagraithe a d'éirigh thar barr leo i gcónaí agus a mbíonn freastal maith orthu. In 2021 bhí Mionmharatón fíorúil Vhi na mBan ar siúl agus is iontach an chaoi ar mheall sé 14,000 rannpháirtí chuige. Táimid ag tnúth le dul ar ais ar shráideanna Bhaile Átha Cliath le haghaidh ócáid fhisiciúil in 2022.

Leanadh ar aghaidh lenár gcuid oibre maidir le Ciste Sláinte agus Folláine Fhondúireacht Óige na hÉireann, agus díriodh ar chabhrú le teacht aniar a chothú i measc daoine óga faoi mhíbhuntáiste agus deá-thionchar a bheith againn ar a saol. Bronnadh €85,000 san iomlán ar 11 tionscadal ar leith ar fud na tíre.

Na Cúig Bliana Seo Chugainn

I mí Iúil 2021, rinne an Bord athbhreithniú agus faomhadh ar straitéis ghnó an ghrúpa do na cúig bliana atá le teacht, rud a thógfar ar an rath a bhí ar ár straitéis 2017–2021. De thoradh na straitéise tá an eagraíocht tiomanta do chúram sláinte níos fearr a sholáthar do chustaiméirí agus d'othair agus taithí níos fearr a chinntiú do chustaiméirí agus d'othair.

Leanfaidh an eagraíocht ar aghaidh ag athrú ó bheith ina hárachóir traidisiúnta sláinte go bheith ina comhpháirtí maidir le cúram sláinte. Trí rochtain a sholáthar do chustaiméirí ar leagan cúraim sláinte agus folláine atá comhnasctha agus comhordaithe, cabhróimid leo agus lena dteaghlaigh saol níos faide, níos láidre agus níos sláintiúla a chaitheamh agus é sin a dhéanamh ar bhealach níos cost-éifeachtaí. De thoradh an dearaidh agus na straitéisí seo leanfaidh Vhi ar aghaidh ag cur lena thairiscintí agus ag feabhsú a chuid seirbhísí sna blianta atá le teacht.

Tiomantas Ár nDaoine

Ar an iomlán, thug Vhi freagra maith ar na dúshláin a bhí ann in 2021. Chinntigh díograis agus tiomantas ár ndaoine an rath leanúnach a bhí orainn agus iad ag soláthar seirbhíse do chustaiméirí ar tugadh ardrátáil dí, ag cothabháil agus ag leathnú ár raon claochlaitheach sheirbhísí cliniciúla, ag méadú agus ag cuíchóiriú éifeachtúlacht oibriúcháin agus lena chois sin bhí feidhmíocht láidir airgeadais againn i gcónaí.

Tháinig Vhi slán ó na himeachtaí sin agus muid níos láidre, go háirithe maidir le fairsinge ár dtairiscintí árachais agus cúraim sláinte, agus béim níos déine againn i gcónaí ar fhorbairt na tuisceana atá againn ar chustaiméirí Vhi agus a gcuid tosaíochtaí sláinte.

Agus muid ag tabhairt aghaidh ar an todhchaí is cúis inspioráide dúinn an chaoi a bhfuil Vhi claochlaithe agus é ina eagraíocht atá dírithe go diongbháilte ar fhís chuimsitheach ar shláinte agus ar fholláine a chustaiméirí, táimid ar bís faoi na hionchais atá amach romhainn agus an ról is féidir le Vhi a imirt chun cabhrú le feabhsú chóras iomlán chúram sláinte na hÉireann.



Declan Moran,
Príomhfheidhmeannach (Eatramhach) an Ghrúpa

Chuireamar dlús le seachadadh seirbhísí go digiteach.

+79%

Dochtúir Teaghlaigh ar líne
46,000 comhairliúchán

1.5m


Idirghníomhaíochtaí uathúla
1,500,000 cuairt ar vhi.ie

+27%

Lárionad Glaonna Cliniciúil
170,000 glaoch

+43%

Comhráite ar líne
185,500 in 12 mhí



+41%

Éilimh Glac & Seol
Níos mó ná 660,000
éileamh cúraim phríomhúil
curtha isteach tríd an aip

90%

Éilimh Cúraim Phríomhúil
D'úsáid **90%** de chustaiméirí
Glac & Seol chun éilimh
a chur isteach



Ag cur an chroí sa chúram sláinte

Léargas ar thionscnaimh in 2021 dár gcustaiméirí, dár gcomhghleacaithe agus dár bpobail.

Ciste Sláinte & Folláine Vhi

Bunaíodh Ciste Sláinte & Folláine Vhi i gcomhpháirt le Fondúireacht Óige na hÉireann (Irish Youth Foundation) agus bronnar deontais ar eagraíochtaí atá dírithe ar an óige ar fud na tíre.



Seoladh an Ciste i dtosach sa bhliain 2020 nuair a bhí paindéim COVID-19 i mbarr a réime in Éirinn – am rithábachtach don earnáil óige – go háirithe iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste. Nuair a tháinig babhta eile den phaindéim in 2021 agus nuair a choinnigh na srianta a tháinig ina dhiaidh sin daoine sa bhaile agus sa cheantar díreach in aice leo, bhí Vhi ag iarraidh tacú le daoine óga agus cabhrú leis na heagraíochtaí a mbíonn siad ag plé leo.

Tugadh cuireadh d’eagraíochtaí carthanachta neamhbhrabúis, a bhíonn ag obair go díreach le daoine óga nó le daoine fásta a bhíonn ina dteannta, agus atá lonnaithe i gCorcaigh, i nDún na nGall, i mBaile Átha Cliath, i nGaillimh, i gCill Chainnigh agus i Luimneach, cur isteach ar an gCiste. I mí Feabhra 2021 bronnadh €85,000 ar 11 tionscadal a bhí dírithe ar theacht aniar a neartú agus ar chabhrú le daoine óga dul i ngleic le himní agus béim á leagan ar idirghabháil luath agus ar chosc luath.

Ceann de na heagraíochtaí ar bronnadh airgead orthu ón gCiste seo, Fir Ghrinn gan Teorainn Éireann (*Clowns without Borders Ireland*) (féach an pictiúr thíos), tugann siad faoiseamh mothúchán do dhaoine easáitithe go hidirnáisiúnta agus ar fud na hÉireann. Bhí a dtionscadal ‘Ripples of Laughter’ ar siúl ar feadh 13 seachtaine agus thug sé deis do dhaoine óga in Ionaid Soláthair Dhíriú i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh páirt a ghlacadh i gceardlanna amharclannaíochta agus sorcais a bhí saindeartha chun cabhrú leo dul i ngleic le himní.



Lá Idirnáisiúnta na mBan 2021

Is lá domhanda é Lá Idirnáisiúnta na mBan a dhéanann ceiliúradh ar éachtaí sóisialta, eacnamaíochta, cultúrtha agus polaitíochta na mban.



Ba é an téama in 2021 ná #choosetochallenge. Ba é an smaoineamh a bhí ann ná gur domhan atá ar an airdeall é domhan a dtugtar a dhúshlán agus go bhfuilimid ar fad freagrach mar dhaoine aonair as ár gcuid smointe agus gníomhartha féin. Rinne Vhi idir mhachnamh agus cheiliúradh ar an lá tábhachtach seo. Tionóladh imeacht ‘Lón agus Foghlaim’ inar labhair cainteoirí ar thopaicí éagsúla, mar shampla cumarsáid a dhéanamh agus a bheith sofheicthe i dtimpeallacht chianoibre, straitéisí féinchúraim do mhná a bhíonn ag obair, agus seóthaispeántas de mhná ón stair a mhúnlaigh ár saol.

Ina theannta sin, tugadh cuireadh d’fhostaithe Vhi an chomhairle is fearr a thug siad nó a fuair siad riamh, gairmiúil nó pearsanta, a chur isteach. Cruthaíodh leabhrán ‘Comhairle don Saol/Advice for Life’ chun cuid de na leideanna praiticiúla, nuálacha agus inspioráideacha a roinnt agus taitneamh a bhaint astu.

Celebrating Pride in our People

Ghlac Vhi go fonnmhór leis an éagsúlacht agus leis an ionchuimsiú, agus cheiliúir sé iad, le roinnt imeachtaí a raibh “Bród as ár nDaoine” mar théama acu.



Óstáladh roinnt seimineáir ghréasáin, a raibh an bród mar théama acu, i rith mhí an Mheithimh chun tacú leis an éagsúlacht agus leis an ionchuimsiú agus troid ar a son. Ina theannta sin spreagadh fostaithe chun a gcuid grianghraf agus líníochtaí ar théama an chroí a chur isteach, chun croí Vhi ollmhór a bhí líonta le Bród a chruthú chun an lá a cheiliúradh.

Luach saothair parkrun Vhi

In 2021, bhí Vhi meáite arís ar chabhrú le custaiméirí le go mbeidh saol níos faide, níos láidre agus níos sláintiúla acu agus muid ag tacú le parkrun trí luach saothair parkrun.



Is féidir le daoine a ghlacann páirt sna parkruns luach saothair a thuilleamh trí aip Vhi. Spreagadh daoine nach ndearna an parkrun go fóill chun a mbróga reatha a cheangal agus dul amach maidin Sathairn.

Tuarascáil Vhi ar Léargais Sláinte

I mí Feabhra 2021 nocht Vhi na torthaí ón gceann is déanaí de shraith tuarascálacha Vhi ar léargais sláinte.

Ba í an tuarascáil seo dar teideal *'The Corporate Social Network: Employee Engagement and Well-Being in a Changing Workplace'* an cúigiú ceann de shraith tuarascálacha domhaine ag Vhi ar shláinte fostaithe corparáideacha na hÉireann. Sa taighde seo, a rinneadh ag an am céanna le cúinsí phaindéim COVID-19 nach raibh a leithéid ann riamh cheana, féachadh ar chastacht na rannpháirtíochta sóisialta san ionad oibre corparáideach agus ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith aici sin ar fholláine fostaithe.



Mionmharatón Fíorúil na mBan Vhi

Tharla Mionmharatón na mBan 2021 go fíorúil ar an 19 Meán Fómhair. Ba í seo an seachtú bliain a raibh Vhi ina urraitheoir teidil ag an imeacht iontach seo a chuireann sláinte agus aclaíocht chun cinn chomh maith le hairgead a thiomsú ar son cúiseanna fiúntacha ar fud na tíre.

Sheol an ceoltóir agus craoltóir Una Healy Mionmharatón Fíorúil na mBan Vhi 2021 i dTiobraid Árann, a contae dúchais, agus spreag ambasadóir na Gaillimhe, an Dr Laura Lenihan, muintir na Gaillimhe chun páirt a ghlacadh ann.

Ghlac beagnach 14,000 bean páirt san imeacht 10k i mbailte agus i gcathracha ar fud na hÉireann, cuid acu ag rith, cuid acu ag siúl agus cuid acu ag déanamh bogshodair, agus thiomsaigh siad airgead ar son carthanais a roghnaigh siad féin.



Tuarascáil na Stiúrthóirí don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2021

Cuireann na Stiúrthóirí an 65^ú Tuarascáil Bhliantúil dá gcuid i láthair de réir alt 20 (1) den Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh, 1957. Áirítear leis an tuarascáil seo Cuntais an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh (Bord Vhi) agus na nótaí gaolmhara atá mar chuid de na Cuntais, agus ullmhaíodh iad de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus de réir Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Gnóthais Árachais: Ráitis Airgeadais) 2015.

Príomhghníomhaíochtaí

Bunaíodh Bord Vhi faoin Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh, 1957 chun gníomhú mar Chomhlacht Reachtúil chun árachas sláinte príobháideach a scríobh in Éirinn. Achtaíodh an tAcht Árachais Sláinte Shaorálaigh (Leasú) 2008 chun atheagrú reachtúil Bhord Vhi a éascú. Corpraíodh Vhi Insurance DAC mar an t-aonán foscrobhaithe árachais phríobháidigh agus corpraíodh Vhi Healthcare DAC mar an t-idirghabhálaí miondíola um thairiscintí árachais phríobháidigh leighis agus eile a dhíol (“Aonán Rialáilte”). Oibríonn Bord Vhi seirbhísí soláthair leighis freisin, lena n-áirítear Vhi 360 and Ionaid Sláinte Swiftcare, Vhi Hospital@ Home, Scagthástáil Leighis Vhi agus seirbhísí sláinte agus folláine eile trína ghrúpa fochuideachtaí Vhi Health and Wellbeing.

Athbhreithniú agus torthaí gnó

Leagtar amach na torthaí comhdhlúite don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ar leathanach 38. Is ionann barrachas comhdhlúite Bhord Vhi i ndiaidh cánach don bhliain agus €65.3m (2020: €52.7m).

I rith 2021, lean Vhi den infheistiú i sochair agus i seirbhísí cúraim shláinte chun cabhrú le custaiméirí saol níos faide, níos láidre agus níos sláintiúla a chaitheamh. Dhírigh infheistíochtaí Vhi ar réitigh leighis agus cúraim shláinte a fheabhsú, ar eispéireas an chustaiméara agus an othair, agus ar mhodhanna oibre agus ar thimpeallacht comhghleacaithe. I dtosach 2021, d’oscail Vhi a Lárionad Sláinte Vhi 360 i Luimneach go hoifigiúil, áit a bhfuil teacht ar chúram práinneach do mhionghortuithe agus do bhreiteacht ag gach custaiméir Vhi i réigiún an lár-iarthair, chomh maith le seirbhísí sláinte agus folláine arna soláthar d’fhoireann ildisciplíneach. I rith mhí Feabhra 2022, d’oscail Vhi Lárionad Sláinte Vhi 360 den chéad scoth i gCarraig Mhaighin, Baile Átha Cliath. Chomh maith le raon leathan seirbhísí mionbhreiteachta agus gortuithe a thairiscint, mar is dual do SwiftCare, tairgeann na háiseanna nua seo measúnacht sláinte agus cóitseáil sláinte lena ndírítear ar sheirbhísí idirghabhála agus coiscthe; ar sheirbhísí cúraim phríomhúil dóibh siúd a fhreastalaíonn ar an gclinic, chomh maith le fisiteiripe, diagnóisic agus cúram leantach ortaipéideach.

Lean Vhi de bhearta a thabhairt isteach i bhfianaise na saincheistanna agus na ndúshlán a bhí roimh chustaiméirí mar thoradh ar ghéarchéim leanúnach sláinte poiblí COVID-19. Ina measc sin bhí teileashláinte agus cúram pobail leathnaithe chomh maith le luach a thabhairt ar ais do chustaiméirí árachas sláinte príobháideach Vhi le linn 2021, tráth ar íocadh €75 le gach duine fásta árachaithe agus €25 le gach leanbh árachaithe.

I bhfianaise go bhfuil leibhéil na n-éileamh árachais sláinte phríobháidigh níos ísle fós ná na leibhéil roimh COVID, tá Vhi tar éis €142.2m a chur i dtaisce le linn 2021 freisin, agus tabharfar luach breise ar ais do chustaiméirí le linn 2022, agus Vhi ag leanúint de sheasamh lenár ngeallúint nach mbainfimid brabach as an bpaindéim dhomhanda. Thug Vhi bearta isteach freisin i bhfianaise thionchar na paindéime ar a chustaiméirí MultiLine agus tairgeadh clúdach sínté sé mhí do chustaiméirí Vhi MultiTrip, a bhí faoi árachas an 31 Nollaig 2020, gan aon táille bhreise a ghearradh orthu. Cuireadh síneadh breise leis sin ó mhí Iúil 2021.

Leanann Vhi den dlúth-obair leis an Roinn Sláinte, FSS, oibreoirí na n-ospidéal príobháideach agus comhairleoirí leighis chun tacú leis an Rialtas agus le muintir na hÉireann in aimsir seo na géarchéime náisiúnta. I mí Eanáir 2021, comhaontaíodh socrú nua idir FSS agus na hospidéal phríobháideacha lena gcuirfeadh ospidéal phríobháideacha cóireáil ar fáil d’othair nár othair COVID-19 iad de chuid na n-ospidéal phoiblí. De réir chairt COVID-19 Vhi, thacaigh Vhi leis an iarracht náisiúnta ach foireann, acmhainní agus saineolas a sholáthar chun an socrú seo a riar do FSS ar bhonn neamhbhrabúis.

Tá athbhreithniú cuimsitheach ar ghnó a rinneadh i rith na bliana i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (POF) Eatramhaigh ar Oibríochtaí.

Forbairtí amach anseo

Tá na Stiúrthóirí sásta le seoladh gnó na bliana agus leanfaidh siad den infheistiú i gcúram sláinte den scoth agus i seirbhísí custaiméara dá gcustaiméirí. Tá an teacht atá ag custaiméirí Vhi ar chúram sláinte príobháideach thíos leis fós mar gheall ar thionchar na paindéime agus úsáid mhéadaithe a bhaint as acmhainn cúraim sláinte phríobháidigh ag an gcóras sláinte poiblí. Tá sé seo ag cur leis an éiginnteacht maidir le costais ghearrthéarmacha éileamh cúraim shláinte agus feidhmíochta gaolmhara gnó. Chruthaigh an cibear-ionsaí ar chórais TF Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) i rith na bliana éiginnteacht bhreise, rud a chuir isteach ar phatrúin aighneachta éileamh ospidéal phoiblí agus ar a luaineacht. Tá an Bord ag déanamh monatóireacht ghéar ar fhorbairtí agus leanfaidh sé ar aghaidh ag féachaint le seoladh stuama gnó agus torthaí cothroma do chustaiméara a chinntiú.

Ráiteas comhlíonta na Stiúrthóirí

Admhaímidne, Stiúrthóirí Bhord Vhi, go bhfuilimid freagrach as comhlíonadh dlíthe agus rialachán infheidhme a bhaineann le hoibríochtaí gnó Bhord Vhi agus a fhochuideachtaí a chinntiú.

Is é cuspóir Vhi tabhairt faoi ghnó de réir fhuarlitir agus spiorad an dlí, na rialachán agus na gcód ábhartha a bhaineann le rialáil agus comhlíonadh a bhfuil feidhm leo i dtaca lenár ngníomhaíochtaí rialáilte chomh maith le beartais agus caighdeáin inmheánacha Vhi maidir le comhlíonadh, agus gníomhú go hionraic, go macánta agus go cóir lenár gcustaiméirí agus le páirtithe leasmhara eile. Is iad luachanna Vhi ná a bheith faoi Thionchar Custaiméirí, Macántacht, Cumhachtú, Nuálaíocht agus Misneach.

Leagtar amach inár mBeartas um Chomhlíonadh an raon, an fhealsúnacht agus an cur chuige i leith bainistiú iompraíochta agus an riosca a bhaineann le comhlíonadh rialála laistigh de Vhi.

Táimid tiomanta do gach céim réasúnta a ghlacadh chun a chinntiú go gcomhlíonann Bord Vhi gach dlí agus rialachán ábhartha a bhaineann lenár n-oibríochtaí gnó. Ina thaobh seo, mar a éilítear le halt 225 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, i leith na gcuideachtaí a bhfuil feidhm acu seo ina leith, dearbhaíonn na Stiúrthóirí:

- gur cuireadh ráiteas ar bheartas maidir le comhlíonadh i dtoll a chéile ina leagtar amach beartais Vhi i leith a chuid oibleagáidí sainithe a chomhlíonadh;
- go bhfuil socruithe agus struchtúir i bhfeidhm atá saincheaptha lena chinntiú go bhfuil Vhi ag comhlíonadh a chuid oibleagáidí ábhartha go hábhartha; agus
- gur athbhreithníodh na socruithe agus struchtúir sin sa bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021.

Áirítear leis na socruithe rialachais atá glactha ag Vhi:

- struchtúr eagraíochtúil soiléir;
- línte freagracha dea-shainithe, comhsheasmhacha agus trédhearcacha;
- próisis éifeachtacha chun rioscaí a bhfuilimid fágtha gan chosaint orthu, nó a bhféadfaimis a bheith fágtha gan chosaint orthu, a shainaithint, a bhainistiú, monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a thuairisciú;
- meicníochtaí imleora rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear nósanna imeachta fóna riaracháin agus cuntasafóchta;
- córais agus rialuithe TF; agus
- beartais agus cleachtais i dtaca le luach saothair atá comhsheasmhach le bainistíocht riosca fóna agus éifeachtach agus a chuireann chun cinn í.

Rialú Corparáideach

Tá an Grúpa tiomanta do na caighdeáin rialachais chorporáidigh is airde a choinneáil. Ceanglaítear ar Bhord Vhi cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a ndearna an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe athbhreithniú air i gcaitheamh 2016 (an 'Cód Stáit'). Tá bearta curtha i bhfeidhm ag na Stiúrthóirí chun cloí leis an gCód Stáit. Mar chuid de sin tá sé curtha in iúl acu don Roinn Sláinte go bhfuil siad sásta roinnt nithe, a bhfuil sé riachtanach iad a nochtadh, a chur san áireamh i dTuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh ar an mBord Árachais Sláinte Shaorálaigh, tuarascáil a eisítear chuig an Aire Sláinte gach bliain.

Ceanglaítear ar VHI Insurance DAC, fochuideachta sa ghrúpa, mar ghnóthas árachais neamhshaoil údaraithe, Riachtanais Rialachais Chorporáidigh Bhanc Ceannais na hÉireann do Ghnóthais Árachais 2015 a chomhlíonadh.

Dearbhaíonn na Stiúrthóirí go bhfuil ceanglais na gcód rialachais chorporáidigh a bhaineann le Vhi agus lena fochuideachtaí á gcomhlíonadh.

Dearbhaíonn an Bord córais agus struchtúir chuí rialachais agus le linn 2021 thug sé isteach Téarmaí Tagartha nua agus athbhreithnithe do bhoird Vhi Group DAC, Vhi Insurance DAC agus Vhi Health and Wellbeing DAC, chomh maith le cinn don Ghrúpa agus do na Coistí um Árachas Bainistíochta agus Comhlíonta Riosca agus Iniúchóireachta. Leanfar leis an obair seo in 2022 ach a ndéanfar athbhreithniú agus a athmhachnamh ar Théarmaí Tagartha an Choiste Luacha Saothair agus an Choiste Ainmniúcháin, a bhfuil a sainchúram á leathnú chun rialachas a chur san áireamh. Tabharfar Creatcháipéis Rialachais nua chun críche freisin mar chuid den obair seo.

An Bord Stiúrthóirí

Tugtar liosta de Stiúrthóirí Bhord Vhi amhail an 31 Nollaig 2021 ar leathanach 4 agus sa tábla thíos. Is dhá ról éagsúla iad ról an Chathaoirligh agus ról an Phríomhfheidhmeannaigh. Ceapann an tAire Sláinte na Stiúrthóirí ar fad. Bhí ocht gcruinniú déag ag an mBord i rith 2021 agus bíonn sceideal foirmiúil ceisteanna aige a chuirtear in áirithe go sonrach chun cinneadh a dhéanamh ina leith, lena n-áirítear an plean straitéiseach foriomlán, pleananna bliantúla oibriúcháin, an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais agus mórghníomhaíochtaí corparáideacha a fhaomhadh. Seoltar páipéir an Bhoird chuig gach comhalta i ndóthain ama roimh chruinnithe. Bíonn oiliúint agus treoir chuí ar fáil do gach Stiúrthóir nuair a cheaptar chuig an mBord iad, agus cuirtear oiliúint bhreise ar fáil i rith na bliana, de réir mar is gá. Féadfaidh na Stiúrthóirí comhairle neamhspleách ghairmiúil a fháil. Bíonn fáil ag gach Stiúrthóir ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta agus tá clúdach árachais dlíteanais Stiúrthóra i bhfeidhm. Rinne an Bord meastóireacht inmheánach ar a fheidhmíocht don bhliain 2021.

Tuarascáil na Stiúrthóirí don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2021 ar lean

Tinreamh Comhaltaí Boird agus Comhaltaí Coistí Boird ar Chruinnithe a bhí ar siúl i rith na bliana airgeadais 2021:

	Bord		An Coiste Iniúcháireachta		An Coiste um Luach Saothair		An Coiste um Bainistíocht Riosca & Comhlíonadh		An Coiste Ainmniúchán	
	A	B	A	B	A	B	A	B	A	B
Paul O’Faherty	16**	18			13	13			2+1*	4
Declan Moran	15	15			2	3	7	8	1	1
John O’Dwyer	6 ^Δ	12					4	5	1	1
Brian Walsh	15	15								
Joyce Brennan	17	18			10	10	8*	8	2	2
Peter Cross	16 ^Δ	16	1	1			2	2		
Karen Furlong	15 ^Δ	16			3	3			2	2
Mike Frazer	18	18					8	8		
Mary Halton	18	18	7+1*	8						
Dean Holden	17	18	7	7	3*	3	5	6	2	2
Finbar Lennon	18	18	7	8	13	13			3	4
Greg Sparks	16	18								

*Cathaoirleach an Choiste amhail an 31 Nollaig 2021 **Cathaoirleach an Bhoird ^ΔChuaigh ar scor i rith 2021 ^ΔCeapadh i rith 2021

Rinneadh roinnt athruithe ar an mBord Stiúrthóirí i gcaitheamh 2021. Ceapadh beirt Stiúrthóirí nua, Karen Furlong agus Peter Cross, ar an mBord an 28 Eanáir 2021. Chuaigh John O’Dwyer, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, ar scor an 31 Iúil 2021, agus ceapadh Declan Moran ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach, le héifeacht ón 01 Lúnasa 2021. Ceapadh Declan Moran ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Gníomhach freisin don tréimhse 30 Márta 2021 go 24 Bealtaine 2021 san áireamh.

Colún A: Líon na gcrúinnithe ar fhreastail sé/sí orthu le linn na bliana ina raibh an Stiúrthóir ina c(h)omhalta den Bhord agus ina c(h)omhalta den choiste
Colún B: Líon na gcrúinnithe a tionóladh le linn na bliana ina raibh an Stiúrthóir ina c(h)omhalta den Bhord agus ina c(h)omhalta den choiste

An Coiste Iniúcháireachta

Tá coiste iniúcháireachta bunaithe ag na Stiúrthóirí chun cabhair a thabhairt ó thaobh a chuid freagrachtaí a chur i gcrích.

Amhail an 31 Nollaig 2021 bhí ceathrar Stiúrthóirí neamh-Fheidhmiúcháin ar an gCoiste Iniúcháireachta. Rinneadh athruithe ar an gCoiste Iniúcháireachta i rith na bliana. Chuaigh Dean Holden ar scor mar Chathaoirleach an Choiste le héifeacht ón 27 Meán Fómhair 2021, agus ina dhiaidh sin athcheapadh é ina chomhalta den Choiste an 23 Nollaig 2021. Ceapadh Mary Halton ina Cathaoirleach ar an gCoiste le héifeacht ón 17 Samhain 2021, agus ceapadh Peter Cross ina chomhalta den Choiste le héifeacht ón 27 Meán Fómhair 2021.

Tagann an Coiste Iniúcháireachta le chéile ceithre huair sa bhliain ar a laghad agus déanann sé athbhreithniú ar na cuntais bhliantúla, ar chomhdú rialála áirithe, ar cheisteanna a bhaineann le rialú inmheánach agus ar éifeachtacht na hiniúcháireachta inmheánaí agus seachtraí. Ina theannta sin, cuireann an Coiste Iniúchta moltaí faoi bhráid an Bhoird maidir le hiniúcháirí seachtracha a cheapadh agus déanann sé measúnú ar a n-oibiachtúlacht agus ar a neamhspleáchas. Déantar

athbhreithniú freisin ar an bplean maidir leis an iniúchadh seachtrach agus ar thorthaí an iniúchta ar na ráitis airgeadais. Leagtar amach príomhróil agus príomhfheagrachtaí an Choiste Iniúcháireachta i dtéarmaí tagartha i scríbhinn.

Tá beartas agus próiseas i bhfeidhm ag an gCoiste Iniúcháireachta chun a chinntiú nach mbíonn neamhspleáchas an iniúchta sheachtraigh i gcontúirt, lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar chineál agus ar mhéid na seirbhísí a sholáthraíonn na hiniúcháirí seachtracha trína athbhreithniú bliantúil ar tháillí a íoctar leis na hiniúcháirí seachtracha as seirbhísí iniúcháireachta agus as seirbhísí nach mbaineann le hiniúcháireacht.

An Coiste Ainmniúchán agus an Coiste um Luach Saothair

Tá Coiste Ainmniúchán agus Coiste um Luach Saothair, arna gceapadh ag an mBord, ann freisin. Amhail an 31 Nollaig 2021, tá an Cathaoirleach agus triúr Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin ar an dá Choiste. Chomh maith leis sin, tá Stiúrthóir Feidhmiúcháin (an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) ar an gCoiste um Luach Saothair.

Rinneadh athruithe ar an gCoiste Iniúcháireachta agus ar an gCoiste um Luach Saothair i rith na bliana.

Thar ceann an Bhoird, tá an Coiste Ainmniúchán freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chomhdhéanamh bhoird aonáin an ghrúpa agus moltaí a dhéanamh ina dtaobh, moltaí a dhéanamh i dtaobh pleanáil comharbachta dá bhallraíocht agus iarrthóirí feidhmiúcháin agus neamhfheidhmiúcháin a shainaithint agus a mholadh lena gceapadh ina bhfeidhmeannaigh shinsearacha ar an mBord.

Chuaigh Joyce Brennan ar scor mar Chathaoirleach ar an gCoiste Ainmniúcháin an 27 Meán Fómhair 2021, agus ceapadh Paul O’Faherty ina Chathaoirleach an 3 Samhain 2021. Ceapadh Karen Furlong agus Dean Holden araon ina gcomhaltaí den Choiste le héifeacht ón 27 Meán Fómhair 2021. D’éirigh John O’Dwyer as a bheith ina bhall den Choiste Ainmniúcháin an 31 Iúil 2021. Bhí Declan Moran ina chomhalta den Choiste ar feadh na dtréimhsí (i) 30 Márta 2021 go 24 Bealtaine 2021 agus na dátaí sin san áireamh, le linn dó a bheith ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Gníomhach, agus (ii) 01 Lúnasa 2021 go 27 Meán Fómhair 2021 agus na dátaí sin san áireamh, mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach.

Thar ceann an Bhoird, tá an Coiste um Luach Saothair freagrach as a chinntiú go bhfuil fealsúnacht fhoriomlán na Cuideachta i leith bainistiú agus luach saothair feidhmíochta, dearadh agus struchtúr na heagraíochta agus pleanáil comharbais ag teacht le cuspóirí straitéiseacha na Cuideachta.

Chuaigh Joyce Brennan ar scor mar Chathaoirleach ar an gCoiste um Luach Saothair an 27 Meán Fómhair 2021. Ceapadh Dean Holden ina Chathaoirleach ar an gCoiste um Luach Saothair an 26 Deireadh Fómhair 2021. Ina theannta sin, ceapadh Declan Moran agus Karen Furlong araon ina gcomhaltaí den Choiste Luach Saothair le héifeacht ón 27 Meán Fómhair 2021.

An Coiste um Bainistíocht Riosca agus Comhlíonadh

Tá Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin agus Feidhmiúcháin ar an gCoiste um Bainistíocht Riosca agus Comhlíonadh. Is é a chuspóir, thar ceann an Bhoird, ná a chinntiú go bhfuil creat éifeachtach um bainistíocht riosca agus comhlíonadh i bhfeidhm. Go háirithe, is é an ról atá aige ná maoirseacht, athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na gcóras um chomhlíonadh agus bainistíocht riosca.

Le linn na bliana ceapadh Peter Cross ina chomhalta den Choiste le héifeacht an 27 Meán Fómhair 2021. D’éirigh Dean Holden agus John O’Dwyer as a bheith ina gcomhaltaí den Choiste an 27 Meán Fómhair 2021 agus an 31 Iúil 2021 faoi seach.

Rialú Inmheánach

Thug an Bord éifeacht do mholtaí Rialaithe Inmheánaigh a d’eisigh Banc Ceannais na hÉireann: Treoir do Stiúrthóirí i leith na gCeanglas Rialachais Chorporáidigh do Ghnóthais Árachais 2015 i ndáil le Vhi Insurance DAC, mar aon leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tá na Stiúrthóirí freagrach as córas rialaithe inmheánaigh an Bhoird agus as a éifeachtúlacht a athbhreithniú, agus tacaíonn cruinnithe rialta den Choiste Iniúcháireachta leo an fhreagracht sin a chomhlíonadh. Tá an fhreagracht as cur i bhfeidhm an chórais sin tarmilgthe acu don Bhainistíocht Feidhmiúcháin ó lá go lá.

Soláthraíonn an córas rialaithe inmheánaigh ráthaíocht réasúnta, seachas ráthaíocht iomlán, go bhfuil na sócmhainní á gcosaint ó úsáid nó ó dhiúscairt neamhúdaraíthe agus go bhfuil taifid chuntasaíochta chuí á gcoimeád agus gurb iontaofa í an fhaisnéis arna soláthar leo, le haghaidh úsáid inmheánach agus foilsíú araon. Tá an Bord sásta go bhfuil córas iontaofa um rialú inmheánach i bhfeidhm.

Is iad príomhghnéithe an chórais:

- ullmhaíonn an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh plean Iniúchta Inmheánaigh agus faomhann an Coiste Iniúchta é. Tuairiscíonn Iniúcháireacht Inmheánach don Choiste Iniúcháireachta ar bhonn leanúnach;
- beartais, nósanna imeachta agus struchtúir fhoirmiúla eagraíochtúla lena dtacaítear le timpeallacht rialaithe láidir;
- cuirtear sraith chuimsitheach faisnéise bainistíochta agus táscairí feidhmíochta i dtoll a chéile gach mí. Dá bhrann sin bítear in ann monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn le hais cuspóirí níos fadtéarmaí agus ar bhuiséid bhliantúla, treochtaí a mheas agus gníomhú i ndáil le hathraitheis. Ullmhaítear buiséid mhionsonraithe go bliantúil i gcomhthéacs pleananna straitéiseacha níos fadtéarmaí agus déantar iad a nuashonrú go rialta;
- áirítear leis an straitéis gnó, leis an bpleanáil agus leis an bpróiseas buiséadta anailís ar na mór-rioscaí gnó a mbíonn tionchar acu ar an eagraíocht. Próiseas leanúnach is ea measúnú riosca ar a leagann an Bord béim shuntasach;
- déantar nósanna imeachta cuntasaíochta a dhoiciméadú, timthriallta idirbheart a shainiú, cláir ama cuntasaíochta a mhionsonrú, comhéadain uathoibríocha a rialú, próisis athbhreithnithe agus réitigh a chur i bhfeidhm, dualgais a scaradh agus teorainneacha údaraíthe a sheiceáil; agus
- leithdháileadh freagracht i ndáil le gach mórfheidhm ghnó do chomhaltaí foirne a bhfuil taithí agus cáilíochtaí acu;

Tuarascáil na Stiúrthóirí don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2021 ar lean

Luach Saothair na Stiúrthóirí

Is é an luach saothair bliantúil atá leagtha síos ag an Rialtas don Chathaoirleach agus do gach Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ná €31,500 agus €15,750, faoi seach, le héifeacht ón 1 Eanáir 2015. Ní fhaigheann na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin táille Bhoird faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin.

Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh cuntais Bhord Vhi ar bhonn gnóthas leantach agus shásaigh na Stiúrthóirí dóibh féin go mbeidh dóthain acmhainní ag Bord Vhi chun leanúint ar aghaidh ag oibriú agus chun freastal ar riachtanais sócmhainneachta don todhchaí intuartha. Agus iad ag teacht ar an tuairim sin, measann na Stiúrthóirí gur cuí é sin a dhéanamh ar an mbonn go n-ullmhaítear réamhaisnéisí do bhlianta todhchaí a thugann athruithe réasúnta intuartha ar fheidhmíocht trádála san áireamh. Measúnuithe ar thástálacha struis, struchtúir láidre rialachais a bheith i bhfeidhm, torthaí oibriúcháin sásúla agus seasamh caipitil sásúil i gcaitheamh 2021, chuir siad sin a thuilleadh leis an measúnú sin.

Príomhrioscaí agus príomh-éiginnteachtaí

Socraíodh príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí Bhord Vhi ach a ndearnadh measúnú ar rioscaí ionchasacha airgeadais, straitéisí, oibriúcháin, cliniciúla, iompair agus luacha do chustaiméirí, agus rioscaí do dhaoine agus do nósmaireacht. Déantar leibhéil lamhálaíais riosca Vhi a thaifeadadh sa Ráiteas Inghlacthachta Riosca a fhaomhann an Bord Stiúrthóirí.

Déanann an Bhainistíocht Feidhmiúcháin monatóireacht agus bainistíocht ar phríomhrioscaí Vhi agus tuairiscíonn siad orthu don Bhord Stiúrthóirí go rialta. Tugtar achoimre orthu thíos.

a. Rioscaí ó Chomhionannú Riosca nach leor é i margadh Pobalráitithe

Tá córas árachais sláinte pobalráitithe i bhfeidhm in Éirinn, áit a bhfuil an praghas do dhaoine fásta atá os cionn 25 bliain d'aois i ndáil le plean árachais roghnaithe mar an gcéanna do gach sealbhóir polasaí, beag beann ar aois nó stádas sláinte (gan éifeacht lascaí grúpa nó ualaigh aoise iontrála a chur san áireamh). Is meicníocht choitianta é comhionannú riosca i dtíortha ina bhfuil córais árachais sláinte phobalráitithe. Is próiseas é a bhfuil d'aidhm aige costais éileamh na mball polasaí a mbaineann riosca sláinte níos airde leo a leathadh i measc na rannpháirtithe go léir i margadh an árachais sláinte phríobháidigh. Sa chás nach bhfuil an córas comhionannaithe riosca go hiomlán éifeachtach, tá bagairt ann d'fheidhmiú éifeachtach an mhargaidh phobalráitithe. Ní dhéanann an

Scéim Chothromaithe Riosca (RES) in Éirinn, i dtuairim Vhi, ach páirtchothromú ar na difríochtaí suntasacha i bpróifíil riosca atá ann idir na hárachóirí iomaíocha. Cruthaíonn sé míbhuntáiste iomaíoch d'árachóirí a chlúdaíonn sciar díreireach de na baill pholasaí a mbaineann riosca sláinte níos airde leo, agus tá rioscaí ann dá réir do chaipiteal, do luach agus d'inbhuanaitheacht. Tá roinnt forbairtí dearfacha á ndéanamh ar RES, mar shampla chomhthiomsú éileamh ardchostais a thabhairt isteach, agus beidh sé tábhachtach leanúint díobh seo chun an margaidh árachais sláinte a rith go héifeachtach agus go hinbhuanaithe.

b. Rioscaí ón daonra a bheith ag dul in aois

Is é an toradh a bhíonn ar an daonra a bheith ag dul in aois ná níos mó éilimh ar chóir leighis agus costais gaolmhara níos airde a bhaineann le foireann agus ionchur eile. Toradh a d'fhéadfadh a bheith air sin ná na costais a bhaineann le sealbhóirí polasaí árachais leighis phríobháidigh a bheith níos airde. Bheadh tionchar aige sin ar dhaoine a bheith in acmhainn árachas sláinte príobháideach deonach a cheannach agus bheadh teorainneacha ar fhás an mhargaidh ghaolmhair. Ina theannta sin, tá an tseirbhís sláinte poiblí ag aistriú líon níos mó othar chuig saoráidí príobháideacha cúraim shláinte, rud a fhágann go bhfuil an baol ann go mbeidh rochtain laghdaithe ag custaiméirí árachais sláinte phríobháidigh.

c. Rioscaí a bhaineann le boilsciú leighis agus ginearálta

Bíonn boilsciú leighis ann nuair a fhorbraítear teicneolaíochtaí, drugaí agus cóir leighis nua agus nuair a thagann méadú ar an gcostas a bhaineann le saothar agus le hionchur eile. De bharr boilsciú leighis agus an daonra a bheith ag dul in aois, tagann méadú ar an éileamh ar chóir leighis agus ar an gcostas a bhaineann léi. Tuarann Vhi go bhfásfaidh boilsciú leighis níos gasta ná an gnáthbhoilsciú agus cruthaíonn sé sin riosca d'inacmhainneacht árachais sláinte phríobháidigh agus d'fhás an mhargaidh árachais sláinte phríobháidigh shaorálaigh. Is measa é sin i dtimpeallacht ina bhfuil boilsciú ard go ginearálta agus ina bhfuil brú ar inacmhainneacht táirgí. Tá an chuma ar an scéal go dtiocfaidh méadú ar bhrúnna an bhoilscithe, a bhí ag méadú cheana féin sa dara leath de 2021 mar gheall ar fhadhbanna leis an slabhra soláthair agus téarnamh tapa tomhaltais, de thoradh ar ionradh na Rúise ar an Úcráin. Ní foláir nó go leanfar de na smachtbhannaí eacnamaíocha a gearradh ar an Rúis agus den chur isteach ar sholáthar agus go gcuirfidh siad le praghanna tomhaltais Tá éiginnteacht shuntasach ann maidir le boilsciú amach anseo agus an tionchar a bheidh aige dá réir ar ioncam indiúscartha tomhaltóirí agus ar iompar caiteachais.

d. Rioscaí ó athruithe reachtaíochta agus rialála

Tá soláthraithe árachais leighis phríobháidigh agus seirbhísí cúraim sláinte gaolmhara in Éirinn faoi réir reachtaíocht agus rialáil an Aontais Eorpaigh agus na hÉireann. Tá rioscaí ann go bhféadfadh athruithe reachtaíochta nó rialála a imríonn tionchar ar fheidhmiú na margaí árachais leighis phríobháidigh agus seirbhísí cúraim sláinte an costas ar shealbhóirí polasaí árachais leighis phríobháidigh a mhéadú nó costais bhreise ábhartha a chur ar sholáthraithe árachais nó seirbhísí cúraim sláinte, lena n-áirítear táillí ospidéal poiblí dóibh siúd a bhfuil árachas leighis príobháideach acu, ach gan a bheith teoranta dóibh sin.

e. Riosca margaidh infheistíochta

Tá Vhi neamhchosanta ar raon rioscaí maidir lena phunann infheistíochta. Áirítear orthu sin:

- riosca margaidh nuair nach bhfuil na laghduithe ar luachanna infheistíochta ar aon dul le hathruithe ar luach ár ndlíteanas. Téann riosca geopholaitiúil agus maicreacnamaíoch i bhfeidhm ar riosca margaidh;
- riosca creidmheasa nuair a theipeann ar ár gcontrapháirtithe a n-oibleagáidí uile nó cuid díobh a chomhlíonadh; agus
- riosca leachtachta nuair a bhíonn neamhréir idir an t-am a ndéantar íocaíochtaí agus acmhainní airgid a bheith ar fáil.

Infheistíonn Vhi go príomha in urrúis fiachais d'ardchaighdeán a dtagann a dtéarma le nádúr gearrthéarmach ár ndlíteanas de réir beartais infheistíochta stuama a chuireann an lucht bainistíochta i bhfeidhm, a ndéanann an Coiste Infheistíochta monatóireacht orthu agus a ndéanann an Bord a fhaomhadh

f. Árachas/riosca frithgheallta

Tá Vhi neamhchosanta ar an riosca nach mbeadh praghas na bpréimheanna nó a chúlchistí éileamh ag teacht le déine, le minicíocht ná le huainiú na n-éileamh. Cuireann Vhi réimse maolaitheoirí agus rialuithe i bhfeidhm, agus déanann sé monatóireacht orthu, chun éiginnteacht a laghdú agus tionchar an riosca seo ar phraghsáil, ar chúlchistí agus ar chaipiteal a laghdú. Áirítear orthu sin dlúthchumarsáid lenár soláthraithe leighis, agus anailís achtúireach, mar aon le cur i bhfeidhm an Mheabhráin Tuisceana, comhaontú le hospidéal phoiblí a éascaíonn éilimh a shainaithint go luath. Rachaidh costas agus infhaighteacht cúraim shláinte phríobháidigh agus athruithe ar ár meascán gnó i bhfeidhm ar luaineacht agus ar éiginnteacht an riosca frithgheallta.

g. Cibear-riosca agus riosca i dtaca le cosaint sonraí

Is rithábachtach le Vhi sonraí ár gcustaiméirí agus páirtithe leasmhara eile a chosaint. Tuigeann Vhi go bhfuil cibearchoirpigh ag éirí níos sofaisticiúla. Méadaíonn paindéim COVID-19 na rioscaí sin, ar bhealach, agus táimid ag brath níos mó ar chaidreamh a dhéanamh ar líne le custaiméirí agus le comhghleacaithe. Déanann Vhi infheistíocht i slándáil TF agus i mbearta eile um Chosaint Sonraí lena chinntiú go bhfuil ár gcosaintí agus ár gcumas aisghabhála cothrom le dáta chun cibear-ionsaithe a chosc, a bhainistiú nó téarnamh dá n-éis.

h. Riosca cliniciúil

Chun riosca cliniciúil a bhainistiú ina chuid oibríochtaí sláinte agus folláine, cuireann Vhi cultúr sármhaitheasa chun cinn maidir le heispéireas agus sábháilteacht othar agus custaiméirí, lena gcuirtear oiliúint ar ár gcliniceoirí de réir sainchaighdeán agus lena bhfuil ár seirbhísí agus ár n-áiseanna cliniciúla creidiúnaithe ag clár chreidiúnaithe idirnáisiúnta. Dírionn bainistíocht agus monatóireacht ar riosca cliniciúil ar thorthaí othar, ar shábháilteacht othar, ar rialú ionfhabhtuithe, ar bhainistíocht cógas, ar aiseolas ar eispéireas othar agus ar othar atá ag dul in olcas a bhainistiú. Tá prionsabal an chúraim do chustaiméirí agus caighdeán arda cáilíochta cliniciúla rithábachtach agus ár seirbhísí cúraim shláinte á leathnú againn.

i. COVID-19 nó ionfhabhtuithe eile paindéime

Leanann Vhi de mheasúnú agus de bhainistiú gníomhach a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le COVID-19 toisc gurb í an phaindéim an ní is mó is cúis leis an éiginnteacht agus leis an luaineacht i gcás go leor dár rioscaí. Ó 2020 i leith, ghlac Vhi roinnt gníomhartha atá dírithe ar leanúnachas gnó agus cúram a chinntiú dár gcustaiméirí, dár bhfoireann, dár gcomhpháirtithe cúraim shláinte agus do phríomhpháirtithe leasmhara eile chomh maith le rioscaí airgeadais agus straitéiseacha na paindéime a bhainistiú.

Táimid níos ullmhaithe chun déileáil le tuilleadh rabhartaí COVID-19. Mar sin féin, cruthaíonn cur isteach ar chúram sláinte poiblí agus príobháideach rioscaí do Vhi sa bhreis ar luaineacht costais éilimh. D'fhéadfadh rochtain laghdaithe ar chúram sláinte príobháideach a bheith mar thoradh ar bheartas sláinte poiblí, rud a chuirfeadh tarraingteacht agus inacmhainneacht árachais leighis phríobháidigh agus méid an mhargaidh i mbaol. Cuireann ár bpleananna straitéiseacha na forbairtí seo agus forbairtí gaolmhara eile san áireamh, ina measc athruithe i seachadadh agus i suíomhanna an chúraim shláinte de bharr na paindéime nó ar cuireadh dlús fúthu mar gheall ar an bpaindéim. Is féidir leis an bpaindéim cur isteach ar ár dtimpeallacht ghnó agus ar ár gclár infheistíochta athrúcháin.

Tuarascáil na Stiúrthóirí don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2021 ar lean

Íocann údaráis sláinte phoiblí as an gcostas a bhaineann le cóireáil agus cosc COVID-19. Mar sin féin, ní mór dúinn an seanúlacht a bhaineann leis an bpaindéimí seo agus le paindéimí eile dá shórt a chur san áireamh dár ngnó. Méadaíonn úsáid phoiblí a bhaintear as áiseanna cúraim shláinte phríobháidigh rioscaí frithgheallta mar gheall ar éiginnteacht. Ar na rioscaí sin tá minicíocht an ró-éilimh, cur isteach ar fhorbairt éileamh, costais COVID fada agus éiginnteacht faoi chostais chóireála sa todhchaí agus saoráidí cúram sláinte ag cur nósanna imeachta nua i bhfeidhm chun ionfhabhtuithe a rialú.

Teagmhas suntasach riosca a chuir isteach ar ghnó ba ea COVID-19 agus dá thoradh sin bhí an chuid is mó den fhoireann ag obair go cianta agus rinneadh athruithe bunúsacha ar fhoireann leighis na líne tosaigh. Leanaimid orainn ag bainistiú rioscaí i ndáil le sábháilteacht agus fholáine na foirne mar thosaíocht agus muid ag bainistiú an ghnó trí chéimeanna na paindéime agus ag bogadh chuig bealaí athraithe oibre ina diaidh. Cé go ndeachaigh an gnó in oiriúint do na cúinsí sin, tá athruithe fós ann ar chineál cuid dár rioscaí oibríochta, dá leithéidí suaithheadh gnó agus aisghabháil cliseadh córais.

Bhí tionchar ag an gcur isteach ar sheirbhísí sláinte in ospidéal phoiblí agus phríobháideacha agus ar an tionscal taistil de bharr COVID-19 ar luach ár dtairiscintí árachas sláinte agus taistil. Ghlac Vhi roinnt céimeanna i rith 2020 agus 2021 chun a chinntiú go gcaithfí go cothrom le custaiméirí agus go ndearnamair cumarsáid go soiléir agus go tráthúil. Leanaimid orainn ag déanamh monatóireachta ar na rioscaí seo de réir mar a athraíonn na cúinsí agus cuirimid bearta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcoinnímid custaiméirí i gcroílár ár ngnó.

j. Rioscaí eile

Tá Vhi faoi réir raon rioscaí eile freisin, ina measc riosca oibríochtúil (an riosca go dteipfeadh ar an duine, ar chórais nó ar phróisis), riosca daoine agus nósmaireachta (ina measc na rioscaí a bhaineann le margadh atá i bhfad níos deacra do bhaill foirne a bhfuil príomhscileanna acu), riosca straitéiseach (an riosca go nglacfadh an Bord an straitéis mhícheart nó mura n-éireoidh lena cur i ngníomh) agus riosca iompraíochta (an riosca go mbeadh torthaí éagóracha custaiméirí ann). Tá rioscaí athraithe aeráide agus inbhuanaitheachta tábhachtach do Vhi, freisin. Tá sláinte agus folláine ár gcustaiméirí agus ár bpobal níos leithne ina lárphrionsabail dár gcuspóir agus dár straitéis.

Cúinsí comhshaoil

Tá clár éifeachtúlachta fuinnimh agus dhíchárbóinithe Vhi bunaithe ar oibleagáidí náisiúnta na hearnála poiblí. Cuireann Plean Gnímh ar son na hAeráide de chuid an Rialtais (Samhain 2021) oibleagáid

ar an earnáil phoiblí, ar chomhlachtaí leathstáit ina measc, straitéis a fhorbairt chun laghdú 51% ar a laghad a bhaint amach i ndáil le hastaíochtaí coibhéise dé-ocsaíd charbóin (CO₂ eq.) faoi 2030 agus feabhsú 50% ar thíosacht fuinnimh faoi 2030.

Tá ceanglas ar gach comhlacht poiblí, comhlachtaí leathstáit san áireamh, sonraí fuinnimh mionsonraithe a thuairisciú ar bhonn bliantúil ar an gCóras Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&T) ar líne d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), agus úsáidtear é sin chun a ndul chun cinn a rianú i dtreo sprioc 2030. Bunaithe ar thuairisciú fuinnimh M&T an SEAI 2020, d'fheabhsaigh Vhi a éifeachtúlacht fuinnimh 41.5% ó bhonnlíne 2009. Bunaithe ar uirlis mhúnlaith M&R *Gap to Target* (GTT) an SEAI, is é 253,412kg CO₂ eq na laghduithe breise ar gháis cheaptha teasa (GHG) is gá do Vhi a dhéanamh faoi 2030 chun an sprioc laghdaithe astuithe a bhaint amach.

Sholáthair gníomhaíochtaí coigilte fuinnimh a rinneadh in 2021, mar aon leis na bearta caomhnaithe fuinnimh a bhí ann cheana, coigilteas measta fuinnimh bliana 244,780 kWh san iomlán agus laghdaíodh tionchar comhshaoil na húsáide fuinnimh faoi 66,420kg CO₂. Bunaithe ar chúinsí astaíochtaí tuartha do 2030 a sholáthair SEAI, arb é is cúis leis an dícharbónú ar an eangach leictreachais, laghdófar an bhearna fuinnimh in 2021 go dtí an sprioc 39,624kg CO₂.

Dhear an tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (NewERA) Creat um Ghníomhú ar son na hAeráide do chomhlachtaí leathstáit tráchtála, rud a léiríonn an ról eiseamláireach a bheidh acu sa dícharbónú. Tá sraith chúig ghealltanas ó chuideachtaí sa chreat seo maidir lena gcuspóirí um ghníomhú ar son na haeráide. Ach a nglacfaidh Vhi leis an gcreat sin tabharfaidh Vhi faoi gach ceann de na gealltanas sin mar a seo leanas:

• Cuspóirí um Ghníomhú ar son na hAeráide a Rialú

Déanfar cuspóirí na cuideachta um Ghníomhú ar son na hAeráide a thabhairt isteach i bpleanáil straitéiseach gnó agus déanfar maoirseacht air sin ar leibhéal an Bhoird, lena n-áirítear tuairisciú don Aire ábhartha.

• Sprioc Laghdúcháin agus Astuithe a Thomhas

Glaclaidh an cuideachta go foirmiúil le sprioc laghdúcháin astaíochtaí an rialtais don earnáil phoiblí agus le modheolaíocht tomhais SEAI.

• Astaíochtaí a Thomhas agus a Luacháil i Measúnuithe Infheistíochta

Déanfaidh an cuideachta luach na n-astaíochtaí a mheas mar chuid dá próiseas cinnteoireachta um infheistíochtaí.

• An Geilleagar Ciorclach agus Soláthar Glas

Cothóidh an cuideachta bearta an gheilleagair chiorclaigh agus soláthar glas.

• Faisnéisiú um an Aeráid i gcáipéisí Airgeadas

Saineoidh an chuideachta creat um fhaisnéisiú airgeadais a bhaineann leis an aeráid, creat a bheidh ábhartha agus oiriúnach do ghníomhaíochtaí na cuideachta agus don earnáil/d'earnálacha. Déanfar athbhreithniú ar an gcreat go tráthrialta.

Tá Vhi ag cloí leis an Acht um Bainistiú Dramhaíola (Leasú), 2001 i dtaca le bainistiú dramhaíola agus ní úsáideann sé ach soláthraithe seirbhíse dramhaíola na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, a bhfuil ceadúnas acu agus atá faofa, chun dramhaíl a dhiúscairt.

Tá Vhi tiomanta don chlár bainistithe dramhaíola a fheabhsú go seasta agus é ag leanúint na dtreoirlínte atá leagtha amach ag an gClár Náisiúnta maidir le Dramhaíl a Chosc. Is dramhaíl oifige ghinearálta í an chuid is mó de dhramhaíl Vhi. Roinntear í sna catagóirí seo: dramhaíl ghinearálta, ábhar is féidir a athchúrsáil, ábhar rúnda is féidir a athchúrsáil agus múirín. Cinntíonn sé seo go scarann Vhi an oiread dramhaíola agus is féidir agus go laghdaítear an gá le líonadh talún.

I ndáil le seirbhísí cúraim sláinte Vhi, tá an dramhaíl chliniciúil agus ghuaiseach go léir ag cloí go hiomlán le IPC PP 109 – Treoirlínte maidir le dramhaíl cúraim sláinte a mbaineann riosca léi agus nach mbaineann riosca léi a scaradh agus a dhiúscairt.

Úsáideann Vhi seirbhísí comhairleora sábháilteachta um earraí contúirteacha, Comhlíonadh DCM, chun iniúchadh a dhéanamh ar chomhlíonadh Vhi maidir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar agus Úsáid Fearais Brú Iniompartha) agus leasuithe gaolmhara. Déanann an comhairleoir sábháilteachta um earraí contúirteacha agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath iniúchadh ar Vhi gach bliain freisin. Déanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath iniúchadh ar chomhlíonadh Vhi maidir le dramhaíl chliniciúil a stóráil agus méideanna dramhaíola cliniciúla a thuairisciú.

Baineann ár saoráidí úsáid as réitigh innealtóireachta timpeallachta nua-aimseartha chun ár dtionchar ar an timpeallacht trí chéile a laghdú. Baintear úsáid as córais bailithe báistí a cuireadh i bhfearas inár saoráidí nua leithris, rud a laghdaíonn an gá le huisce cóireáilte agus méideanna in uisce dromchla agus comhchóras séarachais uisce in oifigí Bhaile Átha Cliath agus Chill Chainnigh. Tá uasghrádú go teicneolaíocht chliste ar gach inneall fótachóipeála nua tar éis an méid páipéir a phriontáiltear a laghdú. Rinne Vhi infheistíocht i dteicneolaíocht chlosamhairc do na seomraí cruinnithe chun an gá le taisteal agus le faisnéis i bhformáid pháipéir ag cruinnithe a laghdú.

Nithe i dtaca le fostaithe agus meas ar chearta an duine

Lean Vhi de thorthaí a sholáthar faoina Straitéis uailmhianach Daoine do 2020-2025 le linn 2021. Is tábhachtach le Vhi go mbeadh na luachanna eagraíochtúla seo – a bheith faoi Thionchar Custaiméirí, Macántacht, Cumhachtú, Nuálaíocht agus Misneach – leabaithe go domhain i gcultúr Vhi agus i ngach cleachtas bainistithe daoine. Is tosaíocht dúinne in Vhi é ár nósmaireacht a neartú; tá tús curtha againn le clár nósmaireachta d'fhonn a chur ar ár gcumas é seo a sheachadadh. Is mór againn rannpháirtíocht agus aiseolas comhghleacaithe; déantar suirbhéanna cuisle 'Guth Comhghleacaithe' go rialta ionas gur féidir linn meon comhghleacaithe a thomhas agus a mheas.

Tá beartais Vhi um Meas ag an Obair agus um Éagsúlacht & Uilechuimsitheacht ina gcolúin lárnacha den mheas atá ag an nGrúpa i gcónaí ar fhostaithe. Is é cuspóir an dá bheartas a chinntiú gur timpeallacht í ár n-ionad oibre ina mothaíonn gach duine go gcuirtear fáilte roimhe nó roimpi, go bhfuil sé nó sí sábháilte, go gcaitear go cothrom agus go cóir leis nó léi agus go bhfuil meas ar thuairim agus ar dhearcadh gach duine, go mbaineann luach leo agus go n-éistear leo. Cuirtear comhghleacaithe ar an eolas faoina bhfuiltear ag súil leis i gcód iompair inmheánach Vhi tríd an gCód Iompair atá faofa ag an mBord. Leagtar amach sa bheartas 'Labhairt Amach' atá faofa ag an mBord an creat le cur ar chumas comhghleacaithe taobh istigh de Vhi imní a bhfuil údar léi a chur in iúl agus labhairt amach faoi rún maidir le rudaí a d'fhéadfadh a bheith míchuí. Leagann an beartas seo creat síos le haghaidh imscrúdú cuí agus neamhspleách agus le haghaidh gníomh ina dhiaidh sin. Aithníonn Vhi ceardchumann chun críocha cómhargála agus tá comhaontú comhchoiteann i bhfeidhm i gcás díospóid fostaí leis an gcuideachta. Ina theannta sin, aithníonn Vhi ionadaíocht cheardchumain i gcúrsaí smachta faoi chomhaontuithe maidir leis an bpróiseas smachta agus gearáin.

Fearacht eagraíochtaí eile, ghlac Vhi le cleachtais oibre sholúbtha agus chianda go gasta mar gur oibrigh líon suntasach dár gcomhghleacaithe go cianda le linn phaindéime COVID-19. De réir mar a thagann an tsochaí as an bpaindéim tá athrú tagtha ar ionchais ár gcomhghleacaithe agus na gcomhghleacaithe sin a bheidh againn amach anseo. Tá an tromlach acu ag iarraidh oibriú go cianda amach anseo. Chun a chinntiú go gcoinníonn Vhi le luas an athraithe a bhaineann le cleachtais oibre agus ionchais na gcomhghleacaithe amach anseo, beidh an eagraíocht ag bogadh go múnla hibrideach oibre lena mbainfidh meascán d'obair oifigbhunaithe agus de chianobair.

Tuarascáil na Stiúrthóirí don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2021 ar lean

Éagsúlacht agus lonchuimsiú

Is é cuspóir Vhi cabhrú le custaiméirí saol níos faide, níos láidre agus níos sláintiúla a chaitheamh. Creideann Vhi, chun é sin a sheachadadh, go bhfuil sé ríthábhachtach go léireoidh na daoine inár n-eagraíocht éagsúlacht ár gcustaiméirí, ár n-othar agus shochaí na hÉireann i gcoitinne. Tá Beartas um Éagsúlacht agus lonchuimsiú (É&I) againn le fada a chuireann le straitéis daoine Vhi agus mar eagraíocht táimid tiomanta do nósmaireacht chuimsitheach a chruthú lenár féidir le comhghleacaithe a bheith ar a gcompord agus iad i mbun oibre agus lena n-éistítear le tuairimí gach duine, tuairimí a léirítear meas orthu agus a ndéantar gníomh ina leith.

Is mó í an éagsúlacht ná glúin, nó inscne, áirítear uirthi éagsúlacht smaointe, tacair scileanna agus taithí a chothódh lucht saothair níos éagsúlaí. Tá Vhi tiomanta do thimpeallacht oibre ilghnéitheach agus chuimsitheach a chruthú a chothaíonn lánchumas ár gcomhghleacaithe, a thacaíonn le comhar agus nuálaíocht, a chothaíonn an chruthaitheacht, a chuidíonn linn an tallann is fearr a mhealladh agus a choinneáil agus a threisiúnn rannpháirtíocht na comhghleacaithe. Mar eagraíocht táimid bródúil as a bheith in ann a rá go n-aontaíonn 75% de chomhghleacaithe Vhi gur féidir leo a bheith ar a gcompord ag obair (Guth Comhghleacaithe Vhi, Meitheamh 2021).

Tá beartas Vhi um Éagsúlacht agus lonchuimsiú don bhliain 2021 ina bhonn agus ina thaca ag na trí cholún dár straitéis; Nósmaireacht an lonchuimsithe, Todhchaí na hOibre, agus Forbairt ár nDaoine agus Phíblíne na Tréitheachta, rud a chuireann i gcoilár uaillmhian straitéiseach Vhi é. I rith 2021 d'óstáil Vhi roinnt imeachtaí chun aird a tharraingt ar D&I ina measc Lá Idirnáisiúnta na mBan, Lá Idirnáisiúnta na bhFear, Mí an Bhróid, Lá Domhanda na Meabhairshláinte agus imeachtaí eile folláine.

Ina theannta sin seachadadh agus forbraíodh roinnt tionscnamh eile a raibh tionchar acu le linn na bliana:

- Bunaíodh Líonra Ilchultúrtha Vhi agus seoladh é le linn 2021. Is é an misean atá aige ná aird a tharraingt ar chultúir agus ar eitneachtaí éagsúla a léiríonn comhghleacaithe agus bonn custaiméirí Vhi. Tá comhghleacaithe againn de bhun 31 náisiúntacht éagsúil i Vhi.
- Seoladh Líonra na mBan in 2020 agus cuireadh chun cinn é le linn 2021. Is é an misean atá aige ná tacaíocht a thabhairt do mhná Vhi agus iad a chumhachtú chun a lánchumas a bhaint amach, ionadaíocht a dhéanamh ar Vhi sa phobal gnó agus a bheith ina phríomhacmhainn ghnó. Is iad na cuspóirí straitéiseacha atá aige ná feasacht agus tuiscint ar D&I a chruthú, cultúr ionchuimsithe a chothú agus ár ndaoine a fhorbairt.

- Cothaíodh agus soláthraíodh sláinte agus folláine na gcomhghleacaithe a thuilleadh, rud a bhí thar a bheith tábhachtach i bhfianaise na ndianghlásálacha agus na cianoibre. Mar chuid den obair sin, tairgeadh Lá Folláine (lá breise saoire bliantúla) do gach comhghleacaí in 2021.
- Clár forbartha Mná i gCeannas a thógáil agus a sheoladh a chothaíonn ceannaireacht agus cumas i leith an bhunathraithe.
- Clár forbartha bainistíochta a chruthú agus a sheoladh ar a dtugtar Colleague Growth @ Vhi. Déanfar an clár seo a chur ar fáil do gach bainisteoir daoine ar fud an Ghrúpa, rud a chuirfidh teachtaireachtaí comhsheasmhacha agus oiliúint ar fáil dár mbainisteoirí daoine go léir.

Tá an Bord meáite ar na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh, trédhearcachta agus cuntasachta a bhaint amach. Mar aon leis an bhfoireann Feidhmiúcháin, aithníonn an Bord go gcuideoidh éagsúlacht tacair scileanna, eispéiris, cáilíochtaí, inscne agus cúlraí le Vhi a bheith ina áit oibre níos fearr, go gcabhróidh sé leis an leas is fearr a bhaint as an bpróiseas cinnteoireachta agus é a chothromú, agus go laghdóidh sé rioscaí iompar agus nósmaireachta.

Ina theannta sin, aithníonn an Bord an ról lárnach atá ag cultúr uilechuimsitheach lena chinntiú go mbaintear amach féidearthacht na héagsúlachta ar leibhéal an Bhoird.

Tá Beartas um Éagsúlacht i ndáil le Ceapacháin agus Ballraíocht an Bhoird i bhfeidhm ó 2015 agus déantar é a athbhreithniú gach bliain. Déanann an Coiste Ainmiúcháin, thar ceann an Bhoird, athbhreithniú ar chomhdhéanamh an Bhoird gach trí bliana ar a laghad agus molann sé stiúrthóirí nua a cheapadh de réir mar is cuí agus de réir Mhairtís Scileanna an Bhoird, threoir an Bhainc Ceannais chomh maith leis an larscríbhinn nua a ghabhann le Cód an Stáit um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Uilechuimsitheacht. Is é is aidhm leis an mBord cothromaíocht a bhaint amach idir stiúrthóirí fir agus mná ó raon leathan cúlraí a bhfuil raon leathan scileanna, saineolais agus taithí ábhartha acu. Aithníonn an Bord ról an Aire i gceapadh comhaltaí ar an mBord agus féachfaidh sé le tacú leis an Aire maidir leis an ionadaíocht íosta 40% is gá a bhaint amach i ndáil le stiúrthóirí mná agus fir ar Bhoird Stáit. Tá an Bord tiomanta d'ionadaíocht inscne 40% a bhaint amach ar bhoird fhochuideachtaí Vhi.

Leanfaimid orainn ag cur leis an obair atá tugtha chun críche go dtí seo, agus ina theannta sin, díreoidh pleán ghrúpa stiúrtha D&I do 2022, le tacaíocht ón bhFoireann Feidhmiúcháin, ar thrí réimse eile:

- D&I a neadú a thuilleadh laistigh den eagraíocht:
 - Na trí líonra D&I a neadú go hiomlán le hurraíocht feidhmiúcháin tiomnaithe.

- Caidreamh agus rannpháirtíocht níos mó a dhéanamh le comhghleacaithe maidir le D&I, a bhfuil ann, a thábhachtaí atá sé tábhachtach san eagraíocht agus conas is féidir le comhghleacaithe tacú le nósmaireacht níos ionchuimsithí i Vhi.
- De bhun an tsuirbhé faoi leith eagraíochtúil um D&I in 2018, suirbhé diagnóiseach D&I a dhéanamh chun a fháil amach cá ionchuimsithí atá Vhi dar le comhghleacaithe mar aon le plean chun athbhreithniú a dhéanamh, bearnaí a aithint agus pleananna gnímh a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar aon ghníomhartha nó ar aon bhearnaí.
- Leanúint ar aghaidh ag forbairt ár ndaoine agus na píblíne tallainne ach leanúint leis na hiarrachtaí móra a rinneadh chun breisoiliúint a chur ar chomhghleacaithe le linn 2021 agus deis a thabhairt do níos mó comhghleacaithe scileanna a fhorbairt a fhágfaidh go n-éireoidh leo ina ról reatha agus iad a ullmhú do ról amach anseo.

D'fhoillíonn tionchar ceart a imirt, ní mór an Éagsúlacht agus an Ionchuimsiú a neadú a thuilleadh sa chaoi a n-oibrímid; sa chaoi a meallaimid agus a gcoinnimid comhghleacaithe agus a dtacaímid leo; agus sa chaoi a gcinntimid todhchaí dhearfach agus inbhuanaithe don Ghrúpa. Tá Vhi meáite ar leanúint dá sheachadadh seo.

Breabaireacht agus caimiléireacht

Tá Vhi tiomanta d'iompar eiticíúil agus go mbeadh na fostaithe agus na stiúrthóirí ag cloí leis na caighdeáin is airde eitice gnó, ghairmiúla agus dhlíthiúla. I gCód Iompair Vhi leagtar amach prionsabail chun fostaithe agus baill den Bhord Stiúrthóirí a threorú agus iad i mbun gnó do Vhi ó lá go lá. Déantar tagairt shonrach do chialais, do chaimiléireacht, do bhreabaireacht agus do dhúmhal.

Féachann Vhi le rialuithe inmheánacha ar leor iad, atá éifeachtach agus atá éifeachtúil ó thaobh costais de a chinntiú. Tá próisis iniúchóireachta ann lena chinntiú go gcuirtear an Creat um Rialú Inmheánach i bhfeidhm sa chaoi is go gcomhlíontar an Beartas um Rialú Inmheánach.

Tugann an Fheidhm Acmhainní Daonna an Cód Iompair, mar aon leis na bearta eile thuasluaite, d'aire gach foist le linn ionduchtú agus tugann Rúnaí na Cuideachta d'aire bhaill na mBord Stiúrthóirí iad nuair a cheaptar iad.

Íoc Pras Cuntas

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá air as a chinntiú go gcomhlíontar forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 (arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach [íocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála], 2012). Tá nósanna imeachta i bhfeidhm

chun na dátaí ar a mbíonn sonraisc dlite le híoc a aithint agus chun íocaíochtaí a dhéanamh ar na dátaí sin, agus dá réir sin, tá an Bord sásta gur chomhlíon Bord Vhi riachtanais na Rialachán.

Foghnóthais

Tugtar liosta d'fhochuideachtaí agus de ghnóthais eile Bhord Vhi amhail an 31 Nollaig 2021 i nóta 35.

Iar-theagmhais

Tugtar mionsonraí faoi na hiar-theagmhais i ndiaidh an 31 Nollaig 2021 i nóta 37.

Taifid chuntasaíochta imleora

Ghlac na Stiúrthóirí le bearta oiriúnacha chun comhlíonadh cheanglais ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 a chinntiú agus aird ar thaifid chuntasaíochta a choimeád. Is iad na bearta sonracha ar glacadh leo foireann chuntasaíochta atá cáilithe go cuí a fhostú agus córais oiriúnacha chuntasaíochta a choimeád. Tá na leabhair chuntas i dTeach Vhi, 20 Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.

Iníúcháirí neamhspleácha

Athcheapadh Deloitte Ireland LLP, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iníúcháireachta Reachtúla, mar iníúcháirí ar an 12 Meán Fómhair 2019. Tá sé curtha in iúl ag Deloitte go bhfuil siad toilteanach leanúint ar aghaidh in oifig de réir alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Ráiteas ar fhaisnéis a nochtadh le hiniúcháirí

A mhéad is atá a fhios ag gach duine de na Stiúrthóirí in oifig ar dháta fhaomhadh na ráiteas airgeadais seo:

- níl aon fhaisnéis a bhaineann leis an iniúchadh nár nochtadh do na hiniúcháirí; agus
- ghlac siad leis na céimeanna uile chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha a bhaineann leis an iniúchadh agus chun a bhunú go bhfuil iniúcháirí Bhord Vhi ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Thar ceann an Bhoird



Paul O'Faherty
Cathaoirleach POF
30 Márta 2022



Declan Moran
Eatramhach, Stiúrthóir
30 Márta 2022

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na Stiúrthóirí agus as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014 agus na rialachán is infheidhme.

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoi dlí, roghnaigh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a chur le chéile de réir FRS 102 agus FRS 103, na gCaighdeán Idirnáisiúnta Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann (“creat ábhartha tuairiscithe airgeadais”). Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní féidir leis na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh ach amháin má tá siad sásta go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Bhord Vhi ag dáta deiridh na bliana airgeadais agus ar bharrachas nó ar easnamh Bhord Vhi don bhliain airgeadais agus go gcomhlíonann siad ar gach slí eile Acht na gCuideachtaí, 2014.

Agus na Ráitis Airgeadais seo á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta do ráitis airgeadais an ghrúpa a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go leanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar;
- a lua ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta infheidhme, na caighdeáin sin a shainaithint, agus an tionchar a bhí ag aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin agus an chúis leis an imeacht ábhartha a lua; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin mura cuí a thiomhdiú go leanfaidh Bord Vhi de bheith i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoimeádann Bord Vhi, nó go socraíonn sé go gcoimeádtar, taifid imleora chuntasaíochta a mhíníonn agus a thaifeadann i gceart idirbhearta Bhord Vhi, a chuireann ar a chumas gur féidir ag am ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus barrachas nó easnamh Bhord Vhi a chinneadh le cruinneas réasúnta, a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus tuarascáil na Stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí, 2014 agus a chuireann ar a chumas na ráitis airgeadais a iniúchadh. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní Bhord Vhi a chosaint agus dá réir as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú. Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus as iontaofacht na faisnéise corparáidí agus airgeadais a bhíonn ar shuíomh gréasáin Vhi.

Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleách do Chomhaltaí an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh

Tuairisc ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

Tuairim ar ráitis airgeadais an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh ('Bord Vhi')

Inár dtuairim, maidir le ráitis airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta:

- tugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta amhail an 31 Nollaig 2021 agus ar bhrabús an ghrúpa don bhliain airgeadais dar chríoch an tráth sin; agus
- ullmháiodh iad de réir an chreata tuairiscithe airgeadais ábhartha agus, go háirithe, de réir cheanglais dhlí na hÉireann.

Is é atá sna ráitis airgeadais a ndearnamar iniúchadh orthu:

Ráitis airgeadais an ghrúpa:

- an Cuntas Comhdhlúite Ioncaim agus Caiteachais;
- an Clár Comhardaithe Comhdhlúite;
- Ráiteas Comhdhlúite maidir le Sreafaí Airgid;
- an Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas;
- an Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid; agus
- na nótaí gaolmhara 1 go 39, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta mar a leagtar amach i nóta 1.

Ráitis airgeadais na máthairchuideachta:

- an Clár Comhardaithe;
- an Ráiteas ar Athruithe ar Chothromas;
- an Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach; agus
- na nótaí gaolmhara 1 go 39, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta mar a leagtar amach i nóta 1.

Ba é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná Dlí na hÉireann agus FRS 102, An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann agus FRS 103, Conarthaí Árachais arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais ("an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha").

Bunús na Tuairime

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire) (ISAs (Éire)) agus an dlí is infheidhme. Déantar cur síos thíos ar na freagrachtaí atá orainn faoi na caighdeáin sin sa chuid *"Freagrachtaí an iniúcháir as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais"* den tuarascáil.

Táimid neamhspleách ar an ngrúpa agus ar an máthairchuideachta de réir na riachtanas eiticíúil a bhaineann lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, an Caighdeán Eiticíúil a d'eisigh Údarás Maoirseachta Iniúcháireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann san áireamh, agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticíúla eile atá orainn de réir na riachtanas seo. Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúcháireachta a fuaireamar chun bonn a chur faoinár dtuairim.

Tátail a bhaineann le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh, is é an tátal a dhéanaimid gur cuí an úsáid a bhaineann na stiúrthóirí as bonn an ghnóthais leantaigh chun na ráitis airgeadais a chur le chéile.

De bhun na hoibre a rinneamar, níor aimsíomar aon éiginnteacht ábhartha a bhaineann le teagmhais nó le cúinsí a chaitheann, astu féin nó le chéile, amhras suntasach ar chumas an ghrúpa agus na máthairchuideachta leanúint ar aghaidh ina ngnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá bhliain déag ar a laghad ón uair a ndéantar na ráitis airgeadais a fhaomhadh chun a n-eisiúna.

Tá cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach le fáil in ailt chuí na tuarascála seo.

Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleách do Chomhaltaí an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh ar lean

Eolas Eile

Is éard atá san fhaisnéis eile ná an fhaisnéis atá sa cháipéis seo, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil an iniúcháir orthu. Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile atá sna ráitis airgeadais. Ní chuimsíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, seachas a mhéad a luaimid go sonrach inár dtuarascáil é, ní léirímid aon chineál conclúide dearbhaithe dá réir sin.

Tá sé de dhualgas orainn an t-eolas eile a chuirtear i láthair a léamh agus, fad a bhímid á dhéanamh sin, a chinneadh an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach ó thaobh ábhair de leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fhaightear le linn an iniúchta, nó an cosúil go bhfuil sé á mhí-lua go hábhartha ar bhealach eile. Sa chás go dtugaimid neamhréireacht ó thaobh ábhair de nó míráiteas ábhartha follasach faoi deara, éilítear orainn a chinneadh cibé an bhfuil míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó an míráiteas ábhartha san fhaisnéis eile atá ann. Má chinnimid, bunaithe ar an obair a rinneamar, go bhfuil míráiteas ábhartha san fhaisnéis eile sin, éilítear orainn é sin a thuairisciú.

Níl aon rud againn le tuairisciú ina leith sin.

Freagrachtaí na stiúrthóirí

Mar a mhínítear níos iomláine sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus a bheith sásta go dtugann siad léargas firinneach cóir agus go gcomhlíonann siad DLí na hÉireann ar gach bealach eile, agus as cibé rialú inmheánach a mheasann na stiúrthóirí a bheith riachtanach le go mbeifear in ann ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó earráide.

Agus iad ag ullmhú na ráiteas airgeadais, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas Bhord Vhi leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ní mór dóibh nithe a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh más infheidhme agus úsáid a bhaint as bunús cuntasáiochta an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé i gceist ag na stiúrthóirí Bord Vhi a leachtú nó scor d'oiriúcháin, nó mura bhfuil an dara rogha acu ach é sin a dhéanamh.

Freagrachtaí an iniúcháir as na ráitis airgeadais a iniúchadh

Is é an cuspóir atá againn dearbhú réasúnach a fháil - cibé an bhfuil na ráitis airgeadais trí chéile saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó earráide, agus tuairisc iniúcháir a eisiúint a áiríonn ár dtuairim. Is cinnteacht ardleibhéil é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go dtiocfaidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAs (Éire) ar mhíráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é go bhféadfadh siad go réasúnta, astu féin nó le chéile, dul i gcion ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéantar de bhun na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh de réir ISAs (Éire), tugaimid breithiúnas gairmiúil agus bíonn amhras gairmiúil orainn ar feadh an iniúchta. Chomh maith leis sin:

- Déanaimid rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna na ráitis airgeadais, cibé mar gheall ar chalaos nó ar earráid a aimsiú agus a mheas, ceapaimid agus cuirimid i bhfeidhm nósanna imeachta iniúchta a thugann aghaidh ar na rioscaí sin, agus faighimid fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí i chun bonn a thabhairt dár dtuairim. Tá baol níos mó ann nach n-aimseofaí míráiteas ábhartha de bhun calaoise le hais míráiteas de bhun earráide, óir d'fhéadfadh claonpháirteachas, góchumadh, faillí d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú an rialúcháin inmheánaigh a bheith i gceist.
- Tuiscint a fháil ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh atá cuí sa chás áirithe atá i gceist, ach ní chun críche tuairim a thabhairt ar éifeachtacht rialú inmheánach Bhord an ghrúpa agus na máthairchuideachta.
- Déanaimid oiriúnacht na mbeartas cuntasáiochta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasáiochta agus na bhfaisnéisí gaolmhara a dhéanann na stiúrthóirí a mheas.
- Táta a bhaint maidir le cé chomh cuí is atá sé go bhfuil na stiúrthóirí ag úsáid bhunús cuntasáiochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fuarthas, cé acu atá nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas Bhord Vhi leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnimid go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orainn aird a tharraingt inár dtuairisc ar na faisnéisí gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, sa chás nach leor na faisnéisí sin, ár dtuairim a leasú. Tá ár gcuid tátal, bunaithe ar fhianaise an iniúchta a

fuaireamar go dtí dáta thuairisc an iniúcháir. Mar sin féin, féadfaidh imeachtaí nó cúinsí sa todhchaí tabhairt ar an aonán (nó ar an ngrúpa, nuair is cuí) scor de bheith ina ghnóthas leantach.

- Meastóireacht a dhéanamh ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar na ráiteas airgeadais trí chéile, na nithe a nochtadh san áireamh, agus cé acu a léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí atá taobh thiar díobh ar bhealach a chuireann i láthair go cóir iad.
- Fianaise leordhóthanach chuí a fháil ar eolas airgeadais na ngníomhaíochtaí gnó laistigh den ghrúpa chun tuairim a thabhairt ar na ráitis airgeadais (chomhdhlúite). Tá iniúcháir an ghrúpa freagrach as iniúchadh an ghrúpa a stiúradh, a fhaire agus as a chur i ngníomh. Is é iniúcháir an ghrúpa amháin atá freagrach as tuairim an iniúchta.

Déanaimid cumarsáid leis na daoine ar a bhfuil cúram an rialachais maidir le raon feidhme agus tráth ama an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aimsíonn an t-iniúcháir le linn an iniúchta.

Tuairisc ar cheanglais dhlíthiúla agus rialála eile

Ábhair a gceanglaítear orainn tuairisciú orthu de bhun eisceachta

De bhun eolas agus thuiscint na cuideachta [grúpa agus na máthairchuideachta] agus a timpeallachta a fuarthas i rith an iniúchta seo, níor shonraíomar aon míráiteas ábhartha i dtuairisc na stiúrthóirí.

Níl aon rud le tuairisciú againn i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- Faoi fhorálacha an Achta um Árachas Sláinte Shaorálaigh 1957.
- Faoi gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ('an Cód'), ceanglaítear orainn tuairisciú daoibh mura léiríonn an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a theastaíonn faoin gCód, faoi mar a áirítear le Tuarascáil na Stiúrthóirí, gur chomhlíon an Grúpa alt 1.9(iv) den Chód nó mura bhfuil sé ag teacht leis an bhfaisnéis a bhfuilimid ar an eolas fúithi ónár gcuid oibre iniúcháireachta ar na ráitis airgeadais.

An tuarascáil seo againne a úsáid

Thugamar faoinár gcuid oibre ar an iniúchadh ionas go bhféadfaimis na nithe is gá dúinn a lua le comhaltaí Bhord Vhi i dtuarascáil an iniúcháir a lua agus ní chun críoch ar bith eile. A mhéid is mó a cheadaítear le dlí, ní dhéanaimid aon fhreagracht a ghlacadh ná a ghabháil orainn féin d'aon duine ach amháin do Bhord Vhi agus do chomhaltaí Bhord Vhi mar chomhlacht, i leith ár gcuid oibre iniúcháireachta, i leith na tuarascála seo, ná i leith na dtuairimí atá ceaptha againn.

Eimear McCarthy

Ar son agus thar ceann Deloitte Ireland LLP

Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúla

Deloitte & Touche House, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2

Dáta: 1 Aibreán 2022

Nótaí: Ní chuireann an t-iniúchadh dearbhú ar fáil i leith chothabháil agus shláine an láithreáin ghréasáin, ina measc rialuithe a úsáidtear chun é seo a bhaint amach, agus go háirithe cé acu a rinneadh aon athruithe ar na ráitis airgeadais seo ó thráth a gcéadfhoilsithe nó nach ndearnadh. Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as na nithe seo ach ní féidir le haon nósanna imeachta rialaithe dearbhú iomlán a thabhairt sa réimse seo.

Ní hionann an reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn raitis airgeadais a chur le chéile agus a scaipeadh agus reachtaíocht i ndlínsí eile.

Cuntas Comhdhlúite Ioncaim agus Caiteachais don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	Notaí	2021 €m	2020 €m
Cuntas Teicniúil:			
Préimh thuillte, glan ar atharachas			
Préimheanna scríofa comhlána	2	1,594.4	1,532.9
Athrú ar an ollsoláthar le haghaidh préimheanna neamhthuillte agus rioscaí neamhéagtha	2,22	(5.5)	(26.5)
Préimh Thuillte, glan ar atharachas		1,588.9	1,506.4
Toradh ar infheistíocht leithdháilte a aistríodh ón gcuntas neamhtheicniúil		(9.1)	(2.1)
Ioncam teicniúil eile, glan ar atharachas	4,5	76.4	74.2
Ioncam Teicniúil Iomlán		1,656.2	1,578.5
Éilimh a tabhaíodh, glan ar atharachas			
Éilimh a íocadh – suim chomhlán	2	(1,294.6)	(1,147.0)
Éilimh a íocadh – sciar an atharachóra		(0.6)	1.1
Athrú ar an soláthar le haghaidh éileamh – suim chomhlán	2,22	0.4	40.1
Athrú ar an soláthar le haghaidh éileamh – sciar an atharachóra	22	(3.8)	(4.9)
		(1,298.6)	(1,110.7)
Luach ar ais do chustaiméir	9,26	(142.2)	(264.5)
Glanspeansais oibriúcháin	2,7	(129.1)	(132.8)
Iarmhéid sa chuntas teicniúil		86.3	70.5
Cuntas neamhtheicniúil:			
Iarmhéid sa chuntas teicniúil		86.3	70.5
Glantóradh ar infheistíocht	10	(9.1)	(2.1)
Toradh ar ioncam infheistíochta leithdháilte a aistríodh chuig an gcuntas teicniúil árachais		9.1	2.1
		86.3	70.5
Ioncam eile	11	26.2	28.6
Speansais eile	12	(37.0)	(37.3)
Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	27	75.5	61.8
Cáin ar bharrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí	13	(10.2)	(9.1)
Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí i ndiaidh cánach	14	65.3	52.7

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 45 go 73. D'fhaomh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais agus d'údaraigh iad lena n-eisiúint an 30 Márta 2022.

Clár Comhardaithe Comhdhlúite amhail an 31 Nollaig 2021

	Notáí	2021 €'m	2020 €'m
Sócmhainní			
Infheistíochtaí			
Talamh a shealbhaítear faoi léas airgeadais	15	1.0	1.0
Talamh agus foirgnimh	16	80.6	67.6
Infheistíochtaí airgeadais eile	17	1,282.5	1,186.6
		1,364.1	1,255.2
Sciar an atharachóra de sholáthairtí teicniúla			
Éilimh gan fóc	22	8.7	12.5
		8.7	12.5
Féichiúnaithe			
Féichiúnaithe ag eascairt as oibríochtaí árachais	33	516.6	484.6
Féichiúnaithe eile	18	364.1	360.9
		880.7	845.5
Sócmhainní eile			
Sócmhainní doláimhsithe	20	0.6	0.5
Sócmhainní seasta inláimhsithe	21	14.6	18.3
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	28	49.5	63.3
Sócmhainn cánach iarchurtha	19	2.6	3.2
		67.3	85.3
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe			
Costais éadála iarchurtha	24	6.3	5.1
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe eile		10.0	6.4
		16.3	11.5
Iomlán na sócmhainní		2,337.1	2,210.0

Clár Comhardaithe Comhdhlúite amhail an 31 Nollaig 2021 ar lean

	Notaí	2021 €'m	2020 €'m
Cothromas agus Dliteanais			
Caipiteal agus cúlchistí			
Cúlchiste ginearálta		773.3	701.2
Ioncam cuimsitheach		85.6	72.1
Cistí Scairshealbhóra		858.9	773.3
Soláthairtí teicniúla			
Soláthar le haghaidh préimh neamhthuillte agus rioscaí neamhéagtha	6,22	565.9	560.4
Éilimh gan íoc	22,33,34	401.4	401.8
		967.3	962.2
Cistí a siarchoinneáladh don Athárachóir	23,34	8.7	12.5
Creidiúnaithe			
Creidiúnaithe ag eascairt as oibríochtaí árachais díreacha		68.0	58.2
Creidiúnaithe agus fabhruithe eile	25	264.1	276.6
Soláthairtí eile	26	158.3	89.7
		490.4	424.5
Dliteanas sochar scoir	31	11.8	37.5
Iomlán na nDliteanas agus Cothromas Scairshealbhóra		2,337.1	2,210.0

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 45 go 73.

D'fhaomh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais agus d'údaraigh iad lena n-eisiúint an 30 Márta 2022.

Sínithe thar a cheann:



Paul O'Faherty
Cathaoirleach POF
30 Márta 2022



Declan Moran
Eatramhach, Stiúrthóir
30 Márta 2022

Clár Comhardaithe Bhord Vhi amhail an 31 Nollaig 2021

	Notaí	2021 €'m	2020 €'m
Sócmhainní			
Infheistíochtaí airgeadais eile			
Infheistíocht i bhfochuideachtaí	17	479.7	479.7
		479.7	479.7
Féichiúnaithe: Méideanna dlite faoi cheann bliain amháin		0.2	0.2
Iomlán na Sócmhainní		479.9	479.9
Cothromas agus Dliteanais			
Caipiteal agus cúlchistí			
Cúlchiste ginearálta		442.4	424.3
Ioncam cuimsitheach		25.7	18.1
Cistí Scairshealbhóra		468.1	442.4
Creidiúnaithe agus fabhruithe eile		-	-
Dliteanas sochar scoir	31	11.8	37.5
Iomlán na nDliteanas agus Cothromas Scairshealbhóra		479.9	479.9

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 45 go 73.

D'fhaomh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais agus d'údaraigh iad lena n-eisiúint an 30 Márta 2022.

Sínithe thar a cheann:



Paul O'Faherty
Cathaoirleach POF
30 Márta 2022



Declan Moran
Eatramhach, Stiúrthóir
30 Márta 2022

Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	Notáí	2021 €'m	2020 €'m
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	27	115.0	129.0
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta:			
Réadmhaoin (a cheannach)		(16.4)	-
Trealamh (a cheannach)		(5.4)	(1.7)
Ioncam a fuarthas ó infheistíocht agus ó dhíbhiní		12.4	13.8
Glan(cheannach)/glan(íol infheistíochtaí punainne		(119.4)	(176.0)
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(128.8)	(163.9)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe:			
Íasachtaí (aisíochta)		-	-
Ús (íochta)		-	-
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe		-	-
(Glanlaghdú)/glanmhéadú ar airgead sa bhanc agus ar láimh		(13.8)	(34.9)
Airgead sa bhanc agus ar láimh amhail tús na bliana airgeadais		63.3	98.2
Airgead sa bhanc agus ar láimh amhail deireadh na bliana airgeadais		49.5	63.3

Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach Bhord Vhi don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021

Níor ullmhaíodh ráiteas ar shreabhadh airgid do Bhord Vhi toisc go bhfuil sé ag baint leas as eisceacht ó shreabhadh airgid a ullmhú faoi FRS 102 mar go bhfuil ráiteas ar shreabhadh airgid san áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite don Bhord Árachais Sláinte Shaorálaigh.

Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas amhail an 31 Nollaig 2021

	Iomlán €m
Amhail an 31 Nollaig 2019	701.2
Barrachas don bhliain airgeadais	52.7
Barrachas/(easnamh) achtúireach ar dhliteanas an chiste pinsin a atomhas	19.4
Amhail an 31 Nollaig 2020	773.3
Barrachas don bhliain airgeadais	65.3
Barrachas/(easnamh) achtúireach ar dhliteanas an chiste pinsin a atomhas	20.3
Amhail an 31 Nollaig 2021	858.9

Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	2021 €m	2020 €m
Barrachas don bhliain airgeadais	65.3	52.7
Barrachas/(easnamh) achtúireach ar dhliteanas an chiste pinsin a atomhas	20.3	19.4
Iomlán	85.6	72.1

Ráiteas Bhord Vhi ar Athruithe ar Chothromas amhail an 31 Nollaig 2021

	Iomlán €m
Amhail an 31 Nollaig 2019	424.3
(Easnamh) don bhliain airgeadais	(1.3)
Barrachas/(easnamh) achtúireach ar dhliteanas an chiste pinsin a atomhas	19.4
Amhail an 31 Nollaig 2020	442.4
Barrachas don bhliain airgeadais	5.4
Barrachas/(easnamh) achtúireach ar dhliteanas an chiste pinsin a atomhas	20.3
Amhail an 31 Nollaig 2021	468.1

Ráiteas Bhord Vhi ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	2021 €m	2020 €m
Barrachas/(easnamh) don bhliain airgeadais	5.4	(1.3)
Barrachas/(easnamh) achtúireach ar dhliteanas an chiste pinsin a atomhas	20.3	19.4
Iomlán	25.7	18.1

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

1. Beartais chuntasaíochta

Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh (“Bord Vhi”) faoin Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957 chun gníomhú mar chomhlacht reachtúil chun árachas sláinte príobháideach a scríobh in Éirinn. Tugtar seoladh na hoifige cláraithe ar leathanach 76. Déantar cur síos ar chineál na n-oibríochtaí agus ar athbhreithniú oibriúcháin agus airgeadais Bhord Vhi i dtuarascáil na Stiúrthóirí ar leathanach 24.

Ráiteas i dtaca le Comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Bhord Vhi don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2021 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102), Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 103 (FRS 103) agus Acht na gCuideachtaí 2014

Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, arna choigeartú chun míreanna áirithe ag luach cóir a áireamh, agus de réir FRS 102 “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann” agus FRS 103 “Conarthaí Árachais” arna eisiúint don Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais. Tá Bord Vhi faoi réir cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014 agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Gnóthais Árachais: Ráitis Airgeadais) 2015. Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn comhdhlúite. Baintear gach iarmhéid, ioncam agus speansas ionghrúpa nuair a chomhdhlúthaítear iad.

Agus ráitis airgeadais á n-ullmhú aige, féadfaidh Bord Vhi imeacht i gcásanna sonracha ó na formáidí a úsáideadh agus clár comhardaithe nó cuntas brabúis agus cailteanais á n-ullmhú mar a leagtar amach i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Gnóthais Árachais: Ráitis Airgeadais) 2015. Sna ráitis airgeadais seo, ba gha leasú a dhéanamh ar an bhformáid fhorordaithe chun a chinntiú go n-úsáidtear teanga atá níos oiriúnaí chun cur síos beacht a dhéanamh ar idirbheart an luacha ar ais don chustaiméir.

Tá ionchas réasúnta ag na Stiúrthóirí go bhfuil a dhóthain acmhainní ag Bord Vhi chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go ceann i bhfad. Leanann siad ar aghaidh, mar sin, ag glacadh bhunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh chun na ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú.

Airgeadra Eachtrach

Cuirtear ráitis airgeadais Bhord Vhi i láthair in Euro, airgeadra feidhmiúil ghrúpa Vhi. Idirbhearta in airgeadraí eile a rinneadh i gcaitheamh na bliana, aistríodh iad ag na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm dátaí na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus

dliteanais in airgeadraí eile a aistriú go Euro ag na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm dáta an chláir comhardaithe. Tá an gnóthachan nó an cailteanas a thagann as sin san áireamh sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Préimheanna a Scríobhadh

Cuimsítear i bpréimheanna comhlána scríofa an t-ioncam préimhe infhaighte ó chustaiméirí i leith polasaithe a thosaigh sa bhliain airgeadais. Léirítear sna préimheanna neamhthuillte comhréir na bpréimheanna scríofa sa bhliain a bhaineann le téarma neamhéagtha na bpolasaithe i bhfeidhm ar dháta an chláir comhardaithe, á ríomh ar bhonn cionroinnt ama.

Éilimh a Tabhaíodh

Cuimsítear in éilimh a tabhaíodh éilimh agus speansais ghaolmhara a íodadh i rith na bliana, chomh maith le hathruithe ar sholáthairtí le haghaidh éilimh gan íoc, lena n-áirítear soláthairtí le haghaidh chostas measta na n-éileamh a tuairiscíodh ach nár íodadh go fóill, na n-éileamh a taibhíodh ach nár tuairiscíodh agus speansais láimhseála ghaolmhara.

Léirítear san ollsoláthar le haghaidh éileamh an dliteanais measta ag eascairt as éilimh leighis a tabhaíodh sna blianta airgeadais reatha agus roimhe seo nár eascair éilimh íoctha astu go fóill. Áirítear sa soláthar liúntas le haghaidh speansais agus láimhseáil éileamh. Ní foláir go mbainfeadh éiginnteacht áirithe le meastachán ar dhliteanais éilimh. Cuirtear lamháil éiginnteachta san áireamh chun an baol nach gcuirfeadh forálacha leordhóthanacha ar leataobh a laghdú. Tá sé i gceist gur leor an fhoráil sin i ndroch-chúinsí is féidir a thuar go réasúnta.

Meastar an soláthar le haghaidh éileamh bunaithe ar an bhfaisnéis is fearr atá ar fáil chomh maith le faisnéis agus teagmhais ina dhiaidh sin. Áirítear coigeartuithe ar shuim an tsoláthair le haghaidh éileamh do bhlianta roimhe seo sa chuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain airgeadais ina ndéantar an t-athrú. Déantar toimhdí stuama ionas go mbeidh an soláthar leordhóthanach i ndroch-chúinsí is féidir a thuar go réasúnta.

Rioscaí Neamhéagtha

Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil ar dháta an chláir comhardaithe, má bhíonn luach measta na n-éileamh agus na gcostas is féidir a lua le tréimhsí neamhéagtha polasaithe atá i bhfeidhm ar dháta an tuairiscithe níos mó ná an soláthar do phréimheanna neamhthuillte i ndáil le polasaithe den sórt sin tar éis aon chostais ar éadail iarchurtha a bhaint, bunaítear soláthar do rioscaí neamhéagtha.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais ar lean

An Scéim Comhionannaithe Riosca

Cuimsítear sa Tobhach Árachais Sláinte suimeanna infoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim i leith dleacht stampála ar pholasaithe árachais leighis phríobháidigh a thosaigh sa bhliain airgeadais. Léirítear sa soláthar le haghaidh tobhach neamhthuillte comhréir an tobhaigh a bhaineann le polasaithe a scríobhadh sa bhliain a bhaineann le téarma neamhéagtha na bpolasaithe i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe, á ríomh ar bhonn cionroinnt ama. Aithnítear an glanmhéid ar bhonn préimheanna tuillte thar shaolré na bpolasaithe agus áirítear í mar ioncam teicniúil eile sa chuntas ioncaim agus caiteachais. Cuimsítear i gCreidmheasanna Préimhe Comhionannaithe Riosca suimeanna infhaighte ón gCiste Comhionannaithe Riosca, arna riar ag an Údarás Árachais Sláinte, i leith polasaithe a thosaigh sa bhliain airgeadais. Léirítear sa soláthar le haghaidh creidmheasanna neamhthuillte comhréir na gcreidmheasanna scríofa sa bhliain a bhaineann le téarma neamhéagtha na bpolasaithe i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe, á ríomh ar bhonn cionroinnt ama. Cuimsítear sna Creidmheasanna Úsáide Ospidéal suimeanna infhaighte ón gciste le haghaidh éilimh a íocadh i rith na bliana.

Comhcheangail ghnó agus cáilmheas

Cuirtear an modh ceannaigh i bhfeidhm chun cuntas a choimeád ar chomhcheangail ghnó. Is ionann an costas ar chomhcheangal ghnó agus luach cóir na comaoine a thugtar, na ndlíteanas a thabhaítear nó a thiomhdaítear agus na n-ionstraimí cothromais a eisítear móide na costais inchurtha go díreach i leith na gcomhcheangal ghnó.

Nuair a shealbhaítear gnó, cuirtear luachanna córa i leith na sócmhainní agus na ndlíteanas is féidir a shainaithint ach amháin mura féidir an luach cóir a thomhas go hiontaoifa. Cuirtear an luach san áireamh i gcáilmheas sa chás sin.

Is ionann cáilmheas aitheanta agus farasbarr luach cóir na comaoine ceannaigh agus chostais na comaoine ceannaigh inchurtha i leith na gcomhcheangal ghnó thar luachanna córa na nglansócmhainní a shealbhaítear. Déantar cáilmheas a amúchadh thar a shaolré fhóinteach ionchais. Déantar measúnú ar cháilmheas i gcomhair bearnúcháin má bhíonn táscairí bearnúcháin ann agus gearrtar aon bhearnúchán ar an gcuntas brabúis agus caillteanais.

Sócmhainní doláimhsithe

Sócmhainní doláimhsithe a shealbhaítear ar leithligh, tomhaistear ar a gcostas iad nuair a aithnítear ar dtús iad. Is é an costas ar shócmhainní doláimhsithe a fuarthas i gcomhcheangal gnó ná a luach cóir amhail dáta a sealbhaithe. I ndiaidh iad a aithint ar dtús, iompraítear sócmhainní doláimhsithe ar a gcostas lúide aon amúchadh carnach agus aon chaillteanais bhearnúcháin charnacha.

Aithnítear na costais ar cheadúnais agus forbairt bogearraí ríomhaireachta mar shócmhainní doláimhsithe nuair nach dlúthchuid de na crua-earraí gaolmhara iad agus déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar a saolré úsáideach mheasta de cheithre bliana. Aithnítear costais a bhaineann leis na bogearraí ríomhaireachta a chothabháil mar speansais nuair a thabhaítear iad.

Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

Aithnítear talamh, foirgnimh agus sócmhainní inláimhsithe eile ar a gcostas ar dtús. Áirítear ar chostas aon chostais is féidir a lua go díreach leis an úsáid atá i gceist a bhaint as an tsócmhainn. Cuirtear costais le haghaidh sócmhainní á dtógáil san áireamh faoi obair idir lámha go dtí go mbaintear úsáid as an tsócmhainn.

i) Talamh agus foirgnimh

Iompraítear talamh agus foirgnimh ag luach cóir, rud a léiríonn cúinsí margaidh ag dáta an tuairiscithe. Gnóthachain nó caillteanais a eascraíonn as athruithe ar luachanna córa talún agus foirgneamh, cuirtear sa chuntas ioncaim agus caiteachais iad sa bhliain ina dtagann siad chun cinn, an éifeacht chánach chomhfhreagrach san áireamh. Déanann luachálaí creidiúnaithe neamhspleách seachtrach, a bhí ag plé le déanaí leis an áit ina bhfuil an réadmhaoin agus le haicme na réadmhaoine, na luachanna córa a luacháil gach bliain.

Coinnítear gach réadmhaoin i ndea-chaoi an t-am ar fad. Dá bharr sin, creideann na stiúrthóirí go bhfuil saolré gheilleagrach agus luach iarmharach na réadmhaoine sin chomh maith sin nach bhfuil an dímhéas suntasach agus ní chuirtear ar fáil é dá bhrí sin.

ii) Sócmhainní Inláimhsithe

Iompraítear sócmhainní inláimhsithe ar a gcostas lúide dímheas carntha. Déantar dímheas a ríomh ar bhonn líne dhíreach d'fhonn an costas a bhaineann le sócmhainní a dhíscríobh go dtí a luach iarmharach thar a saolré úsáideach mheasta mar seo a leanas:

Mótarfheithiclí	4 bliana
Trealamh ríomhaireachta	4 bliana
Troscán, feistis, trealamh leighis agus oifige	5 bliana

Maidir le caiteachas a thabhaítear chun trealamh ríomhaireachta a fhorbairt a bhfuil a shuim suntasach agus a meastar go bhfuil tairbhe gheilleagrach leis do Bhord Vhi a mhairfidh níos mó ná bliain amháin sa todhchaí, déantar é a chaipitliú agus a dhímheas thar na blianta ina meastar go dtiocfaidh na tairbhí geilleagracha chun cinn. Ceithre bliana ar a mhéad atá sa tréimhse sin. I gcás éiginnteachta maidir lena thairbhe gheilleagrach sa todhchaí, gearrtar an caiteachas ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais.

Léasanna

Déantar sócmhainní a shealbhaítear faoi léasanna airgeadais, faoi chonarthaí fruilcheannaigh agus faoi shocrúithe eile atá cosúil leo sin, a bhronnann cearta agus oibleagáidí atá cosúil leo siúd a bhaineann le sócmhainní faoi úinéireacht, a chaipitliú mar shócmhainní seasta inláimhsithe ag luach cóir na sócmhainne léasaithe (nó, más lú, luach láithreach na n-íoslocaíochtaí léasa mar a cinneadh iad ag tús an léasa) agus déantar iad a dhímheas thar an téarma léasa níos giorra agus a shaolré úsáideach. Déantar na gnéithe caipitiúla d'oibleagáidí léasa todhchaí a thaifeadadh mar dhliteanais, agus gearrtar na gnéithe úis ar an gcuntas brabúis agus caillteanais thar thréimhse na léasanna chun ráta úis tréimhsiúil seasmhach ar an iarmhéid atá fágtha den dliteanas a chur ar fáil.

Sócmhainní agus Dliteanais Airgeadais

Cuimsíonn infheistíochtaí Bhord Vhi urrúis fiachais agus infheistíochtaí cothromais, scaireanna i gcomhghnóthais infheistíochta, díorthaigh, taiscí i mbainc, agus infheistíocht i bhfochuideachtaí.

Aithnítear sócmhainní agus dliteanais airgeadais nuair a dhéantar páirtí i bhforálacha conartha na hionstraime de Bhord Vhi. Aicmítear dliteanais airgeadais agus ionstraimí cothromais

de réir bhunús na socruithe conartha a rinneadh. Is ionann ionstraim chothromais agus aon chonradh a léiríonn leas iarmharach i sócmhainní an aonáin i ndiaidh a dhliteanais ar fad a bhaint.

Déantar na sócmhainní agus dliteanais airgeadais ar fad, seachas díorthaigh, a thomhas ar a gcostas ar dtús.

Sanntar agus tomhaistear ionstraimí fiachais ag a luach cóir trí bhrabús agus caillteanas mar gur cuid de phunann iad a bhainistítear ar bhonn luacha chóir de réir bheartas infheistíochta agus bainistíochta riosca Bhord Vhi. Tomhaistear infheistíochtaí i ngnáthscaireanna ag a luach cóir agus aithnítear athruithe ar a luach cóir sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Aithnítear díorthaigh ag luach cóir i dtosach ar an dáta a dtéitear i mbun conradh díorthaigh agus atomhaistear iad ina dhiaidh sin ag a luach cóir. Aithnítear athruithe ar an luach cóir láithreach sa chuntas ioncaim agus caiteachais neamhtheicniúil. Faightear luachanna córa ó phraghsanna margaidh luaite i margaí gníomhacha, idirbhearta a rinneadh ar an margadh le déanaí san áireamh, agus teicnící luachála, lena n-áirítear múnlaí agus roghanna sreafa airgid lascainithe agus múnlaí á bpraghsáil mar is cuí. Tá díorthaigh san áireamh faoi "Infheistíochtaí airgeadais eile" sa nóta leis na ráitis airgeadais. Is sócmhainn é gach díorthach nuair atá an luach cóir deimhneach agus is dliteanas é gach díorthach nuair atá an luach cóir diúltach.

Ní dhí-aithnítear sócmhainní airgeadais ach amháin sna cásanna seo: a) téann cearta conartha don sreabhadh airgid ón tsócmhainn airgeadais in éag nó socraítear iad, b) aistríonn an Bord Vhi rioscaí agus luach saothair uile na sócmhainne airgeadais go substaintiúil do pháirtí eile, nó c) aistríonn Bord Vhi, d'ainneoin roinnt de rioscaí agus buntáistí suntasacha na húinéireachta a choinneáil, rialú na sócmhainne go páirtí eile agus tá an cumas praiticiúil ag an bpáirtí eile an tsócmhainn a dhíol ina hiomláine le tríú páirtí neamhbhainteach agus tá sé in ann an cumas sin a chur i bhfeidhm go haontaobhach gan aon ghá srianta breise a chur i bhfeidhm ar an aistriú.

Ní dhí-aithnítear dliteanais airgeadais ach nuair a urscaoiltear an oibleagáid a shonraítear sa chonradh, nuair a chuirtear ar ceal í nó nuair a théann sí in éag.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais ar lean

Nuair is féidir, marcáiltear ionstraimí airgeadais ag praghsanna a luaitear i margaí gníomhacha. I gcásanna áirithe, ní bhíonn eolas den sórt sin ar phraghsanna ar fáil le haghaidh na n-ionstraimí ar fad agus úsáideann Bord Vhi teicnící luachála chun ionstraimí dá leithéid a thomhas. Úsáideann na teicnící sin “ionchuir inbhraite margaí” nuair a bhíonn siad ar fáil, arna ndiorthú ó shócmhainní cosúla i margaí cosúla agus gníomhacha, ó phraghsanna a bhí ar earraí inchomparáide le déanaí nó ó shonraí margaí inbhraite eile. Sa chás nach bhfuil sonraí tagartha inbhraite ar fáil do roinnt de na paraiméadair, nó dóibh ar fad, measann Bord Vhi na hionchuir inbhraite neamh-mhargaidh a úsáidtear ina samhla luachála.

Infheistíocht i bhFochuideachtaí

Aithnítear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí ar a gcostas. Ag deireadh gach bliana, déantar athbhreithniú chun a chinneadh an bhfuil aon léiriú ar bhearnú ann. I gcás bearnú, déantar infheistíochtaí i bhfochuideachtaí a thaifeadh ag a suim inghnóthaithe.

Bearnú

Déantar measúnú ar shócmhainní airgeadais, seachas iad siúd ag luach margaidh, le haghaidh táscairí bearnúcháin ar gach dáta de chuid an chlár comhardaithe. Bíonn sócmhainní airgeadais bearnaithe nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ar bhearnúchán ann de thoradh teagmhas amháin nó níos mó a tharla tar éis aithint tosaigh na sócmhainne airgeadais, agus go mbíonn tionchar ag an teagmhas (nó teagmhais) ar shreabhadh measta airgid sa todhchaí.

Ioncam Infheistíochta

Cuimsíonn ioncam infheistíochta díbhinní, ús, cíos, gnóthachain agus caillteanais réadaithe, agus gnóthachain agus caillteanais neamhréadaithe ar shócmhainní luacha chóir. Cuirtear ioncam infheistíochta i láthair glan ar chaiteachas infheistíochta gaolmhar. Aithnítear caiteachas cíosa agus infheistíochta nuair a thabhaítear é. Is le modh an úis ghlain a aithnítear ioncam úis. Áirítear ioncam ó chothromais ar bhonn na ndíbhinní a fuarthas i rith na bliana airgeadais. Cuirtear gnóthachain agus caillteanais réadaithe agus neamhréadaithe i láthair sa chuntas ioncaim agus caiteachais neamhtheicniúil sa bhliain airgeadais ina dtarlaíonn siad.

Tá leithdháileadh an toraidh ar infheistíocht ón gcuntas neamhtheicniúil go dtí an cuntas teicniúil bunaithe ar thoradh ar infheistíochtaí is inchurtha i leith an ghnó árachais.

Pinsean

Tá fostaithe áirithe de chuideachtaí ghrúpa Vhi páirteach i scéim pinsin le sochar sainithe Bhord Vhi.

Meastar an costas a bhaineann le sochair a sholáthar agus dliteanais na bpleananna le sochar sainithe ag úsáid mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa, agus tugtar faoi luachálacha achtúireacha ar gach dáta de chuid an chlár comhardaithe.

Aithnítear costas seirbhíse reatha, costas úis agus toradh ar shócmhainní scéime i gcuntas ioncaim agus caiteachais Bhord Vhi. Aithnítear an barrachas nó an t-easnamh achtúireach i ráiteas ar ioncam cuimsitheach iomlán Bhord Vhi. Aithnítear costas seirbhíse san am atá thart láithreach. Aithnítear an glanbarrachas nó glaneasnamh ar an scéim pinsin le sochar sainithe, glan ar cháin iarchurtha, ar chlár comhardaithe Bhord Vhi.

Faidhmíonn Bord Vhi scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe freisin d'fhostaithe incháilithe. Coinnítear sócmhainní an phlean ar leithligh ó shócmhainní Bhord Vhi i gcistí faoi smacht lontaobhaithe na Scéime. Gearrtar costais a eascraíonn as scéimeanna pinsin ar chuntas ioncaim agus caiteachais Bhord Vhi mar speansas de réir mar a bhíonn siad dlite.

Aithníonn fochuideachtaí Bhord Vhi costais ina gcuntas brabúis agus caillteanais mar mhéid is ionann agus a ranníocaíocht atá iníoctha mar fhostóir de chuid ball scéime.

Ioncam Eile

Áirítear ar ioncam eile coimisiún gníomhaireachta árachais a tuilleadh as táirgí árachais a dhíol thar ceann cuideachtaí árachais eile. Maidir le coimisiún gníomhaireachta árachais do tháirgí nach dteastaíonn tuilleadh seirbhíse lena n-aghaidh, aithnítear mar ioncam é nuair a chuirtear tús leis an bpolasaí gaolmhar. Maidir le coimisiún gníomhaireachta árachais do tháirgí a dteastaíonn tuilleadh seirbhíse do chustaiméirí lena n-aghaidh, aithnítear de réir méid cothrom é thar shaolré na bpolasaithe.

Cuimsíonn ioncam eile ioncam ó sheirbhísí sláinte a chur ar fáil do chliant freisin. Is ionann ioncam ó sheirbhísí sláinte a chur ar fáil do chliant agus luach na sonrasc agus an obair atá fós ar siúl i dtaca le seirbhísí sláinte a chuirtear ar fáil do chliant, gan cáin bhreisluacha san áireamh.

Costais Éadála Iarchurtha

Cláraítear mar chaiteachas na costais a thabhaítear i rith na bliana airgeadais atá inchurtha go díreach i leith gnó nua árachais a fháil sa bhliain chuntasaíochta chéanna ina dtuilltear na préimheanna lena mbaineann siad. Aithnítear gach costas éadála eile mar speansas nuair a thabhaítear é. I ndiaidh iad a aithint ar dtús, iarchuirtear na costais seo ar cóimhéid leis an soláthar do phréimheanna neamhthuillte. Athbhreithnítear costais éadála iarchurtha ag deireadh gach bliana tuairiscithe agus díscríobhtar iad nuair nach meastar a thuilleadh gur féidir iad a aisghabháil.

Soláthairtí

Áiríodh soláthairtí le haghaidh oibleagáidí reatha ar eolas ag eascairt as teagmhais san am atá thart bunaithe ar mheastacháin an lucht bainistíochta, ag cuimsiú athbhreithniú ar fhaisnéis atá ar fáil agus comhairle sheachtrach oiriúnach nuair atá sí ar fáil.

Athárachas

Coimeádtar cuntas ar mhéideanna athárachais ar aon dul leis an gcomhaontú athárachais agus déantar cur síos orthu thíos. Tháinig deireadh leis an gcomhaontú athárachais an 31 Nollaig 2017.

Baineann coimisiúin athárachais le coimisiún athárachais agus le rannpháirtíocht bhrabúis fabhráithe ar bhonn na bpréimheanna géillte agus na n-éileamh aisíochta agus cuirtear i láthair iad sa chuntas ioncaim agus caiteachais in ioncam teicniúil eile.

Aithnítear préimheanna iníochta i leith athárachas géillte thar thréimhse an chonartha athárachais. Aithnítear soláthar teicniúil, sciar an athárachóra de phréimh neamhthuillte, le haghaidh an chuid de na préimheanna géillte atá fágtha ar chonarthaí neamhéagtha.

Aithnítear soláthar teicniúil breise, sciar an athárachóra d'éilimh gan íoc, chun léiriú a thabhairt ar an tsuim a mheastar atá in-aisghabhála faoi na conarthaí athárachais i leith na n-éileamh gan íoc a dtuairiscítear orthu faoi dhliteanais árachais. Déantar an tsuim is in-aisghabhála ó athárachóirí a luacháil ar dtús ar an mbonn céanna leis an soláthar bunúsach d'éilimh. Laghdaítear an tsuim in-aisghabhála nuair a thagann teagmhas chun cinn tar éis na haitheanta tosaigh a chuireann fianaise oibiachtúil ar fáil go mb'fhéidir nach bhfaighidh Bord Vhi na suimeanna dlite ar fad faoin gconradh agus go bhfuil tionchar intomhaiste réasúnta ag an teagmhas ar an tsuim a mheastar a bheidh in-aisghabhála ón athárachóir.

Cistí a siarchoinneáladh ón Athárachóir

Is ar bhonn cistí a siarchoinneáladh a rinneadh an conradh athárachais. Faoi na comhaontuithe, coinníonn Vhi préimheanna atá cothrom ar a laghad leis an tsócmhainn athárachais i gcónaí.

Cáin

Tá an muirear cánach bunaithe ar an mbarrachas cáinchoigeartaithe don bhliain arna ríomh ag rátaí reatha. Foráiltear don cháin reatha ag suimeanna a mheastar a íocfar nó a aisghabhfar ag úsáid na ndlíthe agus na rátaí cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil faoi dháta an chlár chomhardaithe.

Cáin Iarchurtha

Soláthraítear cáin iarchurtha ar dhifríochtaí uainithe idir an barrachas inchánach agus an barrachas mar a luaitear sna ráitis airgeadais é. Déantar na soláthairtí ag na rátaí cánach a mheastar a bheidh i bhfeidhm sna blianta a mheastar go rachaidh na difríochtaí uainithe sa treo eile. Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha sa mhéid gur dócha go n-aisghabhfar iad.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais ar lean

2. Mionsonraí gnó

Is é gnó árachais Bhord Vhi ná árachas sláinte agus scríobhtar an gnó ar fad i bPoblacht na hÉireann.

Déantar anailís thíos ar an bpréimh chomhlán a tuilleadh, méid comhlán na n-éileamh a tabhaíodh, an caiteachas oibriúcháin agus an t-iarmhéid athárachais do Bhord Vhi:

	2021 €m	2020 €m
Préimh scríofa chomhlán	1,594.4	1,532.9
Athrú ar an soláthar le haghaidh préimh neamhthuillte agus rioscaí neamhéagtha (nóta 22)	(5.5)	(26.5)
Préimh chomhlán thuillte	1,588.9	1,506.4
Ioncam teicniúil comhlán eile (nóta 5)	72.9	71.1
Éilimh a íocadh – suim chomhlán	(1,294.6)	(1,147.0)
Athrú ar an soláthar le haghaidh éileamh – suim chomhlán (nóta 22)	0.4	40.1
Éilimh chomhlána thabhairte	(1,294.2)	(1,106.9)
Caiteachas oibriúcháin	(129.1)	(132.8)
(Easnamh)/barrachas athárachais	(0.9)	(0.8)

3. Préimh thuillte

Is le hárachas sláinte a bhaineann an phréimh go léir a tuilleadh agus is i bPoblacht na hÉireann atá an gnó go léir a scríobhadh.

4. Ioncam teicniúil eile, glan ar athárachas

	2021 €m	2020 €m
An Scéim Comhionannaithe Riosca – comhlán (nóta 5)	72.9	71.1
Coimisiúin athárachais*	3.5	3.1
	76.4	74.2

*Chuaigh an Conradh Athárachais in éag an 31 Nollaig 2017 agus tá sé á réiteach faoi láthair.

5. An scéim comhionannaithe riosca

	2021 €m	2020 €m
Creidmheasanna Comhionannaithe Riosca	489.4	475.3
Tobhach Árachais Sláinte	(416.5)	(404.2)
	72.9	71.1

Is éard atá i gCreidmheasanna Comhionannaithe Riosca ná creidmheasanna a íocann an Ciste Comhionannaithe Riosca i leith baill níos sine de pholasaithe árachais leighis phríobháidigh agus/nó baill de na polasaithe sin atá san ospidéal. Faightear iad seo i gcomhair gach duine faoi árachas atá os cionn 65 bliain d’aois agus i gcomhair éileamh a íocadh a raibh cás lae san ospidéal nó fanacht thar oíche san ospidéal mar chuid díobh.

Is dleacht stampála é an Tobhach Árachais Sláinte a bhíonn le híoc nuair a dhéantar athnuachan ar pholasaí árachais sláinte phríobháidigh in Éirinn, nó nuair a chuirtear tús le polasaí, agus baintear úsáid as chun an scéim comhionannaithe riosca a mhaoiniú.

6. Rioscaí neamhéagtha

Déanann na Stiúrthóirí measúnú gach bliain ar cé acu a dtabhóidh nó nach dtabhóidh Bord Vhi easnaimh ar an ngné neamhéagtha de pholasaithe reatha árachais leighis phríobháidigh. Déantar measúnú air sin ach tástáil leordhóthanachta dliteanais a dhéanamh ar an gcuid neamhéagtha den ghnó. Baineann an phríomh-éiginnteacht le costas agus le méid na n-éileamh sa todhchaí. Is ionann an méid a soláthraíodh amhail Nollaig 2021 agus €0.0m (2020: €22.9m).

7. Glanchostais oibriúcháin

	2021 €'m	2020 €'m
Costais éadála	16.2	16.2
Athrú ar chostais éadála	0.6	(0.3)
Speansais riaracháin	112.3	116.9
Glanspeansais oibriúcháin	129.1	132.8

8. Sochair fostaíochta agus luach saothair na stiúrthóirí

	2021 €'m	2020 €'m
Díolaíochtaí		
Díolaíochtaí comhiomlána a d'íoc Vhi le stiúrthóirí	1.4	1.2
Ranníocaíocht le scéimeanna pinsin le ranníocaíocht shainithe	0.1	0.1
	1.5	1.3

Tá ranníocaíochtaí sochair shainithe fostóra a íocadh ar son stiúrthóirí feidhmiúcháin san áireamh taobh istigh de dhíolaíochtaí. Faigheann stiúrthóirí polasaí árachais leighis phríobháidigh ó Vhi i rith a seala mar stiúrthóir.

	2021	2020
Ba é seo a leanas an meánlíon daoine a fostaíodh go míosúil i rith na bliana airgeadais (stiúrthóirí san áireamh):	1,491	1,455

	2021 €'m	2020 €'m
Ba iad na costais foirne:		
Pá agus tuarastail	98.2	95.6
Costais leasa shóisialaigh	11.2	10.0
Costais sochar scoir eile	14.0	13.9
Costais chúitimh eile	6.3	5.5
	129.7	125.0

Chuaigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar scor ar an 31 Iúil 2021. Ba é an luach saothair iomlán, ranníocaíocht phinsin san áireamh, a íocadh agus a cuireadh san áireamh sna glanspeansais oibriúcháin sa bhliain go dtí an 31 Iúil 2021 ná €387,820 (2020: €337,500).

Ceapadh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach le héifeacht ón 1 Lúnasa 2021. Ba é an luach saothair iomlán, ranníocaíocht phinsin san áireamh, a íocadh agus a cuireadh san áireamh sna glanspeansais oibriúcháin don tréimhse ón 01 Lúnasa 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 ná €136,471.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais ar lean

9. Luach ar ais don chustaiméir

	2021 €m	2020 €m
Luach ar ais don chustaiméir	142.2	264.5
	142.2	264.5

Bhí an teacht a bhí ag custaiméirí Vhi ar chúram sláinte thíos leis i gcónaí mar gheall ar thionchar na phaindéim COVID-19 i rith 2021. I rith 2020 chuir Vhi clár i bhfeidhm chun luach a thabhairt ar ais do chustaiméirí, lena n-áirítear préimh fhillte 50% ar an meán ar feadh tréimhse 3 mhí ó lár mhí na Bealtaine go lár mhí Lúnasa agus fógra an 7 Nollaig, 2020 faoi íocaíocht €75 agus €25 do chomhaltaí fásta agus linbh, faoi seach, dar tús Eanáir 2021. Tá luach breise le tabhairt ar ais do chustaiméirí le linn 2022 de réir mar a leanann Vhi ar aghaidh ag seasamh lenár ngealltanas gan brabús a bhaint as an bpaindéim dhomhanda.

10. Glantoradh ar infheistíocht

	2021 €m				
	Ioncam infheistíochta	Costas infheistíochta	Réadaithe ghnóthachain agus (glanchaillteanais) réadaithe	Athruithe ar luach cóir	Glan-toradh ar infheistíocht
Bannaí corparáide	1.5	(0.8)	1.2	(3.0)	(1.1)
Bannaí rialtais	(1.5)	(0.4)	(0.6)	(1.1)	(3.6)
Comhinfeistíochtaí	-	(0.3)	(0.7)	(0.1)	(1.1)
Infheistíochtaí eile	-	-	(0.7)	(2.6)	(3.3)
	-	(1.5)	(0.8)	(6.8)	(9.1)

	2020 €m				
	Ioncam infheistíochta	Costas infheistíochta	Réadaithe ghnóthachain agus (glanchaillteanais) réadaithe	Athruithe ar luach cóir	Glan-toradh ar infheistíocht
Bannaí corparáide	2.1	(0.8)	0.3	2.1	3.7
Bannaí rialtais	(0.5)	(0.3)	0.4	0.3	(0.1)
Comhinfeistíochtaí	-	(0.2)	(0.7)	-	(0.9)
Infheistíochtaí eile	-	-	0.3	(5.1)	(4.8)
	1.6	(1.3)	0.3	(2.7)	(2.1)

11. Ioncam eile

Áirítear ar ioncam eile ioncam a ghineann fochuideachtaí.

	2021 €m	2020 €m
Ioncam coimisiúin	18.0	21.6
Ioncam eile	8.2	7.0
	26.2	28.6

12. Speansais eile

Baineann sé seo le costas úis chomh maith leis na speansais a bhaineann le soláthar seirbhísí do chliant ó fhochuideachtaí.

	2021 €m	2020 €m
Costais ó sheirbhísí sláinte a chur ar fáil	37.0	37.3
	37.0	37.3

13. Cáin

	2021 €m	2020 €m
Cuimsítear sa mhuirear cánach sa chuntas ioncaim agus caiteachais:		
Cáin reatha don bhliain	9.7	10.1
Cáin iarchurtha (sochar)	0.5	(1.0)
	10.2	9.1

Cúinsí a imríonn tionchar ar an muirear cánach reatha don bhliain airgeadais:

Mínítear na difríochtaí thíos:

	2021 €m	2020 €m
Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	75.5	61.8
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí méadaithe faoin ráta caighdeánach Cáin Chorporáide 12.5% (2020: 12.5%)	9.4	7.7
Iarmhairtí:		
Speansais nach gceadaítear chun críocha cánach	(1.0)	0.7
Liúntais chaipitiúla níos mó ná dímheas don bhliain airgeadais	0.1	0.3
Ioncam ag ráta níos airde	(0.4)	-
Nithe nach bhfuil incháinithe	-	(0.4)
Gluaiseacht i speansais is féidir a dhealú nuair a foictar iad i leith tréimhsí roimhe seo	1.1	0.8
Coigeartuithe eile	0.5	1.0
Cáin reatha don bhliain airgeadais	9.7	10.1

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais ar lean

14. Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí i ndiaidh cánach

Tagadh ar an mbarrachas don bhliain airgeadais i ndiaidh an méid seo a leanas a ghearradh (a chreidiúnú) ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite.

	2021 €m	2020 €m
Luach Saothair Iniúcháirí		
Iniúchadh ar ráitis airgeadais na cuideachta aonair	0.3	0.2
Seirbhísí ráthaíochta eile	0.1	0.1
Seirbhísí neamh-iniúchta eile	-	-
	0.4	0.3

15. Talamh a shealbhaítear faoi léas airgeadais

	2021 €m	2020 €m
Talamh a shealbhaítear faoi léas airgeadais	1.0	1.0

I gcaitheamh 2019, chuathas i mbun léas airgeadais a bhaineann le léasú talún. Is é is téarma an léasa 500 bliain. Tá gach dliteanas a bhí dlite íochta agus níl aon oibleagáidí todhchaí ábhartha gan íoc.

16. Talamh agus Foirgnimh

	2021 €m	2020 €m
Luacháil		
Amhail an 1 Eanáir	67.6	72.1
Méideanna breise	0.2	-
Obair idir lámha	16.2	-
Diúscairtí	-	-
(Caillteanas)/gnóthachan ar athluacháil	(3.4)	(4.5)
Amhail an 31 Nollaig	80.6	67.6

Tá an talamh agus na foirgnimh a áirítear thuas in úsáid ag cuideachtaí de chuid ghrúpa Vhi dá gcuid gníomhaíochtaí féin agus is réadmhaoin ruilse a bhformhór. Luacháladh talamh agus foirgnimh amhail an 31 Nollaig 2021 ar luach an mhargaidh oscailte de réir chaighdeáin bhreithmheasa agus luachála Institiúid Ríoga na Suirbhéirí Cairte.

17. Infheistíochtaí airgeadais eile

Tugtar achoimre ar luachanna iompartha shócmhainní agus dhliteanais airgeadais Bhord Vhi de réir catagóire thíos:

	2021 €'m	2020 €'m
Comhdhlúite		
i) sócmhainní airgeadais ag luach cóir		
Bannaí corparáide	652.6	618.7
Bannaí rialtais	382.9	296.3
Comhinfeistíochtaí	245.8	270.7
Infheistíochtaí neamhluaite eile	-	-
Díorthaigh	1.3	0.4
ii) dliteanais airgeadais ag luach cóir		
Díorthaigh	(0.4)	(0.4)
ii) ar a chostas		
Taiscí i mbainc	0.3	0.9
	1,282.5	1,186.6
Bord Vhi		
i) ar a chostas		
Infheistíocht i bhfochuideachtaí	479.7	479.7
	479.7	479.7

18. Féichiúnaithe eile

	2021 €'m	2020 €'m
Méideanna dlíte laistigh de bhliain amháin:		
An scéim comhionannaithe riosca	326.5	322.5
Féichiúnaithe eile	37.4	38.2
	363.9	360.7
Méideanna dlíte i ndiaidh bliain amháin:		
Féichiúnaithe eile	0.2	0.2
	364.1	360.9

Cuimsíonn féichiúnaí na Scéime Comhionannaithe Riosca an sciar neamhéagtha den Tobhach Árachais Sláinte arbh ionann é agus €144.7m (2020: €139.6m).

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais ar lean

19. Sócmhainn cánach iarchurtha

Aithníodh sócmhainn i leith cáin iarchurtha le haghaidh na ndifríochtaí uainithe seo a leanas:

	2021 €'m	2020 €'m
Difríochtaí uainiúcháin eile	-	0.5
Speansais is féidir a dhealú nuair a íoctar iad	2.6	2.5
Caillteanais a tugadh ar aghaidh	-	0.2
Sócmhainn cánach iarchurtha iomlán	2.6	3.2

20. Intangible assets

	Bogearraí €'m	Iomlán €'m
Costas:		
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2021	70.9	70.9
Méideanna breise	-	-
Scor	(1.0)	(1.1)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2021	69.9	69.9
Amúchadh		
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2021	(70.4)	(70.4)
Muirear don bhliain	-	-
Scor	1.1	1.1
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2021	(69.3)	(69.3)
Glanluach de réir na leabhar:		
Amhail an 31 Nollaig 2021	0.6	0.6
Amhail an 31 Nollaig 2020	0.5	0.5

	Bogearraí €'m	Iomlán €'m
Costas:		
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2020	70.5	70.5
Méideanna breise	0.4	0.4
Scor	-	-
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2020	70.9	70.9
Amúchadh:		
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2020	(66.0)	(66.0)
Muirear don bhliain	(4.4)	(4.4)
Scor	-	-
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2020	(70.4)	(70.4)
Glanluach de réir na leabhar:		
Amhail an 31 Nollaig 2020	0.5	0.5
Amhail an 31 Nollaig 2019	4.5	4.5

21. Sócmhainní Inláimhsithe

	Mótarfheithiclí €'m	Daingneáin, troscán agus feistis €'m	Trealamh ríomhaireachta /oifige €'m	Trealamh leighis €'m	Iomlán €'m
Costas:					
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2021	3.2	27.1	33.8	0.6	64.7
Méideanna breise	-	3.0	1.0	1.7	5.7
Diúscairtí	(0.3)	-	-	-	(0.3)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2021	2.9	30.1	34.8	2.3	70.1
Dímheas:					
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2021	(2.6)	(19.9)	(23.3)	(0.6)	(46.4)
Muirear don bhliain	(0.4)	(3.3)	(5.7)	-	(9.4)
Diúscairtí	0.3	-	-	-	0.3
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2021	(2.7)	(23.2)	(29.0)	(0.6)	(55.5)
Glanluach de réir na leabhar:					
Amhail an 31 Nollaig 2021	0.2	6.9	5.8	1.7	14.6
Amhail an 31 Nollaig 2020	0.6	7.2	10.5	-	18.3

	Mótarfheithiclí €'m	Daingneáin, troscán agus feistis €'m	Trealamh ríomhaireachta /oifige €'m	Trealamh leighis €'m	Iomlán €'m
Costas:					
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2020	3.6	26.8	32.5	0.6	63.5
Méideanna breise	0.1	0.3	1.3	-	1.7
Diúscairtí	(0.5)	-	-	-	(0.5)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2020	3.2	27.1	33.8	0.6	64.7
Dímheas:					
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2020	(2.5)	(16.6)	(20.6)	(0.6)	(40.3)
Muirear don bhliain	(0.5)	(3.3)	(2.7)	-	(6.5)
Diúscairtí	0.4	-	-	-	0.4
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2020	(2.6)	(19.9)	(23.3)	(0.6)	(46.4)
Glanluach de réir na leabhar:					
Amhail an 31 Nollaig 2020	0.6	7.2	10.5	-	18.3
Amhail an 31 Nollaig 2019	1.1	10.2	11.9	-	23.2

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais ar lean

22. Soláthairtí teicniúla

	Soláthar le haghaidh Préimh Neamhthuillte agus Rioscaí Neamhéagtha €'m	Éilimh Gan Íoc €'m	Iomlán €'m
Suim Chomhlán			
Amhail an 31 Nollaig 2020	(560.4)	(401.8)	(962.2)
Gluaiseacht sa soláthar* (nóta 2)	(5.5)	0.4	(5.1)
Amhail an 31 Nollaig 2021	(565.9)	(401.4)	(967.3)
Méid atharachais**			
Amhail an 31 Nollaig 2020	-	12.5	12.5
Gluaiseacht sa soláthar	-	(3.8)	(3.8)
Amhail an 31 Nollaig 2021	-	8.7	8.7
Glansoláthar Teicniúil			
Amhail an 31 Nollaig 2021	(565.9)	(392.7)	(958.6)
Amhail an 31 Nollaig 2020	(560.4)	(389.3)	(949.7)

	Soláthar le haghaidh Préimh Neamhthuillte agus Rioscaí Neamhéagtha €'m	Éilimh Gan Íoc €'m	Iomlán €'m
Suim Chomhlán			
Amhail an 31 Nollaig 2019	(533.9)	(441.9)	(975.8)
Gluaiseacht sa soláthar*	(26.5)	40.1	13.6
Amhail an 31 Nollaig 2020	(560.4)	(401.8)	(962.2)
Méid atharachais**			
Amhail an 31 Nollaig 2019	-	17.4	17.4
Gluaiseacht sa soláthar	-	(4.9)	(4.9)
Amhail an 31 Nollaig 2020	-	12.5	12.5
Glansoláthar Teicniúil			
Amhail an 31 Nollaig 2020	(560.4)	(389.3)	(949.7)
Amhail an 31 Nollaig 2019	(533.9)	(424.5)	(958.4)

* Baineann athrú ar sholáthairtí le haghaidh préimh neamhthuillte agus rioscaí neamhéagtha le feidhmíocht ghnó i gcaitheamh 2021 agus tionchar coigeartuithe praghaís i gcaitheamh 2020.

** Áirítear san athrú ar an soláthar le haghaidh éileamh speansais éileamh glan ar íocaíochtaí a rinneadh i leith na tréimhse tuairiscithe agus athrú ar soláthairtí i leith blianta roimhe sin glan ar íocaíochtaí a rinneadh, coigeartaithe le haghaidh sciar an atharachóra ag na rátaí infheidhme le haghaidh sciar cuóta. Tháinig deireadh leis an gconradh atharachais amhail an 31 Nollaig 2017 rud a d'fhág nár aithníodh aon soláthar do sciar an atharachóra de phréimh neamhthuillte ag deireadh na tréimhse.

23. Cistí a siarchoinneáladh ón Atharachóir

Is ar bhonn cistí a siarchoinneáladh a dhéantar an conradh atharachais. Faoi na comhaontuithe, coinníonn Vhi préimheanna atá cothrom ar a laghad leis an tsócmhainn atharachais i gcónaí. Chuaigh an comhaontú atharachais seo in éag amhail an 31 Nollaig 2017.

	2021 €m	2020 €m
Cistí a siarchoinneáladh ón atharachóir	8.7	12.5
	8.7	12.5

24. Costais éadála iarchurtha

Cláraítear costais éadála de réir mar a thuilltear na préimheanna lena mbaineann siad. Baineann an tsuim €6.3m a soláthraíodh le haghaidh 2021 (2020: €5.1m) leis na costais a tabhaíodh i rith na bliana airgeadais atá inchurtha go díreach le fáil gnó nua. Aithnítear gach costas éadála eile mar speansas nuair a thabhaítear é.

25. Creidiúnaithe agus fabhruithe eile dlite laistigh de bhliain amháin

	2021 €m	2020 €m
An Scéim Comhionannaithe Riosca	183.4	191.2
Creidiúnaithe eile	44.8	50.4
Fabhruithe	35.9	35.0
	264.1	276.6

Cuimsíonn creidiúnaí na Scéime Comhionannaithe Riosca luach €119.8m (2020: €130.0m) an tsoláthair do chreidmheasanna préimhe neamhthuillte amhail an bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021.

26. Soláthairtí eile

	Luach ar ais don chustaiméir €m	Eile €m	Iomlán €m
Amhail an 1 Eanáir 2021	77.0	12.7	89.7
Soláthairtí breise i gcaitheamh na bliana	142.2	3.4	145.6
Soláthairtí a úsáideadh i gcaitheamh na bliana	(74.8)	(2.2)	(77.0)
Amhail an 31 Nollaig 2021	144.4	13.9	158.3

I gcaitheamh 2020, cruthaíodh soláthar tarscaoilte €77.0m a bhain le luach breise a thabhairt ar ais do chustaiméirí árachais sláinte phríobháidigh Vhi. Fógraíodh an 7 Nollaig, 2020 go ndéanfaí íocaíocht €75 agus €25 le daoine fásta agus leanaí, faoi seach, dar tús mhí Eanáir 2021. Rinneadh soláthar €142.2m um luach breise a thabhairt ar ais do chustaiméirí le linn 2021, agus go dtabharfaí an luach ar ais do chustaiméir le linn 2022, de réir mar a leanann Vhi ar aghaidh ag seasamh lenár ngealltanas gan brabús a bhaint as an bpaindéim dhomhanda.

Baineann soláthairtí eile go príomha le costais tiomanta an Ghrúpa i ndail le hathstruchtúrú agus le maolú riosca de réir straitéis agus chonarthaí tráchtála Vhi. Tarlóidh uainiú nó scaoileadh sreafaí airgid na soláthairtí seo i gcomhréir le seachadadh phlean straitéiseach Vhi agus níltear ag súil go n-eascróidh caillteanais ábhartha sa bhreis ar na suimeanna a soláthraíodh amhail an 31 Nollaig 2021.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais ar lean

27. Nótaí leis an ráiteas ar shreabhadh airgid

	2021 €m	2020 €m
Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	75.5	61.8
Dímheas aiscurtha	9.3	6.1
Amúchadh aiscurtha	-	4.5
Ranníocaíochtaí pinsin le sochar sainithe sa bhreis ar an táille	(0.8)	1.5
Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach	9.1	2.1
Sreabhadh airgid oibriúcháin roimh ghluaiseachtaí i gcaipiteal oibre	93.1	76.0
(Méadú)/laghdú ar chostais éadála iarchurtha	(1.2)	(0.1)
Méadú (laghdú) ar dhliteanais conarthaí árachais	9.5	(22.1)
Méadú/(laghdú) ar an soláthar le haghaidh préimh neamhthuillte	5.5	26.5
(Méadú)/laghdú ar infháltais	(38.3)	(38.2)
Méadú/(laghdú) ar iníocaíochtaí	56.1	96.0
Gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre	31.6	62.1
Airgead ginte ag oibríochtaí	124.7	138.1
Cánacha ioncaim íoctha	(9.7)	(9.1)
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	115.0	129.0

28. Anailís ar athruithe ar tirim/(fiachas) glan

	Amhail an 1 Eanáir 2021 €m	Sreafaí airgid €m	Eile athruithe neamhairgid	Amhail an 31 Noll 2021 €m
Airgead agus coibhéisí airgid				
Airgead tirim	63.3	(13.8)	-	49.5
Rótharraingtí	-	-	-	-
Coibhéisí Airgid	-	-	-	-
	63.3	(13.8)	-	49.5
Íasachtaí				
Fiachas dlite laistigh de bhliain amháin	-	-	-	-
Fiachas dlite tar éis bliain amháin	-	-	-	-
	-	-	-	-
Iomlán	63.3	(13.8)	-	49.5

29. Ceangaltais chaipitil

	2021 €m	2020 €m
Caiteachas caipitiúil a ndearnadh conradh lena aghaidh	0.4	0.4

30. Íoc pras cuntas

Rialaíodh na híocaíochtaí a rinneadh i rith na bliana 2021 faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 (arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach [Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála], 2012) chul dul i ngleic le híocaíochtaí deireanacha in idirbhearta tráchtála. Baineann an tAcht sin le hearraí agus le seirbhísí a chuireann soláthraithe atá bunaithe san Aontas Eorpach ar fáil do Bhord Vhi.

Ráiteas ar chleachtais íocaíochta lena n-áirítear tréimhsí íocaíochta caighdeánacha

Cuireann Bord Vhi beartas i bhfeidhm faoina n-íoctar gach sonrasc nach bhfuil easaontas ann faoi ó sholáthraí laistigh de na téarmaí comhaontaithe íocaíochta. Is iad na téarmaí atá sainithe in ordú ceannaigh caighdeánach Vhi ná 30 lá. D'fhéadfadh téarmaí íocaíochta eile a bheith i bhfeidhm i gcásanna ina gcomhaontaítear conradh ar leithligh leis an soláthraí.

Comhlíonadh na Treorach

Comhlíonann Bord Vhi ceanglais na reachtaíochta maidir le gach íocaíocht le soláthraithe. Mionathraíodh nósanna imeachta agus córais, lena n-áirítear córais ríomhaireachta, chun cloí leis an Treoir.

Tugann na nósanna imeachta sin dearbhú réasúnta, ach ní iomlán, go mbeidh comhlíonadh ann.

31. Scéimeanna sochair scoir

Feidhmíonn Bord Vhi plean scoir le ranníocaíocht shainithe atá oscailte d'fhostaithe incháilithe. Coinnítear sócmhainní an phlean sin ar leithligh ó shócmhainní Bhord Vhi i gcistí atá faoi smacht na nIonstobhaithe. Gearrtar costais a eascraíonn as an bplean sin ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais mar speansais de réir mar a bhíonn siad dlite.

Feidhmíonn Bord Vhi scéim pinsin le sochar sainithe freisin a dúndadh do chomhaltaí nua le feidhm ón 24 Eanáir 2013. Coimeádtar sócmhainní na scéime le sochar sainithe i gciste ar leith arna riar ag ionstobhaithe. Cinneann achtúire cáilithe neamhspleách costais agus dliteanais sochar scoir, ag úsáid mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa le haghaidh maoiniú. Maoinítear an scéim pinsin go himmheánach. B'ionann na ranníocaíochtaí leis an scéim le haghaidh 2021 agus €14.9m (2020: €8.8m).

Tá na luachanna a úsáidtear sa nochtadh seo bunaithe ar na luachálacha achtúireacha is deireanaí, ar tugadh fúthu ar an 31 Nollaig 2020. Rinneadh torthaí na luachála maoiniúcháin a réamh-mheas go dtí an 31 Nollaig 2021 agus coigeartaíodh iad

le haghaidh athruithe ar thiomhdí achtúireacha agus ar theagmhais agus ar eispéiris shuntasacha a d'fhéadfadh tarlú. Cuireadh na suimeanna i bhfeidhm go hiomlán sna ráitis airgeadais de réir cheanglais Alt 28 de FRS 102.

Bíonn na tuarascálacha achtúireacha ar fáil do chomhaltaí na scéime le scrúdú a dhéanamh orthu, ach níl siad ar fáil don phobal.

(i) Is iad seo a leanas na príomhthiomhdí a úsáidtear i leith na scéime pinsin:	2021 %	2020 %
Ráta méadaithe ar thuarastail	2.25	1.95
Ráta méadaithe ar phinsin á n-íoc	1.70	1.30
Ráta lascaine	1.55	1.30
Athluacháil	1.70	1.30
Toimhde maidir le boillsí	2.25	1.35

(ii) Is iad seo a leanas na rátaí toraidh ionchais fadtéarmacha ag deireadh na bliana airgeadais:	2021 %	2020 %
Cothromais	1.55	1.30
Ús seasta	1.55	1.30
Áitreabh	1.55	1.30
Eile	1.55	1.30

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais ar lean

31. Scéimeanna sochair scoir ar lean

(iii) Ionchas saoil meáin ualaithe do tháblaí básmhairachta a úsáidtear chun oibleagáidí sochair a dhéanamh amach amhail	2021	2020
Ball 65 bliain d'aois (ionchas saoil reatha)	24.7	24.5
Comhalta 40 bliain d'aois (ionchas saoil ag 65 bliain d'aois)	26.9	26.7

(iv) Ba iad na sócmhainní sa scéim pinsin ar luach margaidh:	2021 €'m	2020 €'m
Cothromais	97.5	87.1
Ús seasta	22.6	13.0
Áitreabh	23.7	16.6
Bannaí neamhflaithiúnais	13.9	13.6
Airgead tirim	1.2	7.1
Bannaí atá nasctha le boilsciú	162.8	147.8
Eile	83.5	69.9
Luach iomlán margaidh na sócmhainní	405.2	355.1
Luach reatha na ndlíteanas scéime	(418.7)	(398.0)
Easnamh sa scéim	(13.5)	(42.9)
Sócmhainn cánach iarchurtha ghaolmhar	1.7	5.4
Glandlíteanas na sochar scoir	(11.8)	(37.5)

(v) Cuntas ioncaim agus caiteachais	2021 €'m	2020 €'m
Gearrtha ar ghlanspeansais oibriúcháin		
Sochair scoir		
Costas seirbhíse reatha	(8.6)	(9.0)
Costas báis i mbun seirbhíse	(0.4)	(0.4)
	(9.0)	(9.4)
Sochair scoir eile		
Gearrtha ar ioncam agus caiteachas	(9.0)	(9.4)
Ús i ndlíteanas scéime	(5.1)	(5.3)
Toradh measta ar shócmhainní scéime	4.7	4.5
Costas seirbhíse san am atá thart	-	-
Glanathrú ar thoradh oibriúcháin	(9.4)	(10.2)

31. Scéimeanna sochair scoirs ar lean

(vi) Ráiteas ar ioncam cuimsitheach	2021 €m	2020 €m
Fáltas iarbhrí lúide fáltas measta ar shócmhainní scéime	39.9	25.0
Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí ar dhliteanais scéime	(1.9)	4.4
Athruithe ar thoimhdí airgeadais	(14.0)	(7.5)
Barrachas/(easnamh) achtúireach ar dhliteanas an chiste pinsin a atomhas	24.0	21.9
Gluaiseacht ar cháin iarchurtha	(3.7)	(2.5)
Atomhas iomlán an bharrachais/(easnamh) achtúirigh ar dhliteanas an chiste pinsin	20.3	19.4

(vii) Gluaiseacht i nglaneasnamh le linn na bliana airgeadais	2021 €m	2020 €m
Glaneasnamh sa scéim ag tús na bliana	(37.5)	(55.6)
Costas reatha seirbhíse	(8.6)	(9.0)
Costas báis i mbun seirbhíse	(0.4)	(0.4)
Costas seirbhíse san am atá thart	-	-
Ranníocaíochtaí	14.9	8.8
Ús ar dhliteanais scéime	(5.1)	(5.3)
Toradh measta ar shócmhainní scéime	4.7	4.5
Barrachas/(easnamh) achtúireach ar dhliteanas an chiste pinsin a atomhas	23.9	22.0
Gluaiseacht i gcáin iarchurtha	(3.7)	(2.5)
Glaneasnamh ag deireadh na bliana airgeadais	(11.8)	(37.5)

(viii) Stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas ó thaithí	An bhliain dar chríoch Noll 2021	An bhliain dar chríoch Noll 2020	An bhliain dar chríoch Noll 2019	An bhliain dar chríoch Noll 2018	An bhliain dar chríoch Noll 2017	An bhliain dar chríoch Noll 2016
Difríocht idir toradh measta agus iarbhrí ar % sócmhainní na scéime	39.9 10%	25.0 7%	28.7 9%	(13.5) (5%)	11.2 4%	10.8 5%
(Caillteanais) agus gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais scéime	(1.9)	4.4	0.1	2.1	(3.8)	(2.1)
% de dhliteanais scéime	(4%)	(1%)	0%	1%	(1%)	(1%)
(Méadú)/laghdú san iomlán ar bharrachas/(easnamh) achtúireach	23.9	22.0	(22.7)	(17.6)	(24.3)	(22.2)
% de dhliteanais scéime	6%	6%	(6%)	(5%)	(8%)	(9%)

(ix) Aitheanta taobh istigh den Chlár Comhardaithe:	2021 €m	2020 €m
Glaneasnamh amhail an 31 Nollaig	(11.8)	(37.5)

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais ar lean

31. Scéimeanna sochair scoir ar lean

(x) Gluaiseacht i sócmhainní agus dliteanais an ghrúpa:	2021 €m	2020 €m
Sócmhainní		
Sócmhainní sa scéim amhail an 1 Eanáir	355.1	321.7
Toradh ar shócmhainní scéime (gan ioncam úis san áireamh)	39.9	25.0
Ranníocaíochtaí fostóra	14.9	8.8
Ranníocaíochtaí fostaithe	2.4	2.4
Ús ar shócmhainní scéime	4.7	4.5
Préimheanna árachais le haghaidh sochair riosca	(0.4)	(0.4)
Sochair a íocadh	(11.4)	(6.9)
Sócmhainní sa scéim amhail an 31 Nollaig	405.2	355.1
Dlíteanais		
Dlíteanais sa scéim amhail an 1 Eanáir	398.0	385.2
Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí ar dhlíteanais scéime	1.9	(4.4)
Athruithe ar thiomhdí	14.1	7.4
Costas reatha seirbhíse	8.6	9.0
Costas báis i mbun seirbhíse	0.4	0.4
Ranníocaíochtaí fostaithe	2.4	2.4
Ús ar dhlíteanais scéime	5.1	5.3
Préimheanna árachais le haghaidh sochair riosca	(0.4)	(0.4)
Sochair a íocadh	(11.4)	(6.9)
Dlíteanais sa scéim amhail an 31 Nollaig	418.7	398.0

32. Bainistíocht caipitil

Is é cuspóir Vhi agus a chaipiteal á bhainistiú ná a chinntiú nach gcuirfidh sé a chumas a cheanglais reatha nó amach anseo i leith sealbhóirí polasaí a chomhlíonadh i mbaol agus go mbeidh sé in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach agus leibhéal fóna caipitil a choimeád. Cuimsíonn struchtúr caipitil Ghrúpa Vhi tuilleamh coimeádta. Tá leas bainte ag Vhi as athárachas agus as fofhiachas mar uirlisí bainistíochta caipitil freisin san am atá caite.

Déanann Banc Ceannais na hÉireann rialáil stuamachta ar Vhi Insurance DAC, fochuideachta de chuid Bhord Vhi, go stuama. Faoi sin, ceanglaítear ar Vhi Insurance DAC caipiteal rialaitheach a bheith acu ar aon dul leis an treoir ón Aontas Eorpach, Sócmhainneacht II. Bhí leibhéal Vhi Insurance DAC de chaipiteal rialaitheach ag comhlíonadh a chuid oibleagáidí i rith 2021 ar fad.

D'fhógair Vhi Insurance DAC díbhinn €20.0m agus €30.0m le haghaidh 2021 dá mháthairchuideachta, Vhi Group DAC, agus d'íoc sé léi í. D'fhógair Vhi Healthcare DAC díbhinn €25.0m le haghaidh 2021 freisin dá mháthairchuideachta, Vhi Group DAC, agus d'íoc sé léi í.

Leagtar amach sa tábla thíos caipiteal agus cúlchistí Bhord Vhi:

	€m
Acmhainní caipitil amhail an 1 Eanáir 2020	701.2
Barrachas don bhliain airgeadais	52.7
Barrachas/(easnamh) achtúireach ar dhlíteanas an chiste pinsin a atomhas	19.4
Acmhainní caipitil amhail an 31 Nollaig 2020	773.3
Barrachas don bhliain airgeadais	65.3
Barrachas/(easnamh) achtúireach ar dhlíteanas an chiste pinsin a atomhas	20.3
Acmhainní caipitil amhail an 31 Nollaig 2021	858.9

33. Bainistíocht riosca airgeadais

Feidhmíonn Bord Vhi creat bainistíochta riosca fiontair ar fud an ghrúpa chun monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí, agus iad a bhainistiú, rioscaí airgeadais ina measc. Áirítear leis na rioscaí sin riosca margaidh (riosca ráta úis, riosca airgeadra agus rioscaí eile a bhaineann le hathrú praghaís), riosca creidmheasa agus riosca leachtachta.

Ní théann Bord Vhi i mbun ionstraimí airgeadais, ná ní thrádálann sé iad, lena n-áirítear díorthaigh airgeadais, chun críocha amhantracha. Coimeádtar díorthaigh airgeadais chun críocha fálaíthe amháin.

Luach cóir

Is ionann luach cóir agus an tsuim ar a bhféadfaí sócmhainn nó dliteanas a mhalartú idir páirtithe toilteanacha in idirbheart ar neamhthuilleamaí. Bunaítear le FRS 102 ordlathas luacha chóir a thugann tús áite do na hionchuir i dteicnící luachála a úsáidtear chun luach cóir a thomhas. Tugtar an tosaíocht is airde san ordlathas do phraghsanna luaite nach bhfuil coigeartaithe i margaí gníomhacha i gcás sócmhainní nó dliteanas chomhionanna (Leibhéal 1) agus an tosaíocht is ísle d'ionchuir dho-bhraite (Leibhéal 3).

Leibhéal 1 – Ní choigeartaítear praghsanna luaite i gcás sócmhainn chomhionann i margadh gníomhach.

Leibhéal 2 – Nuair nach bhfuil fáil ar phraghsanna luaite, cuireann praghas idirbhirt a rinneadh le déanaí i gcás sócmhainn chomhionann fianaise ar luach cóir ar fáil fad is nár tháinig athrú suntasach ar chúinsí geilleagracha nó fad is nach bhfuil an t-achar ama ó tharla an t-idirbheart rófhada. Más féidir a léiriú nach meastachán maith ar luach cóir é an praghas idirbhirt deireanach (e.g. mar go léiríonn sé an tsuim a gheobhadh nó a d'íocadh aonán in idirbheart éigeantach, i leachtú neamhdheonach nó i ndíol faoi bhroid), coigeartaítear an praghas sin.

Leibhéal 3 – Mura bhfuil an margadh don tsócmhainn gníomhach agus nach meastachán maith astu féin ar luach cóir iad idirbhearta a rinneadh le déanaí i gcás sócmhainn chomhionann, meastar an luach cóir trí theicníc luachála a úsáid. Is é an cuspóir atá le teicníc luachála a úsáid ná meastachán a fháil ar an bpraghas idirbhirt a d'úsáidfí ar an dáta tomhais i malartú ar neamhthuilleamaí arna spreagadh ag gnáthbhreithniúcháin ghnó.

Úsáidtear ionchuir chun na teicnící éagsúla luachála a chur i bhfeidhm agus tagraíonn siad go ginearálta do na toimhdí sin a úsáideann rannpháirtithe margaidh chun cinntí luachála a dhéanamh, lena n-áirítear toimhdí faoi riosca. D'fhéadfaí a áireamh le hionchuir faisnéis ar phraghas, staitisticí luaineachta, cuair thoraídh, raonta difríochta creidmheasa, staitisticí leachtachta agus tosca eile. D'fhéadfadh teicnící difriúla luachála meastacháin dhifriúla ar luach cóir a thabhairt.

Léirítear sa tábla thíos sócmhainní airgeadais a iompraítear ag luach cóir tríd an gcuntas ioncaim agus caiteachais (mar a nochtar i nóta 17) a thomhaistear ag luach cóir:

	2021 €m			
	Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3	Iomlán
Bannaí corparáide	-	652.7	-	652.7
Bannaí rialtais	-	382.9	-	382.9
Comhinfheistíochtaí	-	245.8	-	245.8
Infheistíochtaí eile	0.8	0.3	-	1.1
Infheistíochtaí airgeadais ag luach cóir	0.8	1,281.7	-	1,282.5

	2020 €m			
	Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3	Iomlán
Bannaí corparáide	-	618.7	-	618.7
Bannaí rialtais	-	296.3	-	296.3
Comhinfheistíochtaí	-	270.7	-	270.7
Infheistíochtaí eile	-	0.9	-	0.9
Infheistíochtaí airgeadais ag luach cóir	-	1,186.6	-	1,186.6

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais ar lean

33. Bainistíocht riosca airgeadais ar lean

Riosca margaidh

Is ionann riosca margaidh agus an riosca go dtarlóidh drochthionchar airgeadais de bharr gluaiseachtaí i margaí airgeadais ar nós rátaí malairte airgeadra, rátaí úis agus athruithe eile ar phraghsanna. Tagann riosca margaidh chun cinn de bharr luaineachtaí i luach na sócmhainní arna gcoinneáil agus luach na ndlíteanas. Is é cuspóir Bhord Vhi agus a riosca margaidh á bhainistiú a chinntiú go mbainistítear riosca ar aon dul le goile riosca an Bhoird.

Bhunaigh an Bord beartais agus nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar riosca margaidh agus é a bhainistiú, agus modhanna chun é a thomhas.

D’fhan an riosca margaidh taobh istigh den inghlacthacht riosca i rith na bliana ar fad. Ní raibh aon athruithe suntasacha ar na cuspóirí ná ar na beartais agus próisis chun riosca margaidh a bhainistiú.

i. Bainistíocht riosca airgeadra iasachta

Ainmnítear sócmhainní airgeadais agus dlíteanas conarthaí árachais Bhord Vhi in Euro den chuid is mó. Íoslaghdaítear aon riosca airgeadra ó shócmhainní a ainmnítear in airgeadraí eachtracha ach úsáid a bhaint as conarthaí díorthacha oiriúnacha. Is cuid bheag de na sócmhainní airgeadais é seo.

ii. Bainistíocht riosca ráta úis

Is ionann riosca ráta úis agus an riosca go luaineoidh an luach ar shreabhadh airgid ionstraime airgid amach anseo mar gheall ar athruithe ar rátaí úis margaidh.

Tagann riosca ráta úis chun cinn go príomha ó infheistíocht Bhord Vhi i mbannaí rialtais agus corparáide ar ús seasta. Bainistíonn Bord Vhi an riosca trí aibíocht na n-ionstraimí a n-infheistíonn an phunann iontu a theorannú agus tréimhse gan íoc a shócmhainní a mheaitseáil go dlúth lena dhlíteanas. Athraíonn Bord Vhi a chuid infheistíochtaí úis sheasta de réir eistheora agus cineáil lena chinntiú nach bhfuil riosca ráta úis cruinnithe in aon áit amháin ar dháta an chláir chomhardaithe.

Cinneadh an anailís íogaireachta thíos bunaithe ar fhoirmlí tástála atá leagtha síos i Sócmhainneacht II le haghaidh riosca ráta úis. Léiríonn an tábla thíos an neamhchosaint ar rátaí úis le haghaidh sócmhainní airgeadais lena mbaineann ráta úis seasta, agus lena n-aghaidh sin amháin, ar dháta an chláir chomhardaithe.

	Barrachas roimh cháin		Cothromas scairshealbhóra	
	2021 €m	2020 €m	2021 €m	2020 €m
Méadú ar rátaí úis	(25.8)	(20.3)	(22.6)	(17.8)
Laghdu ar rátaí úis	0.6	0.1	0.5	0.1

Tá a íogaire atá Bord Vhi i leith athruithe ar rátaí úis méadaithe i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin mar gheall ar mhéadú ar shuim na punainne san iomlán, agus ar leithdháileadh méadaithe bannaí corparáideacha agus rialtais atá níos íogaire do riosca ráta úis.

33. Bainistíocht riosca airgeadais ar lean

iii. Bainistíocht riosca eile ó thaobh praghas margaidh de

Tá Bord Vhi neamhchosanta ar riosca ó thaobh praghas margaidh de ag eascairt as luaineachtaí i luach na n-ionstraimí airgeadais de bharr athruithe ar na praghsanna margaidh agus na rioscaí is dual do gach infheistíocht. Níl aon chomhchruinniú suntasach de riosca praghas ag Bord Vhi. Bainistíonn Bord Vhi an riosca trí infheistiú go príomha in urrúis ioncaim sheasta liostáilte, meascán oiriúnach ionstraimí infheistíochta a choinneáil, próifíl aibíochta urrús úis sheasta a theorannú agus dliteanais a mheaitseáil de réir tréimhse gan fóc agus cineáil.

Is é seo a leanas íogaireacht Bhord Vhi do mhéadú agus do laghdú 0.5% ar phraghsanna margaidh:

	2021 €'m	2020 €'m
Méadú 0.5%		
Gluaiseacht i luach cóir urrús fiachais agus urrús ioncaim sheasta eile	6.4	5.9
Laghdú 0.5%		
Gluaiseacht i luach cóir urrús fiachais agus urrús ioncaim sheasta eile	(6.4)	(5.9)

Maidir le gach ionstraim airgeadais eile a sealbhaíodh amhail an 31 Nollaig 2021, níl na sócmhainní seo faoi réir riosca suntasach de bharr luaineachtaí sna rátaí úis.

Riosca creidmheasa

Tagraíonn riosca creidmheasa don riosca go loicfidh an contrapháirtí ar a chuid oibleagáidí go léir, nó ar chuid acu, agus go mbeidh easnamh airgeadais don ghrúpa ann dá bharr. Baineann na príomhréimsí ó thaobh neamhchosaint ar riosca creidmheasa de i gcás ghrúpa Vhi lena phunann infheistíochta agus le suimeanna dlite ó shealbhóirí polasaí agus ó thríú páirtithe eile.

Is é cuspóir an ghrúpa agus a riosca creidmheasa á bhainistiú a chinntiú go mbainistítear riosca ar aon dul le goile riosca an Bhoird. Bhunaigh an grúpa beartais agus nósanna imeachta chun riosca creidmheasa a bhainistiú agus modhanna chun é a thomhas.

Grádaítear sócmhainní airgeadais de réir na rátálacha creidmheasa reatha arna n-eisiúint ag gníomhaireachtaí rátála creidmheasa. Nuair nach mbíonn a leithéid ar fáil, úsáideann Bord Vhi faisnéis airgeadais eile atá ar fáil go poiblí agus a thaifid trádála féin chun a mhór-chontrapháirtithe airgeadais a rátáil. Is é AAA (nó a chomhionann) an rátáil is airde. Rangaítear sócmhainní airgeadais de ghrád infheistíochta laistigh de réimse rátálacha AAA go BBB. Rangaítear sócmhainní airgeadais atá taobh amuigh den raon sin mar ghrád amhantrach. Tá formhór na n-urrús fiachais a choimeádtar ag grád infheistíochta agus tá nochtadh teoranta ag Bord Vhi d'urrúis faoi bhun grád infheistíochta.

Déantar monatóireacht leanúnach ar neamhchosaint an ghrúpa agus ar rátálacha creidmheasa a chontrapháirtithe. Déanann an grúpa monatóireacht ar an riosca creidmheasa maidir lena phunann infheistíochta agus lena chlár atharachais trí mhonatóireacht a dhéanamh ar bhonn míosúil ar rátálacha creidmheasa seachtracha le haghaidh na sócmhainní infheistíochta i seilbh an ghrúpa. Rialaítear neamhchosaint ar chreidmheas trí shrianta contrapháirtithe arna n-athbhreithniú agus arna bhfaomhadh ag an gCoiste um Bainistíocht Riosca agus Comhlíonadh gach bliain. Is ar bhonn cistí a siarchoinneáladh a dhéantar an conradh atharachais, rud a mhaolaíonn an riosca contrapháirtí leis an gcontrapháirtí seo.

Léiríonn suim ghlanluacha na sócmhainní airgeadais agus na sócmhainní atharachais a taifeadh sna ráitis airgeadais, atá glan ar chaillteanais bhearnúcháin, uas-neamhchosaint an ghrúpa ar riosca creidmheasa.

Tá rátáil chreidmheasa AA+ ag atharachóir Bhord Vhi. Mheas Bord Vhi go bhfuil an rátáil creidmheasa seo leordhóthanach chun a ghoile riosca a chomhlíonadh. Is ionann sócmhainní atharachais agus sciar an atharachóra d'éilimh gan fóc, d'éilimh a tabhaíodh ach nár tuairiscíodh agus de shuímeanna infhaighte atharachais. Tá formhór na n-urrús fiachais ag grád infheistíochta agus tá nochtadh teoranta ag Bord Vhi d'urrúis faoi bhun grád infheistíochta.

Cuimsítear i suimeanna infhaighte líon mór sealbhóirí polasaí, agus bíonn a staid airgeadais faoi réir measúnú leanúnach. Ní bhíonn rátáil chreidmheasa ag iasachtaí ná ag suimeanna infhaighte ó shealbhóirí polasaí, ó ghníomhairí, ó idirghabhálaithe ná ó thríú páirtithe eile go hiondúil.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais ar lean

33. Bainistíocht riosca airgeadais ar lean

Léirítear sa tábla seo a leanas neamhchosaint chomhiomlán ar riosca creidmheasa le haghaidh sócmhainní maidir le rátálacha creidmheasa seachtracha, nuair atá siad ar fáil, do Bhord Vhi:

2021 €m	AAA < AA-	A+ < BBB	< BBB	Gan Ráta	Suim Ghlanluacha
Sócmhainní airgeadais:					
Bannaí corparáide	71.3	558.0	23.4	-	652.7
Bannaí rialtais	196.8	186.1	-	-	382.9
Comhinfheistíochtaí	145.9	99.9	-	-	245.8
Taiscí i mbainc	-	0.3	-	-	0.3
Infheistíochtaí eile	-	0.8	-	-	0.8
Iomlán na n-infheistíochtaí airgeadais	414.0	845.1	23.4	-	1,282.5
Sócmhainní eile:					
Airgead ar láimh agus sa bhanc	0.4	49.1	-	-	49.5
Sócmhainní atharachais	-	-	-	-	-
Suimeanna árachais infhaighte	-	-	-	516.6	516.6
Féichiúnaithe eile	-	-	-	364.2	364.2
Iomlán na sócmhainní airgeadais	414.4	894.2	23.4	880.8	2,212.8

2020 €m	AAA < AA-	A+ < BBB	< BBB	Gan Ráta	Suim Ghlanluacha
Sócmhainní airgeadais:					
Bannaí corparáide	53.0	529.2	36.5	-	618.7
Bannaí rialtais	122.0	172.1	2.2	-	296.3
Comhinfheistíochtaí	176.9	93.8	-	-	270.7
Taiscí i mbainc	(0.3)	1.1	-	-	0.8
Infheistíochtaí eile	0.1	-	-	-	0.1
Iomlán na n-infheistíochtaí airgeadais	351.7	796.2	38.7	-	1,186.6
Sócmhainní eile:					
Airgead ar láimh agus sa bhanc	0.2	63.1	-	-	63.3
Sócmhainní atharachais	-	-	-	-	-
Suimeanna árachais infhaighte	-	-	-	484.6	484.6
Féichiúnaithe eile	-	-	-	360.9	360.9
Iomlán na sócmhainní airgeadais	351.9	859.3	38.7	845.5	2,095.4

Coimeádann Bord rialteorainneacha diana ar shuíomhanna díorthaigh oscailte, trí mhéid agus téarma araon. Bíonn an méid atá faoi réir riosca creidmheasa ag aon am ar leith teoranta do luach cóir reatha sócmhainní airgeadais díorthaigh.

33. Bainistíocht riosca airgeadais ar lean

Léirítear sa tábla seo a leanas luach iompartha sócmhainní nach bhfuil thar téarma ná bearnaithe, aosú sócmhainní atá thar téarma ach nach bhfuil bearnaithe, agus sócmhainní a bearnaíodh. Ba iad na tosca a breithníodh chun a chinneadh ar bearnaíodh luach na sócmhainní: anailís ar bhearnú, aosú iarmhéideanna, taithí ar chaillteanas roimhe seo, cúinsí reatha geilleagracha agus cúinsí ábhartha eile.

Suimeanna árachais infhaighte	Gan a bheith thar téarma ná bearnaithe €'m	Thar téarma; níos lú ná 30 lá €'m	Thar téarma; 31 go 60 lá €'m	Thar téarma; 61 go 90 lá €'m	Thar téarma; níos mó ná 90 lá €'m	Thar téarma agus bearnaithe €'m	Suim ghlanluacha €'m
2021	504.6	5.6	6.4	-	-	-	516.6
2020	465.1	10.7	8.8	-	-	-	484.6

Bainistíocht riosca leachtachta

Is ionann riosca leachtachta agus an riosca nach mbeidh an grúpa in ann a oibleagáidí a bhaineann le dliteanais airgeadais a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite, nó an riosca go dtabhófaí costais iomarcacha agus sócmhainní á ndíol chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh. Ghlac an grúpa le creat bainistíochta riosca leachtachta oiriúnach do bhainistíocht riachtanais leachtachta an ghrúpa.

Tá an grúpa neamhchosanta ar riosca leachtachta ag eascairt as cliant ar a chonarthaí árachais. Bainistíonn an grúpa riosca leachtachta trí mhonatóireacht leanúnach a dhéanamh ar shreafaí airgid tuartha agus achtúireacha agus trína chinntiú go bhfuil próifíl aibíochta a shócmhainní airgeadais ar aon dul le próifíl aibíochta a dhliteanas agus trí mhaoláin leachtachta oiriúnacha a chothabháil i gcónaí.

I ndáiríre, is urrúis indíolta iad formhór shócmhainní an ghrúpa a d'fhéadfaí a aistriú ina n-airgead sa ghnáthchúrsa nuair is gá.

Ní raibh aon athruithe ábhartha ar nochtadh riosca leachtachta an ghrúpa sa bhliain airgeadais ná ar a chuspóirí, ar a bheartais ná ar a phróisis chun riosca leachtachta a bhainistiú. Léirítear sa tábla seo a leanas sonraí faoi phróifíl aibíochta thuartha oibleagáidí gan lasaine an ghrúpa i leith a dhliteanas airgeadais agus sreabhadh airgid measta ó dhliteanais aitheanta a bhaineann le conarthaí árachais agus conarthaí infheistíochta rannpháirteacha. Níl préimheanna neamhthuillte san áireamh san anailís seo. Áirítear sa tábla idir ús agus phríomhsreabhadh airgid.

	2021 €'m					
	Níos lú ná mí amháin	1–3 mhí	3 mhí go bliain amháin	1–5 bliana	5+ bliana	Iomlán
Dlíteanais conarthaí árachais	116.9	118.0	134.4	31.9	0.2	401.4
Dlíteanais trádála agus eile	90.2	189.4	52.5	-	-	332.1

	2020 €'m					
	Níos lú ná mí amháin	1–3 mhí	3 mhí go bliain amháin	1–5 bliana	5+ bliana	Iomlán
Dlíteanais conarthaí árachais	116.6	118.2	133.8	33.0	0.2	401.8
Dlíteanais trádála agus eile	82.3	196.4	56.1	-	-	334.8

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais ar lean

34. Bainistíocht riosca árachais

Toimhdí agus íogaireachtaí

Tá na rioscaí a bhaineann leis na conarthaí árachais sláinte faoi réir athróga éagsúla. Úsáideann Bord Vhi teicnící difriúla staitistiúla agus aachtúireachta bunaithe ar thaithí ar fhorbairt éileamh roimhe seo. Áirítear leis sin táscairí ar nós meánchostas éileamh, líon deiridh éileamh agus cóimheasa caillteanais measta. Is iad na príomh-mhodhanna a úsáideann Bord Vhi chun dliteanais a mheas:

- i. dréimire slabhra;
- ii. cóimheas caillteanais measta;
- iii. meánchostas in aghaidh an éilimh; agus
- iv. Bornhuetter-Ferguson.

Déantar toimhdí stuama ionas go mbeidh an soláthar leordhóthanach i ndroch-chúinsí is féidir a thuar go réasúnta.

Measann Bord Vhi gur leor an dliteanas d'éilimh árachais sláinte a aithnítear sa chlár comhardaithe. Ach beidh difríochtaí idir an taithí aachtúireach agus an toradh tuartha.

Leagtar amach roinnt torthaí ar thástáil íogaireachta thíos, rud a léiríonn an tionchar ar bharrachas roimh cháin agus cothromas scairshealbhóirí. I gcás gach íogaireachta, léirítear an tionchar a bheadh ag athrú ar thoisc amháin, agus ní athraítear na toimhdí eile.

	Barrachas roimh cháin		Cothromas scairshealbhóra	
	2021 €m	2020 €m	2021 €m	2020 €m
Méadú 5% ar chóimheasa caillteanais	(79.6)	(75.5)	(69.7)	(66.1)
Laghdú 5% ar chóimheasa caillteanais	79.6	75.5	69.7	66.1

Níor athraigh modh Bhord Vhi chun íogaireacht a thástáil ón mbliain airgeadais roimhe sin.

34. Níor athraigh modh Bhord Vhi chun íogaireacht a thástáil ón mbliain airgeadais roimhe sin.

Táblaí forbartha éileamh

Léirítear sna táblaí seo a leanas forbairt na n-éileamh thar thréimhse ama ar bhonn comhlán agus glan ar athárachas araon. Léirítear sa leath uachtair den tábla an chaoi a bhforbraítear na meastacháin ar éilimh iomlána le haghaidh gach bliana timpistí le himeacht ama. Réitíonn an leath íochtair den tábla na héilimh charnacha leis an tsuim atá sa chlár comhardaithe.

Léirítear sna táblaí thíos an fhaisnéis le haghaidh 2014 go 2021 amháin, toisc nach bhfuil faisnéis a bhaineann leis na blianta roimhe sin ar fáil de bharr athruithe ar an mbunmhodheolaíocht sa phróiseas cúlchistithe.

Anailís ar fhorbairt éileamh

	2014 €'m	2015 €'m	2016 €'m	2017 €'m	2018 €'m	2019 €'m	2020 €'m	2021 €'m	Iomlán €'m
Meastachán comhlán ar éilimh dheiridh:									
Deireadh na bliana timpistí	1,478.7	1,461.1	1,488.0	1,492.5	1,439.5	1,487.1	1,183.0	1,392.9	
Bliain níos deireanaí	1,326.1	1,334.6	1,365.5	1,338.1	1,337.2	1,407.7	1,086.3		
Dhá bhliain níos deireanaí	1,304.4	1,307.3	1,340.4	1,312.8	1,323.2	1,393.0			
Trí bliana níos deireanaí	1,296.6	1,295.9	1,331.8	1,309.0	1,316.7				
Ceithre bliana níos deireanaí	1,290.4	1,290.5	1,330.6	1,305.9					
Cúig bliana níos deireanaí	1,286.2	1,289.4	1,328.4						
Sé bliana níos deireanaí	1,282.4	1,285.1							
Seacht mbliana níos deireanaí	1,279.9								
Meastachán reatha ar éilimh dheiridh	1,279.9	1,285.1	1,328.4	1,305.9	1,316.7	1,393.0	1,086.3	1,392.9	
Íocaíochtaí carnacha	1,278.4	1,282.5	1,317.2	1,296.2	1,312.4	1,377.3	1,050.7	1,073.2	
Sa chlár comhardaithe	1.5	2.6	11.2	9.7	4.3	15.7	35.6	319.7	400.3
Soláthar le haghaidh blianta timpistí roimhe sin (2014 agus roimhe sin)									1.1
Dliteanas sa chlár comhardaithe									401.4

Anailís ar fhorbairt éileamh – glan ar Athárachas

	2014 €'m	2015 €'m	2016 €'m	2017 €'m	2018 €'m	2019 €'m	2020 €'m	2021 €'m	Iomlán €'m
Meastachán ar éilimh dheiridh:									
Deireadh na bliana timpistí	605.9	1,028.6	1,047.4	1,051.7	1,439.5	1,487.1	1,183.0	1,392.9	
Bliain níos deireanaí	532.7	935.1	956.9	937.6	1,337.2	1,407.7	1,086.3		
Dhá bhliain níos deireanaí	522.6	915.5	938.6	919.1	1,323.2	1,393.0			
Trí bliana níos deireanaí	519.2	907.3	932.4	916.4	1,316.7				
Ceithre bliana níos deireanaí	516.5	903.4	931.6	914.2					
Cúig bliana níos deireanaí	514.6	902.6	930.0						
Sé bliana níos deireanaí	513.0	899.6							
Seacht mbliana níos deireanaí	512.0								
Meastachán reatha ar éilimh dheiridh	512.0	899.6	930.0	914.2	1,316.7	1,393.0	1,086.3	1,392.9	
Íocaíochtaí carnacha	511.3	897.7	922.0	907.4	1,312.4	1,377.3	1,050.7	1,073.2	
Sa chlár comhardaithe	0.7	1.9	8.0	6.8	4.3	15.7	35.6	319.7	392.7
Soláthar le haghaidh blianta timpistí roimhe sin (2014 agus roimhe sin)									0.0
Dliteanas sa chlár comhardaithe									392.7

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais ar lean

35. Gnóthais fochuideachtaí

Is é Bord Vhi máthair Vhi Group DAC agus máthair dheiridh Vhi Insurance DAC, Vhi Healthcare DAC, Vhi Group Services DAC, Vhi Health and Wellbeing Holdings DAC, Vhi Health and Wellbeing DAC, Vhi Occupational Health DAC, Vhi Abbey DAC, Vhi Portfolio DAC, Vhi Health Services DAC, Vhi Cumhdach DAC agus Áras Sláinte Limited (ASL) amhail an 31 Nollaig 2021.

Is é Vhi Group DAC an chuideachta sealbhaíochta do chuideachtaí Ghrúpa Vhi agus tá 100% de na scaireanna in Vhi Group DAC ag Bord Vhi. Tá 100% de scaireanna Vhi Insurance DAC, Vhi Healthcare DAC, Vhi Group Services DAC agus Vhi Health and Wellbeing Holdings DAC ag Vhi Group DAC. Is fochuideachtaí 100% de chuid Vhi Health and Wellbeing Holdings DAC iad na fochuideachtaí eile sa tábla thíos. Is cuideachtaí atá cláraithe in Éirinn iad Vhi Group DAC agus Vhi Health and Wellbeing Holdings DAC agus is é a seoladh cláraithe ná Teach Vhi, 20 Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.

Fochuideachtaí	Tír an Chorpraithe	Seoladh Cláraithe	Cineál Gnó	Sealúchas Vhi Group DAC (go díreach nó go hindíreach)	%
Vhi Insurance DAC	Éire	Teach Vhi, 20 Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1	Árachas	€5,000,000	100
Vhi Healthcare DAC	Éire	Teach Vhi, 20 Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1	Idirghabhálaí Miondíola	€1	100
Vhi Group Services DAC	Éire	Teach Vhi, 20 Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1	Seirbhísí Comhroinnte	€1	100
Vhi Health and Wellbeing Holdings DAC	Éire	Teach Vhi, 20 Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1	Cuideachta sealbhaíochta	€1,577,966	100
Vhi Health agus Wellbeing DAC (Vhi Investments DAC roimhe seo)	Éire	Páirc Oifigí Waverly, Seanbhothar an Náis, Baile Átha Cliath 12	Soláthar seirbhísí sláinte agus clinicí le haghaidh mionghortuithe	€1	100
Vhi Portfolio DAC	Éire	Teach Vhi, 20 Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1	Gníomhaíochtaí cíosa réadmhaoine	€1	100
Vhi Occupational Health DAC	Éire	Teach Vhi, 20 Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1	Earcaíocht agus seirbhísí sláinte ceirde	€1	100
Vhi Abbey DAC	Éire	Teach Vhi, 20 Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1	Seirbhísí forbartha réadmhaoine	€1	100
Vhi Health Services DAC	Éire	Teach Vhi, 20 Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1	Ní dhearna trádáil le linn 2021	€700	100
Vhi Cumhdach DAC	Éire	Teach Vhi, 20 Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1	Ní dhearna trádáil le linn 2021	€1	100
Áras Sláinte Limited	Éire	Teach Vhi, 20 Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1	Á leachtú	€1	100

36. Idirbhearta le páirtithe gaolmhara

Mar aon le go leor aonáin eile, bíonn Bord Vhi ag plé i ngnáthchúrsa gnó le gníomhaireachtaí atá maoinithe ag an Rialtas, lena n-áirítear Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte trí na hospidéal phoiblí, agus le hinstiúidí airgeadais faoi úinéireacht an Rialtais. Ceapann an tAire Sláinte comhaltaí Bhord Vhi freisin. Áirítear leis na hidirbhearta le páirtithe a bhaineann leis an Rialtas, dá bhrí sin, éilimh agus íocaíochtaí speansais agus cánachais eile, baincéireacht agus idirbhearta infheistíochta. Ní nochtar sonraí idirbheart dá leithéid ar leithligh mar gurb é tuairim an Bhoird nach faisnéis í a bheadh úsáideach do léitheoirí na ráiteas airgeadais.

Leasanna na gComhaltaí Boird agus an Rúnaí

Ní raibh aon leas tairbhiúil ag na Comhaltaí Boird sa Bhord Árachais Sláinte Shaorálaigh ná ina chuid fochuideachtaí ag am ar bith i rith na bliana. Tá sonraí faoi leasanna i bhfoghnothais le fáil i nóta 35.

B'ionann luach saothair iomlán phríomhfhoireann bainistíochta Bhord Vhi don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus €3.6m (2020: €2.9m), a gcuimsíonn an luach saothair a nochtar i Nóta 8 €1.5m (2020: €1.3m).

Idirbhearta ionghrúpa

Tá roinnt idirbhearta ionghrúpa laistigh de Ghrúpa Vhi a ndéantar cur síos orthu thíos:

- Is é Bord Vhi riarthóir chiste pinsean Ghrúpa Vhi agus, dá réir, bíonn idirbhearta ionghrúpa aige i dtaobh an chiste pinsean le Vhi Group Services DAC, Vhi Insurance DAC, Vhi Healthcare DAC agus Vhi Health and Wellbeing DAC. Ní raibh aon iarmhéideanna gan íoc i ráitis airgeadais Bhord Vhi amhail an 31 Nollaig 2021.
- Is é Vhi Group DAC an chuideachta sealbhaíochta le haghaidh Ghrúpa Vhi. Tá comhaontú le haghaidh iasachtaí ionghrúpa i bhfeidhm ag Vhi Group DAC le Vhi Group Services DAC, Vhi Abbey DAC, Vhi Portfolio DAC agus Vhi Health and Wellbeing Holdings DAC.
- Tá comhaontú le haghaidh iasacht ionghrúpa i bhfeidhm ag Vhi Health and Wellbeing Holdings DAC le Vhi Health and Wellbeing DAC.
- Tá Vhi Insurance DAC údaraithe ag an mBanc chun táirgí árachas neamhshaoil faofa a dhíol le haghaidh aicmí sonracha gnó. Tá comhaontú gníomhaireachta i bhfeidhm ag Vhi Insurance DAC le Vhi Healthcare DAC (arna rialú mar Idirghabhálaí Miondíola ag an mBanc) chun a pholasaithe a dhíol agus a riar.
- Cuireann Vhi Health and Wellbeing DAC seirbhísí iondoirte baile agus seirbhísí gaolmhara ar fáil. Cuireann Vhi Health and Wellbeing DAC seirbhísí ar fáil do chuideachtaí eile ghrúpa Vhi. Is le Vhi Health & Wellbeing DAC freisin an líne ghnó a thrádálann mar Vhi SwiftCare. Is do bhaill Vhi Insurance DAC, agus dóibh sin amháin, a chuireann clinicí Vhi SwiftCare agus Vhi 360 Health Centre seirbhísí ar fáil.
- Is soláthraí seirbhíse roinnte é Vhi Group Services DAC le haghaidh chuideachtaí ghrúpa Vhi agus dá réir bíonn idirbhearta aige le haonáin eile i ngrúpa Vhi.
- Cuireann Vhi Occupational Health DAC seirbhísí earcaíochta ar fáil do Vhi Health and Wellbeing DAC.
- Cuireann Vhi Abbey DAC seirbhísí forbartha réadmhaoine ar fáil do chuideachtaí eile de chuid an ghrúpa.

37. Iar-theagmhais

Rinne rinne an Rúis ionradh ar an Úcráin i mí Feabhra 2022. Ní féidir na hiarmhairtí meántéarmacha agus fadtéarmacha ar chobhsaíocht agus ar thrádáil dhomhanda a mheas go fóill. Leanfaidh Vhi d'fhaireachán a dhéanamh ar chúinsí agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige seo ar a oibríochtaí agus ar a phunann infheistíochtaí, agus gníomh réitigh a dhéanamh mar is cuí. Níor tharla aon iar-theagmhas suntasach eile a d'imir tionchar ar Bhord Vhi ná ar aon fhochuideachta dá chuid ó dháta an chlár chomhardaithe.

38. Cásanna dlí

Tá Bord Vhi sásta nach bhfuil aon chásanna dlí ábhartha ar feitheamh

39. Ráitis airgeadais a fhaomhadh


D'fhaomh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais seo an 30 Márta 2022.

Bainistíocht Fuinnimh agus Inbhuanaitheacht

In 2021 d'ídigh Vhi Healthcare 5,640,431kWh fuinnimh, lena gcuimsítear:


3,775,265kWh leictreachais

Cuimsítear iad seo a leanas i measc na bpríomhúsáideoirí fuinnimh, mar aon leis an miondealú measta ar ídiú leictreachais de réir céatadáin:



1,865,166kWh de bhreosla iontaise (gás nádúrtha)

Ar na príomhnithe a d'úsáid gás nádúrtha, mar aon leis an miondealú measta ar an ídiú de réir céatadáin:



Seo cuid de na gníomhartha ar tugadh fúthu in 2021:

- An clár bainistíochta fuinnimh a fhorbairt.
- Feabhas a chur ar na straitéisí rialála córais maidir le bainistíocht fuinnimh i bhfoirgnimh i dtaca le gléasra téimh, aeraithe agus aerchóirithe.
- Soilsiú LED a uasghrádú.

- De thoradh bearta spárála fuinnimh ar tugadh fúthu in 2021, in éineacht le bearta um chaomhnú fuinnimh atá ann cheana:
- meastar gur spárladh 244,780kWh fuinnimh san iomlán ar bhonn bliantúlaithe, agus
 - gur laghdaíodh an tionchar atá ag úsáid fuinnimh ar an gcomhshaol de 66,420kg CO₂.

Seo cuid de na gníomhaíochtaí atá beartaithe don bhliain 2022:


- **Clár Bainistíochta Fuinnimh agus Straitéis Dícharbónaithe**
Leanfaidh Vhi lena chlár bainistíochta fuinnimh agus a straitéis dícharbónaithe a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar spriocanna na bliana 2030 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus astaíochtaí carbóin.
- **Monatóireacht agus Spriocaimsiú Fuinnimh**
An córas monatóireachta agus spriocaimsithe fuinnimh a fhorbairt chun tacú leis an gclár bainistíochta fuinnimh agus dícharbónaithe.

- **Fuinneamh In-athnuaite**
Tionscadail fuinnimh in-athnuaite a chur chun feidhme, lena n-áirítear córais fhótavoltacha gréine.
- **Téamh, Aerú agus Aerchóiriú**
Barrfheabhsú a dhéanamh ar straitéisí rialála córais maidir le bainistíocht fuinnimh i bhfoirgnimh i dtaca le gléasra téimh, aeraithe agus aerchóirithe.
- **Soilsiú LED**
Leanúint ar aghaidh ag cur soilse LED in ionad na soilse fluaraiseacha

Faoi Phlean Gníomhaithe an Rialtais ar son na hAeráide (Samhain 2021), cuirtear de cheangal ar an earnáil phoiblí, lena n-áirítear comhlachtaí leathstáit, laghdú 51% ar a laghad a bhaint amach ar astaíochtaí coibhéise dé-ocsaíde carbóin (coibhéis CO₂) faoi 2030 agus feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach faoi 2030.

Tá ceanglas ar gach comhlacht poiblí, comhlachtaí leathstáit san áireamh, sonraí fuinnimh mionsonraithe a thuairisciú ar bhonn bliantúil ar an gCóras Monatóireachta agus Tuairiscithe ar líne d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, agus úsáidtear é sin lena rianú cén dul chun cinn atá á dhéanamh acu i dtreo sprioc na bliana 2030 a bhaint amach. Ar bhonn na Monatóireachta agus Tuairiscithe Fuinnimh a rinne SEAI i leith na bliana 2020, tá feabhas 41.5 % tagtha ar éifeachtúlacht fuinnimh Vhi i gcomparáid leis an mbonnlíne (2009). Ar bhonn na huirlise samhaltaithe atá ag SEAI chun anailís a dhéanamh ar an tuairisciú agus monatóireacht ar an méid atá fós le baint amach faoi 2030, ní mór do Vhi laghdú 253,412 kg de choibhéis CO₂ a bhaint amach i leith gáis ceaptha teasa chun an sprioc a bhaint amach i ndáil le laghdú astaíochtaí.

Rinneadh samhaltú i leith 2030 le dícharbónú ar thaobh an tsoláthair ar an eangach



Tá Creat um Ghníomhú ar son na hAeráide deartha ag an Údarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (NewERA) do chomhlachtaí leathstáit tráchtála, lena léirítear an ról eiseamláireach atá le bheith acu sa dícharbónú. Tá cúig ghealltanas ó chuideachtaí sa chreat sin i ndáil lena gcuipóirí i leith an ghníomhaithe ar son na haeráide.

Tríd an gcreat a ghlacadh, geallfaidh Vhi cloí le gach ceann acu sin, mar seo a leanas:

- Cuspóirí an Ghníomhaithe ar son na hAeráide a Rialú**
 Déanfar cuspóirí na cuideachta i dtaobh an ghníomhaithe ar son na haeráide a chomhtháthú sa phleanáil straitéiseach gnó agus déanfar maoirseacht orthu ar leibhéal an Bhoird, lena n-áirítear tuairisciú don Aire ábhartha.
- Sprioc maidir le Laghdú agus Tomhas Astaíochtaí**
 foirmiúil sprioc an rialtais don earnáil phoiblí maidir le laghdú astaíochtaí agus an mhodheolaíocht tomhais atá ag SEAI.
- Astaíochtaí a Thomhas agus a Luacháil i mBreithmheasanna Infheistíochta**
 Déanfaidh an chuideachta luach na n-astaíochtaí a mheas mar chuid dá próiseas cinnteoireachta i dtaobh na hinfeistíochta.
- Geilleagar Ciorclach agus Soláthar Glas**
 Cuirfidh an chuideachta chun cinn soláthar glas agus bearta i ndáil leis an ngeilleagar ciorclach.
- Nochtuithe a Bhaineann le Cúrsaí Aeráide i Ráitis Airgeadais**
 Sainithneoidh an chuideachta creat um nochtadh airgeadais a bhaineann leis an aeráid, ar ceann é atá ábhartha agus oiriúnach do ghníomhaíochtaí agus d'earnáil nó earnálacha na cuideachta. Beidh an creat sin faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil.

Sonraí na Cuideachta

Eolas teagmhála

Teileafón +353 56 444 4444	Línte ar Oscailt 8am–7pm Luan-Aoine 9am–3pm Satharn	R-phost/Láithreán gréasáin info@vhi.ie www.vhi.ie
--------------------------------------	--	--

PointíTadhaill Digiteacha

Aip Cuntóir Leighis Digiteach Vhi	www.vhi.ie	MyVhi.ie
--	-------------------	-----------------

Oifigí Brainse

Baile Átha Cliath/Seoladh Cláraithe Teach Vhi Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1	Corcaigh Teach Vhi 70 An Meal Theas Corcaigh	Cill Chainnigh Páirc Ghnó IDA Inse an Phuirséalaigh Bóthar Bhaile Átha Cliath Cill Chainnigh
---	--	---

Oifigí Riaracháin

Gaillimh Aonad 10 & 11 Tornóg, Bóthar Áth Chinn, Gaillimh	Dún na nGall Páirc Ghnó Údarás na Gaeltachta, Gaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall	Luimneach 7ú hUrlár, Riverpoint Cé an Easpaig, Luimneach
---	--	--

Cleachtais Chliniciúla Vhi

Ionad Sláinte Vhi 360 Áras Hampstead, Páirc Charraig Mhaighin, Baile Átha Cliath 18, D18 R6HX	Ionad Sláinte Vhi 360 Teach Gheata na Cathrach, Páirc Ghnó Raheen, Luimneach, V94 H9YE	Clinicí Vhi SwiftCare Teach Columba, Páirc Miondiolaíochta Thaobh an Aerfoirt, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath, K67 R2Y9	Clinicí Vhi SwiftCare Citygate, Machain, Corcaigh, T12 W7CV
Ionad Scagthástála Leighis Vhi Citygate, Machain, Corcaigh, T12 W7CV	Ionad Scagthástála Leighis Vhi Teach Europa,Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, D02 VE22	Ionad Scagthástála Leighis Vhi Aonad 10 & 11 Tornóg, Bóthar Áth Chinn, Gaillimh, H91 E2R8	Vhi Hospital@Home Páirc Ghnó Waverly, Seanbhóthar an Náis, Baile Átha Cliath 12, D12 H340
Vhi Hospital@Home Aonad 10 & 11 Tornóg, Bóthar Áth Chinn, Gaillimh, H91 E2R8	Vhi Corporate Solutions Páirc Ghnó Waverly, Seanbhóthar an Náis, Baile Átha Cliath 12, D12 H340		

Faisnéis Chorparáideach

Baincéirí Bainc-Aontas Éireann 7–12 Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2	Dlíodóir McCann Fitzgerald Cois Abhann a hAon, Cé Sir John Rogerson, Baile Átha Cliath 2	Iníúcháirí neamhspleácha Deloitte Ireland LLP Cuntasóirí Cairte agus Iníúcháirí Cláraithe, 29 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2
--	---	--